AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.5.2016
COM(2016) 272 final

2016/0132 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bunú “Eurodac” chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinnte ar cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] Ö , chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint Õ agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Bunaíodh EURODAC le Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid d'fhonn Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach[1]. I Meitheamh na bliana 2013[2], ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa an chéad leagan den togra athmhúnlaithe maidir le Rialachán EURODAC a leasú, lenar cuireadh le feidhmiúlacht EURODAC agus lenar leagadh síos coinníollach maidir le rochtain forghníomhaithe dlí faoi dhianchoinníollacha chun ciona sceimhlitheoireachta agus coireanna tromchúiseacha a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Ó bunaíodh é, is maith mar a d'fhóin EURODAC chun fianaise mhéarlorg a sholáthar chun cúnamh a thabhairt lena chinneadh cén Ballstát atá freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar iarratais tearmainn san Aontas Eorpach. Ba é ba phríomhchuspóir dó i gcónaí fónamh d'fhorghníomhú Rialachán (AE) Uimh. 604/2013[3] ("Rialachán Bhaile Átha Cliath" feasta). 'Córas Bhaile Átha Cliath' a ghairtear go coitianta den dá ionstraim seo le chéile.

Nuair a dhonaigh ar ghéarchéim na himirce agus na ndídeanaithe in 2015, cuireadh thar a n-acmhainn cuid de na Ballstáit agus iad ag iarraidh méarloirg a thógáil uatha siúd ar fad a bhí ag teacht isteach san Aontas go neamhrialta ag na teorainneacha seachtracha, agus a choinnigh orthu ar idirthuras isteach trí chríoch an Aontais ar a mbealach chuig an gceann cúrsa ba chéadrogha leo. Más ea, níor thóg cuid de na Ballstáit méarloirg mar atá leagtha síos sa Rialachán EURODAC atá ann faoi láthair. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún, an 13 Bealtaine 2015, dar teideal "A European Agenda on Migration"[4] [Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce] dúradh: "*Member States must also implement fully the rules on taking migrants' fingerprints at the borders*" [Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit na rialacha maidir le méarloirg a thógáil ó imircigh ag na teorainneacha a chur i bhfeidhm go hiomlán.]. Spreag an méid seo an Coimisiún le treoir a mholadh i mí na Bealtaine 2015 chun éascú a dhéanamh ar thógáil chórasach méarlorg, agus lán-urraim á tabhairt do chearta bunúsacha, agus an comhar praiticiúil agus malartú an dea-chleachtais de thaca leis sin[5]. Anuas air sin, rinne an Coimisiún a mharana ar úsáid a bhaint as sainaitheantóirí bithmhéadracha eile a d'fhéadfaí a úsáid le EURODAC, amhail aghaidh-aithint agus íomhánna digiteacha a chruinniú mar chúnamh do chuid de na Ballstáit agus iad ag iarraidh méarloirg a thógáil chun críocha EURODAC.

Le linn na tréimhse céanna sin, chonacthas do na Ballstáit sin nach bhfuil suite ar na teorainneacha seachtracha gur ag méadú a bhí an gá a bhí ann le faisnéis a stóráil agus a chóimheas faoi imircigh neamhrialta a bhí ag fanacht go mídhleathach ar chríocha na mBallstát, go háirithe i gcás nár iarr siad tearmann. Dá bharr sin, tá na mílte imirceach faoi cheilt fós san Eoraip, agus na mílte mionaoiseach gan tionlacan ina measc. Fágann sin gur féidir leo gluaiseachtaí tánaisteacha agus fanacht neamhdhleathach a dhéanamh gan stró laistigh den Aontas Eorpach. Ba léir nár mhór céimeanna suntasacha a thabhairt chun dul i

---

1 IO L 062, 05.03.2002, lch. 1
2 IO L 180, 29.6.2013, lch. 1
3 IO L 180, 29.6.2013, lch. 31
4 COM(2015) 240 final, 13.5.2015
5 Doiciméad Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Rialacháin Eurodac i dtaca leis an gceanglas méarloirg a thógáil, COM(2015) 150 final, 27.5.2015.

ngleic leis an imirce neamhrialta laistigh den Aontais chomh maith leis an imirce isteach san Aontas.

Trí bhíthin thogra an Choimisiúin lenar bunaíodh Córas Dul Isteach/Imeachta chun sonraí a chlárú faoi dhul isteach agus imeacht náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh agus dá ndeonaítear víosa ghearrfhanachta chun dul isteach san Aontas, beidh na Ballstáit in ann náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a bhrath in ainneoin gur go dleathach a tháinig siad isteach san Aontas[6]. Ach níl aon chóras ann lenar féidir náisiúnaigh tríú tír a fhanann go mídhleathach agus a tháinig isteach go neamhrialta ag na teorainneacha seachtracha a bhrath. Ní féidir leis an gcóras EURODAC reatha - an bunachar sonraí is oiriúnaí ina n-óstálfaí an fhaisnéis seo - a aithint an ndearnadh iarratas ar thearmann i mBallstát amháin nó níos mó.

An 6 Aibreán 2016, sa Teachtaireacht aige "*Towards a reform of the Common European Asylum System and enhancing legal avenues to Europe*"[7] [*I dtreo athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus roghanna dlíthiúla chun an Eoraip a fheabhsú*], mheas an Coimisiún gur den chéad tábhacht Rialachán Bhaile Átha Cliath a leasú agus córas inbhuanaithe agus cóir a bhunú d'fhonn an Ballstát sin a bheidh freagrach as iarrthóirí tearmainn a aithint. D'áiritheofaí le sásra ceartaitheach leithdháileacháin ardleibhéal dlúthpháirtíochta agus cóir-roinnt na freagrachta i measc na mBallstát. Mar chuid de sin, mheas an Coimisiún gur cheart EURODAC a threisiú d'fhonn na hathruithe a cuireadh ar shásra Bhaile Átha Cliath a léiriú agus d'fhonn a áirithiú go leanfadh sé de bheith ag soláthar na fianaise mhéarlorg is gá chun feidhmiú. Measadh freisin go bhféadfadh EURODAC cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na himirce neamhrialta trí shonraí méarlorg a stóráil i dtaca le gach catagóir agus trí chomparáidí a éascú leis na sonraí go léir atá stóráilte chun na críche sin.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra seo an Rialachán EURODAC reatha (AE) Uimh. 603/2013, agus leathnaítear a raon d'fhonn náisiúnaigh tríú tír a fhanann go neamhdhleathach, maille leo siúd a tháinig isteach san Aontas Eorpach go neamhrialta ag na teorainneacha seachtracha, a shainaithint, agus d'fhonn an fhaisnéis sin a úsáid chun cuidiú le Ballstát náisiúnach tríú tír a athdhoiciméadú chun críocha fillte.

Chuideodh sé feabhas a chur ar éifeachtúlacht bheartas um fhilleadh an Aontais Eorpaigh, go háirithe i dtaca le himircigh neamhrialta a fhéachann leis an tsainaithint a sheachaint go meabhlach agus an t-athdhoiciméadú a shárú, dá bhféadfaí náisiúnaigh tríú tír a fhanann go neamhdhleathach nó daoine atá gan stát a shainaithint trí úsáid a bhaint as sonraí bithmhéadracha. Ach sonraí agus faisnéis a bheith ar fáil faoi náisiúnaigh tríú tír atá gan sainaithint nó atá gan údar dlíthiúil a bheith san Aontas Eorpach agus a nglactar a méarloirg i mBallstát eile, chuirfí dlús leis na nósanna imeachta a bhaineann le sainaithint agus athdhoiciméadú a dhéanamh ar náisiúnaigh neamhdhleathacha tríú tír a ghabhtar i mBallstát eile (inar tógadh méarloirg uatha). Chuideodh seo leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise aitheantais, agus le tréimhse na nósanna imeachta riachtanacha um fhilleadh agus athligean isteach a ghiorrú, lena n-áirítear an tréimhse ar ceadmhach imircigh neamhrialta a bheith faoi choinneáil riaracháin agus iad ag fanacht lena gcur ar ais. D'fhágfadh seo go bhféadfaí an tír as ar tháinig na himircigh neamhrialta a aithint agus gurbh fhusaide iad a athligean isteach sna tíortha sin. Ina theannta sin, trí fhaisnéis a sholáthar faoi ghluaiseachtaí imirceach neamhrialta

[6] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011

[7] COM(2016) 197 final.

laistigh den Aontas Eorpach, d'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta, agus oibríochtaí fillte agus athligean isteach idir lámha acu, measúnú aonair níos cruinne a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le cás na n-imirceach neamhrialta – an baol go n-éalóidís, mar shampla, agus mar sin de.

Ní fhacthas riamh ar tháinig de leanaí, idir dhídeanaithe agus imircigh, go dtí an Eoraip in 2015. Bhí deacracht mhór ag na Ballstáit uimhreacha cruinne a chur ar líon na leanaí gan tionlacan agus ar líon na leanaí a scaradh óna dtuismitheoirí ó tharla gur mhinic nárbh fhéidir leis na nósanna imeachta foirmiúla clárúcháin i gcuid de na Ballstáit a leithéidí a aithint agus na leanaí ag trasnú na dteorainneacha. I ngeall ar ghéarchéim leanúnach seo na n-imirceach agus na ndídeanaithe, tá comhaltaí de chuid Pharlaimint na hEorpa, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus Ballstáit tar éis ceisteanna móra a chur i dtaobh cé mar is fearr leanaí gan tionlacan a choimirciú agus a chosaint. Ábhar eile imní a d'eascair as an ngéarchéim seo is ea cosaint na leanaí seo, go háirithe leanaí as an tríú tír, mar aon le leanaí atá ar iarraidh[8].

Go stairiúil, is gnás le EURODAC méarloirg a thógáil ó mhionaoisigh a bhfuil na ceithre bliana déag nó níos mó slán acu. Fágann seo gur féidir mionaoiseach gan tionlacan a aithint a luaithe a dhéantar iarratas tearmainn laistigh den Aontas Eorpach. Ach ó tharla gur cosúil gur ag méadú atá líon na mionaoiseach is óige ná ceithre bliana déag atáthar a smuigleáil chun an Aontais agus laistigh de, dhealródh sé gur géire an gá atá le sonraí bithmhéadracha a bhailiú chun críocha EURODAC ó leanaí is óige ná sin chun gur fusa na daoine sin a shainaithint agus féachaint an gcuideodh an fhaisnéis sin le gaoil fola nó ceangail le caomhnóir i mBallstát eile a aimsiú.

Bailíonn cuid mhór de na Ballstáit sonraí bithmhéadracha ó mhionaoisigh is óige ná ceithre bliana déag chun críocha víosaí, pasanna, ceadanna cónaithe bithmhéadracha agus rialú na himirce i gcoitinne. Tá sé beartaithe freisin, dá réir sin, gur cheart méarloirg a thógáil do EURODAC ó mhionaoisigh a bhfuil na sé bliana slán acu, nuair is féidir; sin í an aois ag ar féidir, de réir lucht taighde, leanaí a aithint ar a méarloirg ar leibhéal sásta cruinnis.

Beidh sé riachtanach freisin faisnéis a stóráil faoi náisiúnaigh tríú tír a fhanann go neamhdhleathach agus fúthu siúd a ghabhtar ag teorainn sheachtrach agus iad ag dul isteach san Aontas Eorpach go neamhrialta agus ar feadh achar ama is faide ná mar atá ceadaithe faoi láthair. Tréimhse nach faide ná ocht mí dhéag an tréimhse stórála is faide is ceadmhach faoin Rialachán atá ann faoi láthair ina gcás siúd a ghabhtar ag an teorainn sheachtrach. Ní choimeádtar aon sonraí ina dtaobh siúd a fhanann go neamhdhleathach i gceann de na Ballstáit. Is é is cúis leis sin nach cás leis an Rialachán EURODAC atá ann faoi láthair faisnéis a stóráil faoi imircigh neamhrialta ar feadh tréimhse is faide ná mar is gá chun a dhéanamh amach cén chéad tír trína ndeachaigh siad isteach san Aontas faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath i gcás ina bhfuil iarratas tearmainn déanta ag an imirceach sa dara Ballstát. I bhfianaise an leathnaithe ar an raon feidhme atá á thabhairt do EURODAC chun críocha níos leithne imirce, ní mór na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse is faide ionas gur féidir faireachán a dhéanamh ar na gluaiseachtaí tánaisteacha go leordhóthanach laistigh den Aontas Eorpach, go háirithe i gcás ina ndéanann imirceach neamhrialta a mhíle dícheall fanacht gan bhrath san Aontas. Meastar gur leor tréimhse cúig bhliana chun na gcríoch sin. Tugtar, mar sin, an tréimhse coimeádta sonraí i gcomhréir le bunachair shonraí eile de chuid an Aontais

[8] An Coiste um Shaoirí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, Díospóireacht an Chruinnithe Coiste "Fate of 10,000 missing refugee children", [*Ar tharla do 10,000 dídeanaí linbh atá ar iarraidh*] 21.04.2016

Eorpaigh i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile (CGB) agus leis an tréimhse is ceadmhach toirmeasc iontrála a fhorchur ar imirceach neamhrialta faoin Treoir um Fhilleadh[9].

Ceadaítear freisin, leis an togra seo, faisnéis a roinnt leis an tríú tír faoi chéannacht imircigh neamhrialta más gá sin chun críocha fillte amháin. I gcás ina bhfuil náisiúnach neamhrialta tríú tír á athligean isteach ina thír thionscnaimh agus athdhoiciméadú le déanamh air dá réir, ní mór faisnéis a roinnt le húdaráis na tíre sin nuair is gá doiciméad taistil a fháil. Ar an ábhar sin, ceadaítear leis an togra seo sonraí a roinnt ar an mbonn sin thuas agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí. Leagtar amach diantoirmeasc ar aon fhaisnéis a roinnt a thabharfadh le fios go bhfuil iarratas tearmainn déanta ag duine laistigh den Aontas más amhlaidh go bhféadfadh an méid sin sábháilteacht an iarrthóra ar diúltaíodh dá iarratas a chur i mbaol nó a chearta bunúsacha a shárú.

Tá sé beartaithe freisin go mbaileoidh na Ballstáit sonra bithmhéadrach breise, eadhon íomhá aghaidhe, lena stóráil sa Lárchóras maille le sonraí pearsanta eile d'fhonn an gá atá le bonneagar breise cumarsáide a chruthú idir na Ballstáit chun faisnéis a roinnt idir na Ballstáit faoi imircigh neamhrialta nach ndearna aon iarratas tearmainn. Beidh bailiú na n-íomhanna sin ina réamhtheachtaí ag an mbogearra aitheanta aghaidhe a thabharfar isteach amach anseo agus tabharfaidh sé EURODAC i gcomhréir leis na córais eile sin amhail an Córas Dul Isteach/Imeachta. I dtosach báire, ba cheart do EU-LISA staidéar a ullmhú ar bhogearra aitheanta aghaidhe d'fhonn a chruinneas agus a iontaofacht a mheasúnú sula gcuirfear an bogearra sa Lárchóras.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi "Chórais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil"[10], leagtar béim ar an riachtanas atá ann, mar chuspóir fadtréimhseach, le feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise, riachtanas a d'aithin an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle freisin. Beartaítear sa Teachtaireacht sin go mbunófaí Grúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise agus Idir-inoibritheacht féachaint a indéanta atá sé, ó thaobh an dlí agus ón taobh teicniúil de, idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise a bhaint amach i dtaca le teorainneacha agus slándáil. Tá an togra seo i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Teachtaireacht mar go mbunaítear leis EURODAC ar bhealach a cheadóidh tuilleadh den idir-inoibritheacht le córais eile faisnéise, nuair is iomchuí agus nuair is gá sin. Chuige sin, agus le cuidiú ón nGrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise agus an Idir-inoibritheacht, déanfaidh an Coimisiún a riachtanaí agus a chomhréirí atá sé idir-inoibritheacht a chur ar bun le Córais Faisnéise Schengen (SIS) agus leis na Córais Faisnéise Víosaí (VIS) a mheas. Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir leis an Teachtaireacht, scrúdóidh an Coimisiún freisin an cheist an gá an creat dlíthiúil maidir le rochtain lucht forghníomhaithe dlí ar EURODAC a athbhreithniú.

Ceadaítear fós leis an togra seo rochtain lucht forghníomhaithe dlí ar an Lárchóras agus ceadófar feasta do na húdaráis forghníomhaithe dlí agus do EUROPOL rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ar fad atá stóráilte sa chóras agus cuardaigh a dhéanamh bunaithe ar íomhá aghaidhe amach anseo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá dlúthcheangal ag an togra seo le bearta eile de chuid an Aontais agus comhlánaítear leis iad, eadhon na bearta seo:

(a) **An Comhchóras Eorpach Tearmainn** trína áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtúil Rialachán Bhaile Átha Cliath trí fhianaise mhéarlorg a úsáid mar chuidiú

[9] IO L 348, 24.12.2008, lch. 98

[10] COM(2016) 205 final

agus cinneadh á dhéanamh cén Ballstát atá freagrach as imscrúdú an iarratais tearmainn.

(b) **Beartas um Fhilleadh** éifeachtach a bheith ag an Aontas mar chuidiú agus mar chomhlánú ar an gcóras atá ag an Aontas le himircigh neamhrialta a chur ar ais. Tá sé fíor-riachtanach sin a dhéanamh d'fhonn muinín an phobail as córas tearmainn an Aontais Eorpaigh a áirithiú agus chun tacú leo siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Is i dteannta le hiarrachtaí athnuaite an Aontais cosaint a thabhairt dóibh siúd atá ina gátar a chaithfear líon na n-imirceach neamhrialta atá á gcur ar ais a mhéadú.

(c) **An tslándáil inmheánach**, ar cuireadh béim uirthi sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[11], d'fhonn cionta coiriúla tromchúiseacha agus cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trína chur ar chumas na n-údarás forghníomhaithe dlí agus Europol próiseáil a dhéanamh ar a sonraí pearsanta siúd atá faoi amhras i dtaobh gníomhartha sceimhlitheoireachta nó ciona tromchúisigh.

(d) **Foirne den Gharda Teorann agus Cósta Eorpach** i dtaca leis an bhféidearthacht, i gcás iarrthóirí tearmainn agus imircigh neamhrialta, méarloirg agus íomhánna aghaidhe a thógáil agus a tharchur chuig EURODAC ar son Ballstáit d'fhonn bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar rialú teorann seachtraí.

(e) **Cosaint Sonraí** a mhéid is gá don togra seo cosaint cearta bunúsacha a áirithiú d'fhonn saol príobháideach na ndaoine sin a bhfuil a sonraí pearsanta á bpróiseáil in EURODAC a urramú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 78(2)(e) de CFAE, lena mbunaítear critéir agus meicníochtaí lena gcinntear cén Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas tearmainn nó ar chosaint choimhdeach is bunús dlí leis an togra athmhúnlaithe seo; is é an tAirteagal sin de CFAE bunús dlí an bhuntogra (Airteagal 63(1)(a) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh). Ina theannta sin, baintear leas sa togra seo as Airteagal 79(2)(c) mar bhunús dlí i dtaca le náisiúnach neamhrialta tríú tír nó duine gan stát a shainaithint ó thaobh na himirce neamhrialta agus cónaí neamhúdaraithe, lena n-áirítear daoine atá ina gcónaí gan údarú a aistriú agus a aisdúichiú, agus as Airteagal 87(2)(a) mar bhunús dlí i dtaca le bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú faisnéise is ábhartha do chríocha forghníomhaithe an dlí. agus Airteagal 88(2)(a) is bunús dlí dó i dtaca le réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol lena n-áirítear bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú faisnéise.

- **Geoiméadracht athraitheach**

Tá an Ríocht Aontaithe agus Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ón gComhairle ar a fhógairt dóibh gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin sin ar bhonn an Phrótacail thuasluaite.

I gcomhréir le Prótacal 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, féadfaidh an dá Bhallstát sin a chinneadh gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo. Beidh an rogha sin acu freisin ar ghlacadh an togra dóibh.

[11] COM(2015) 185 final.

Faoin bPrótacal ar sheasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart de bhun Theideal V de CFAE a dhéanann an Chomhairle (seachas "bearta ag cinneadh na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu agus teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu, ná ar bhearta maidir le formáid chomhionann do víosaí"). Dá bhrí sin, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ós rud é go gcuireann an Danmhairg Rialachán reatha EURODAC i bhfeidhm, tar éis di comhaontú idirnáisiúnta[12] a thabhairt i gcrích leis an Aontas Eorpach in 2006, tabharfaidh sí, i gcomhréir le hAirteagal 3 den chomhaontú sin, fógra don Choimisiún faoina cinneadh cé acu a chuirfidh sí ábhar an Rialacháin leasaithe i bhfeidhm nó nach gcuirfidh.

- Tionchar an togra ar Bhallstáit nach bhfuil san Aontas Eorpach ach atá comhlachaithe le córas Bhaile Átha Cliath.

I gcomhthráth le comhlachas roinnt Ballstát nach bhfuil san Aontas le *acquis* Schengen, thug an Comhphobal roinnt comhaontuithe i gcrích, comhaontuithe lena ndéantar na tíortha sin a chomhlachú freisin le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC:

– an comhaontú lena ndearnadh an Íoslainn agus an Iorua a chomhlachú, a tugadh chun críche in 2001[13];

– an comhaontú lena ndearnadh an Eilvéis a chomhlachú, a tugadh i gcrích an 28 Feabhra 2008[14];

– an prótacal lena ndearnadh Lichtinstéin a chomhlachú, a tugadh i gcrích an 18 Meitheamh 2011[15].

D'fhonn cearta agus oibleagáidí a chruthú idir an Danmhairg – atá comhlachaithe le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC trí chomhaontú idirnáisiúnta, mar a míníodh thuas – agus na tíortha comhlachaithe atá luaite thuas, tugadh dhá ionstraim eile i gcrích idir an tAontas agus na tíortha comhlachaithe[16].

I gcomhréir leis na trí chomhaontú thuasluaite, glacfaidh na tíortha comhlachaithe le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC agus lena fhorbairt gan aon eisceacht. Níl siad páirteach i

---

12 An comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cén stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh sa Danmhairg nó i mBallstát ar bith eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus Eurodac chun méarloirg a chur i gcomparáid le chéile d'fhonn Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm go héifeachtach (IO L 66, 8.3.2006).

13 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cén stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua (IO L 93, 3.4.2001, lch 40).

14 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cén Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis (IO L 53, 27.2.2008, lch 5).

15 Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le comhlachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cén stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis a scrúdú (IO L 160 18.6.2011 lch. 39).

16 Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cén stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis (arna thabhairt i gcrích an 24.10.2008, IO L 161, 24.06.2009, lch. 8) agus Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal, Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna taisceadh i mBallstát, san Íoslainn nó san Iorua (IO L 93, 3.4.2001).

nglacadh aon ghníomhartha a leasaíonn ná a chuireann le *acquis* Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear, mar sin, an togra seo) ach caithfidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún laistigh de thréimhse shonrach maidir lena gcinneadh ábhar an ghnímh sin a ghlacadh nó gan é a ghlacadh, a luaithe a fhormheasfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa é. I gcás nach nglacfaidh an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis nó Lichtinstéin le gníomh lena leasaítear nó lena gcuirtear le *acquis* Bhaile Átha Cliath/EURODAC, cuirfear an clásal "gilitín" i bhfeidhm agus déanfar foirceannadh ar na comhaontuithe ar leith, mura gcinneann an Comhchoiste/Coiste Measctha arna bhunú ag na comhaontuithe a mhalairt d'aon toil.

Ní chumhdaíonn raon feidhme na gcomhaontuithe comhlachais thuasluaite leis an Íoslainn, an Iorua, an Eilvéis agus Lichtinstéin ná raon feidhme an chomhaontaithe chomhthreomhair leis an Danmhairg rochtain ar EURODAC a bheith ag lucht forghníomhaithe an dlí. Dá bharr sin, a luaithe a ghlacfar an Rialachán Athmhúnlaithe seo, ní mór a áirithiú go síneofar agus go dtabharfar i gcrích comhaontuithe forlíontacha leis na Stáit Chomhlachaithe sin ar mian leo bheith páirteach.

Tá sé ráite sa togra seo nach féidir comparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg le EURODAC ach amháin i gcás ina dtagann toradh diúltach ar ais ó chuardach sna bunachair shonraí méarlorg náisiúnta agus sna Bunachair Shonraí Uathoibrithe atá ag Ballstáit eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle (Comhaontuithe Prüm). De bharr na rialach sin, aon Bhallstát nár chuir chun feidhme an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle agus nach féidir leis seiceáil Prüm a dhéanamh, ní ceadmhach dó seiceáil EURODAC a dhéanamh chun críocha fhorghníomhú an dlí. Mar an gcéanna, ní bheidh sé de chead ag aon Stát comhlachaithe nár chuir Comhaontuithe Prüm i bhfeidhm, nó nach bhfuil páirteach iontu, seiceáil EURODAC a dhéanamh.

- **Coimhdeacht**

Forbairt bhreise é an togra seo ar Rialachán Bhaile Átha Cliath agus ar bheartas imirce an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm rialacha coiteanna ar an tslí chéanna i ngach Ballstát maidir le sonraí méarlorg agus íomhá aghaidhe a thógáil i gcomhair EURODAC ó imircigh neamhrialta tríú tír. Cruthaítear sa togra seo ionstraim lena gcuirfear faisnéis ar fáil don Aontas Eorpach i dtaobh líon na náisiúnach tríú tíortha a théann isteach san Aontas Eorpach go neamhrialta agus a iarrann tearmann, rud atá ríthábhachtach agus beartais inbhuanaithe fianaisebhunaithe á gceapadh i réimse na himirce agus víosaí. Ina theannta sin, tugtar dá bhíthin rochtain ar EURODAC d'údaráis forghníomhaithe dlí. Is mithid a leithéid mar gur bealach beacht, slán agus costéifeachtúil é chun náisiúnaigh neamhrialta tríú tír, a bhfuil amhras orthu ó thaobh na sceimhlitheoireachta nó coire tromchúisí – nó a ndearnadh sceimhlitheoireacht nó coire thromchúiseach orthu féin – a shainaithint.

Beidh an togra seo ina chuidiú freisin ag na Ballstáit náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach iontu agus iad siúd a tháinig isteach san Aontas Eorpach go neamhrialta ag na teorainneacha seachtracha a shainaithint, d'fhonn an fhaisnéis sin a úsáid chun cuidiú le Ballstát náisiúnach tríú tír a athdhoiciméadú chun críocha fillte.

De dheasca na bhfadhbanna trasnáisiúnta a bhaineann le tearmann agus cosaint dídeanaithe, is maith mar atá an tAontas Eorpach in ann réitigh a mholadh faoi chuimsiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET) i dtaca leis na saincheisteanna a bhfuil cur síos orthu thuas mar fhadhbanna a bhaineann le Rialachán EURODAC.

Ní mór freisin Rialachán EURODAC a leasú chun cuspóir breise a chur leis, eadhon rochtain a cheadú chun an imirce mhídhleathach isteach san Aontas Eorpach agus gluaiseachtaí

tánaisteacha a dhéanann imircigh neamhrialta laistigh den Aontas a rialú. Ní féidir leis an mBallstát an cuspóir seo a bhaint amach mar is ceart as féin.

- **Comhréireacht**

Dearbhaítear in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach nach rachaidh gníomhaíocht de chuid an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach. Maidir leis an bhfoirm a roghnófar don ghníomhaíocht seo de chuid an Aontais Eorpaigh, ní mór bheith in ann cuspóirí an togra a ghnóthú agus a chur chun feidhme dá bíthin ar shlí atá chomh héifeachtach agus is féidir.

Is iad prionsabail na *príobháideachta sa dearadh* is bonn leis an togra seo agus tá sé comhréireach, i dtaca leis an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, sa mhéid nach n-éilítear ann tuilleadh faisnéise a bhailiú agus a stóráil ar feadh tréimhse is faide ná mar is gá chun go mbeadh an córas in ann feidhmiú agus a chuspóirí a bhaint amach. Ina theannta sin, déanfar agus cuirfear chun feidhme foráil i dtaobh gach coimirce agus gach sásra a theastaíonn chun cosaint éifeachtach a thabhairt do chearta bunúsacha taistealaithe, go háirithe i dtaca lena saol príobháideach agus lena sonraí pearsanta.

Ní bheidh aon ghá le haon phróiseas ná comhchuibhiú eile ar leibhéal an Aontais chun go n-oibreodh an córas; dá réir sin, tá an togra atá á bheartú comhréireach sa mhéid nach bhfuil aon ní ann thar a bhfuil riachtanach ó thaobh gníomhaíochta de chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán a bheidh san athmhúnlú atá á bheartú. Feabhsóidh agus treiseoidh an togra seo an córas láraithe atá ann cheana féin, córas lena gcomhoibríonn na Ballstáit le chéile; chuige sin, teastóidh struchtúr agus rialacha oibriúcháin coiteanna. Go deimhin, leagtar síos ann rialacha atá aonfhoirmeach do na Ballstáit uile maidir le rochtain ar an gcóras lena n-áirítear rochtain chun críocha forghníomhaithe an dlí. Dá thoradh sin, ní féidir ach Rialachán a roghnú mar ionstraim dlí.

3. COMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Agus an togra seo á réiteach, tharraing an Coimisiún ar an bplé rialta sin a tharla idir Comhairle na hEorpa agus Comhairle na nAirí, mar aon leis an bplé a rinneadh i bParlaimint na hEorpa i dtaobh na mbeart ba ghá chun dul i ngleic le géarchéim na himirce agus go háirithe le leasú Rialachán Bhaile Átha Cliath, a bhfuil dlúthcheangal ag EURODAC leis. Tá a mharana déanta ag an gCoimisiún freisin ar riachtanais sin na mBallstát a chonacthas le linn ghéarchéim na ndídeanaithe agus na himirce.

Go sonrach, iarradh i gConclúidí Chomhairle na hEorpa dar dáta 25-26 Meitheamh 2015 go ndéanfaí treisiú ar rialú na dteorainneacha seachtracha san Aontas d'fhonn sruth síorbhreisiúil na himirce neamhdhleathaí a chosc[17]. Ag cruinniú eile de chuid na gCeannairí Stáit nó Rialtais a tionóladh i nDeireadh Fómhair 2015, chinn an Chomhairle Eorpach nár mhór do na Ballstáit dlús a chur le cur chun feidhme na Treorach um Fhilleadh agus a áirithiú go ndéanfaí iad siúd go léir a bhí ag baint amach na dteophointí a shainaithint, a chlárú agus méarloirg a thógáil uatha, ach a áirithiú san am céanna go ndéanfaí daoine a athshuí agus a chur ar ais[18]. I Márta 2016, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an athuair go leanfaí den obair ar an

[17] EUCO 22/15, 26.06.2015
[18] EUCO 26/15, 15.10.2015

struchtúr a bheidh ar bheartas imirce an Aontais Eorpaigh amach anseo, lena n-áirítear Rialachán Bhaile Átha Cliath[19].

Ina theannta sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an gComhairleoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i dtaca leis na gnéithe nua sin den togra seo a chuimsítear sa chreat nua dlíthiúil um Chosaint Sonraí.

- **Cearta bunúsacha**

Tá tionchar ag an Rialachán atá á bheartú ar chearta bunúsacha, go háirithe ar dhínit an duine (Airteagal 1 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh); Toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe (Airteagal 5 den Chairt); an ceart chun saoirse agus slándála (Airteagal 6 den Chairt), meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt), an ceart chun tearmainn (Airteagal 18 den Chairt) agus chun cosanta i gcás aistriú, díbeartha nó eiseachaadh (Airteagal 19 den Chairt), an ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21 den Chairt), cearta an linbh (Airteagal 24 den Chairt), agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil (Airteagal 47 den Chairt).

Beidh dea-thionchar ag cur chun feidhme EURODAC ar an toirmeasc atá ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe, agus ar an gceart chun saoirse agus slándála. Beidh córas níos fearr agus níos cruinne ann chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint le sonraí bithmhéadracha agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh ina thaca leis an gcalaois aitheantais, an gháinneáil ar dhaoine (go háirithe mionaoisigh) agus an choiriúlacht trasteorann a bhrath ionas go mbeidh sin ina chuidiú don chomhrac i gcoinne na gáinneála agus na smuigleála ar dhaoine. Beidh sé ina chuidiú freisin chun slándáil na saoránach agus gach aon duine a bheidh i gcríoch an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

Cuideoidh an togra go mór le cearta an linbh a chosaint agus le hurramú shaol an teaghlaigh. Cuid mhór acu siúd a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chomh maith le náisiúnaigh tríú tír a thagann go neamhrialta go dtí an tAontas Eorpach, tugann siad leo a dteaghlach agus go mion minic leanaí óga freisin. Más féidir na leanaí seo a shainaithint le cúnamh ó mhéarloirg agus íomhánna aghaidhe, beifear in ann leanaí a shainaithint i gcásanna ina bhfuil siad scartha óna dtuismitheoirí trí dheis a thabhairt do Bhallstát fiosrú a leanúint má léirítear le meaitseáil mhéarloirg go raibh siad i mBallstát eile. Threiseodh a leithéid freisin an chosaint atá le fáil ag mionaoisigh gan tionlacan nach n-iarrann go foirmiúil an chosaint idirnáisiúnta agus a éalaíonn as institiúidí cúraim nó ó na seirbhísí sóisialta do leanaí, ar faoina gcúram a cuireadh iad.

Is le lánurraim dá gceart chun dínit an duine agus ar chearta an linbh a thógfar méarloirg na leanaí seo. Dearbhaítear an athuair leis an togra seo an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta maidir le méarloirg agus íomhá aghaidhe a thógáil i gcomhréir le cleachtas náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann agus i gcomhréir leis na coimircí atá leagtha síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Na pionóis sin a ghearrfar i gcás nach gcloítear leis an nós imeachta um méarloirg a thógáil, beidh siad i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Go háirithe, tá sé sainráite sa togra nach ceart duine a choinneáil ach amháin más gá sin de rogha dheiridh d'fhonn céannacht náisiúnaigh tríú tír a chinneadh nó a fhíorú. I dtaca le leanaí, is ceart méarloirg a thógáil ó mhionaoisigh, go

[19] EUCO 12/16, 18.03.2016

háirithe ó leanaí óga, ar bhealach leanbh-íogair agus leanbh-bhách. Áirithítear freisin, le forálacha ábhartha, nach gcuirfear smachtbhannaí riaracháin ar leanbh nuair a bhíonn bonn cirt leis an gcinneadh gan a mhéarloirg ná íomhá a aghaidhe a thógáil. I gcás ina bhfuil amhras ann faoi shaincheisteanna cosanta leanaí mar gur diúltaíodh méarloirg a thabhairt nó i gcás ina bhfuil dochar déanta do bharra na méar nó do lámha an linbh, foráiltear go gcuirfidh údaráis an Bhallstáit an leanbh faoi bhráid na n-údarás náisiúnta um chosaint leanaí.

Beidh cur chun feidhme an togra seo gan dochar do chearta an iarrthóra agus an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta, go háirithe i dtaca leis an toirmeasc ar *refoulement* i gcás aistriú, díbeartha nó eiseachadadh, lena n-áirítear cásanna ina ndéanfaí sonraí pearsanta a aistriú chuig an tríú tír.

Mar a shonraítear in Airteagal 52(1) den Chairt, ní mór aon teorannú a dhéantar ar chearta cosanta sonraí pearsanta teacht leis an gcuspóir a bhfuiltear ag díriú air agus an teorannú sin gan a dhul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach. Aithnítear freisin in Airteagal (8)2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine go bhféadfadh bonn cirt a bheith ag údarás poiblí le cur isteach ar cheart duine chun príobháideachais ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta, leis an tsábháilteacht phoiblí nó le coireacht a chosc, mar a aithnítear sa togra seo. Foráiltear leis an togra seo rochtain ar EURODAC chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú d'fhonn náisiúnaigh tríú tír a shainaithint agus na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus d'fhonn sonraí a fháil i dtaobh an aistir atá déanta acu. Áirítear freisin ceart rochtana ar shonraí nó an ceart sonraí a cheartú nó a scriosadh ar na bearta cosanta maidir le sonraí pearsanta. An teorainn sin atá leis an tréimhse coimeádta sonraí dá dtagraítear i gcaibidil 1 den mheabhrán míniúcháin seo, beidh sin ina rannchuidiú freisin i dtaca le sonraí pearsanta a urramú mar cheart bunúsach.

Foráiltear leis an togra seo rochtain ar EURODAC chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú d'fhonn náisiúnaigh tríú tír a shainaithint agus na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus d'fhonn sonraí a fháil i dtaobh a gcuid gluaiseachtaí laistigh den Aontas Eorpach. Thairis sin, ní fhéadfaidh údaráis forghníomhaithe dlí ainmnithe rochtain ar EURODAC a iarraidh ach i gcás ina mbeidh cúis réasúnta ann lena cheapadh go gcuirfeadh rochtain ar EURODAC go mór le cosc, brath nó imscrúdú an chiona chóiriúil atá i gceist, agus sa chás sin amháin. Údarás ainmnithe um fhorghníomhú dlí a fhíoróidh na hiarrataí sin d'fhonn a sheiceáil ar comhlíonadh na dianchoinníollacha i dtaobh rochtain a iarraidh ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí.

Ina theannta sin, leagtar síos sa togra dianbhearta slándála sonraí d'fhonn slándáil na sonraí pearsanta sin a phróiseáiltear a áirithiú. Bunaítear maoirseacht ag údaráis neamhspleácha um chosaint sonraí poiblí ar na gníomhaíochtaí próiseála mar aon le doiciméadú ar na cuardaigh uile a dhéantar. Luaitear freisin sa togra go mbeidh an phróiseáil a dhéanann na húdaráis forghníomhaithe dlí in EURODAC ar shonraí pearsanta, nuair a bainfear as EUROPDAC iad, agus cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile á gcosc, á mbrath nó á n-imscrúdú, nó pionóis choiriúla á ngearradh, go mbeidh sin faoi réir na Treorach nua um chosaint sonraí, an Treoir lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle. Bunaítear leis an togra seo dianrialacha rochtana ar EURODAC maille leis na bearta cosanta riachtanacha. Foráiltear ann freisin maidir le cearta rochtana, ceartaithe agus comhshásaimh an duine aonair, go háirithe an ceart leigheas breithiúnach a fháil, agus an ceart go ndéanfaí maoirseacht ar oibriúcháin phróiseála a dhéanfaidh údaráis neamhspleácha poiblí. Dá bhrí sin, tá an togra i gcomhréir iomlán leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe i dtaca leis an gceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a chosaint, agus i gcomhréir le

hAirteagal 16 CFAE, a thugann ráthaíocht do gach duine maidir leis an gceart ar shonraí pearsanta a bhaineann leo a chosaint.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Mar chuid den togra reatha, déanfar leasú teicniúil ar lárchóras EURODAC chun gur féidir comparáidí agus stóráil a dhéanamh idir agus ar na trí catagóirí sonraí. I gcás feidhmiúlachtaí breise amhail sonraí beathaisnéiseacha agus íomhá aghaidhe a stóráil, ní mór tuilleadh leasuithe a dhéanamh ar an Lárchóras.

Léirítear an t-athrú sin sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra seo.

Áirítear sa mheastachán costas gur EUR 29.872 milliún an costas a bhainfidh le huasghrádú teicniúil an Lárchórais, le tréchur agus le stóráil bhreise. Áirítear leis an meastachán costas sin freisin seirbhísí a bhaineann le ríomhaireacht, bogearraí agus crua-earraí, lena gclúdófaí uasghrádú agus oiriúnú a éascódh cuardaigh i ngach catagóir sonraí chun críocha tearmainn agus imirce neamhrialta. Áirítear leis an meastachán costas sin na costais bhreise foirne a bheidh ar eu-LISA.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

- Raon EURODAC a leathnú chun críocha fillte (Airteagal 1(1)(b)): Leathnaíodh raon an Rialacháin EURODAC nua ionas gur féidir le Ballstáit stóráil agus cuardach a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír nó le daoine atá gan stát ach nach ndearna iarratas ar chosaint idirnáisiúnta d'fhonn iad a shainaithint chun críocha fillte nó a athligean isteach. Cuireadh leis an togra bunús nua dlíthiúil i.e. Airteagal 79(2)(c) chun na gcríoch sin. Ar an gcaoi sin, déantar de EURODAC bunachar sonraí chun críocha imirce níos leithne. Ní chun cur chun feidhme éifeachtach Rialachán Bhaile Átha Cliath III amháin a áirithiú is ann do EURODAC feasta bíodh is gur gné thábhachtach de an ghné sin i gcónaí. I láthair na huaire, ó tharla nach bhfuil ann ach bunachar sonraí a bhaineann le réimse an tearmainn, ní úsáidtear EURODAC ach le comparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg a glacadh ó imircigh neamhrialta nó ó iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus sonraí a bhaineann le tearmann. Ní dhéantar comparáid idir sonraí méarlorg a glacadh ó imirceach neamhrialta ag na teorainneacha seachtracha agus sonraí méarlorg a glacadh ó náisiúnach tríú tír a ghabhtar ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit.

Leis an leathnú seo ar raon EURODAC, féadfaidh na húdaráis inniúla imirce sa Bhallstát sonraí a tharchur agus a chur i gcomparáid le chéile faoi náisiúnaigh tríú tír a fhanann go neamhdhleathach agus nach n-éilíonn tearmann ach a ghluaiseann gan cheilt ar fud an Aontais Eorpaigh. An fhaisnéis sin a aimseofar de bhun amas eolais, d'fhéadfadh sin a bheith ina cuidiú ag údaráis an Bhallstáit agus iad ag iarraidh náisiúnaigh tríú tír a fhanann go neamhdhleathach a bhrath d'fhonn iad a chur ar ais. Féadfar míreanna luachmhara fianaise a bhaint as an bhfaisnéis sin chun daoine a athdhoiciméadú agus a athligean isteach.

- Tús áite a áirithiú do nós imeachta Bhaile Átha Cliath (Airteagail 15(4) agus 16 (5)): déantar foráil lena n-áirithítear, i gcás ina léirítear le hamas méarloirg go ndearnadh iarratas tearmainn san Aontas Eorpach, go n-áiritheoidh an Ballstát a rinne an cuardach nach é an nós imeachta um fhilleadh ach nós imeachta Bhaile Átha Cliath a leanfar, de ghnáthchleachtas, i gcás an duine atá i gceist. Déantar seo d'fhonn a áirithiú, i gcás ina n-aimsítear amais iomadúla sa Lárchóras i dtaca leis an duine céanna, nach bhfágtar aon amhras ar an mBallstát a cheadaigh EURODAC i dtaobh an nós imeachta is ceart a leanúint agus nach gcuirtear ar ais aon iarrthóir ar chosaint idirnáisiúnta chuig a thír thionscnaimh nó chuig an tríú tír de shárú ar

phrionsabal an *non-refoulement*. Ar an gcaoi sin, tugtar isteach "ordlathas amas" chun seo a éascú.

- Ceanglas maidir le méarloirg agus íomhá aghaidhe a thógáil (Airteagal 2): sonraítear sa togra go bhfuil ceanglas soiléir ar na Ballstáit méarloirg agus íomhá aghaidhe a thógáil i gcás gach aon cheann de na trí catagóirí daoine. Áirithítear leis, chomh maith, go gcuirfidh na Ballstáit na ceanglais sin i bhfeidhm ar iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ar náisiúnaigh tríú tír nó ar dhaoine atá gan stát ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi na rialacha. Ba ann riamh don cheanglas méarloirg a thógáil agus chuirtí an ceanglas sin in iúl, le bileog eolais de bhun Airteagal 29(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, don duine ba ábhar do na sonraí. De réir an Airteagail seo, agus an Doiciméad Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Rialacháin Eurodac á leanúint acu nuair is iomchuí – ós ann a leagtar amach an dea-chleachtas do na Ballstáit chun méarloirg a thógáil – ceadaítear do na Ballstáit smachtbhannaí a thabhairt isteach, i gcomhréir le dlí náisiúnta na mBallstát, ina gcás siúd nach dtoilíonn go nglacfaí íomhá dá n-aghaidh nó nach gcomhlíonann an nós imeachta um méarloirg a thógáil[20]. Ach leagtar síos forálacha nua d'fhonn a áirithiú go ndéantar méarloirg agus íomha aghaidhe a thógáil ó mhionaoisigh, go háirithe ó leanaí óga, ar bhealach leanbh-íogair agus leanbh-bhách. Áirithítear freisin, leis na forálacha seo, nach gcuirfear smachtbhannaí riaracháin ar mhionaoiseach i gcás nach dtoilíonn siad go dtógfaí méarloirg nó íomhá aghaidhe uatha, nuair atá bonn cirt leis an diúltú sin. Foráiltear freisin, i gcás ina bhfuil amhras ann faoi shaincheisteanna cosanta leanaí de bharr gur diúltaíodh méarloirg nó íomhá aghaidhe a thabhairt nó i gcás ina bhfuil dochar déanta do bharra na méar nó do lámha an linbh, go gcuirfidh údaráis an Bhallstáit an leanbh faoi bhráid na n-údarás náisiúnta um chosaint leanaí.

- Sonraí pearsanta an duine is ábhar do na sonraí a stóráil (Airteagail 12, 13 agus 14): Is le méarloirg amháin a d'fheidhmigh EURODAC riamh agus, seachas sonraí i dtaobh inscne an duine ba ábhar do na sonraí, ní stóráiltí ann aon sonraí pearsanta eile a bhain le hábhar an chuardaigh. Ceadaítear leis an togra nua sonraí pearsanta an duine is ábhar do na sonraí a stóráil lena n-áirítear ainm(neacha), aois, dáta breithe, náisiúntacht, doiciméid chéannachta, agus íomhá aghaidhe. De bhíthin stóráil na sonraí pearsanta sin, beidh ar chumas na n-údarás imirce agus tearmainn duine a shainaithint gan stró agus ní bheidh orthu an fhaisnéis seo a lorg go díreach ó Bhallstát eile. Mar amas braite/neamhbhraite amháin is féidir sonraí pearsanta an duine a aisghabháil as an Lárchóras. Déantar sin chun an ceart rochtana ar na sonraí sin a chosaint. Fágann seo áfach, i gcás nach bhfuil aon mheaitseáil méarlorg ná íomhánna aghaidhe ann, nach féidir na sonraí pearsanta a aimsiú.

Chun críocha Rialachán Bhaile Átha Cliath, ní mór faisnéis nua i dtaobh an Bhallstáit ar a dtiteann an fhreagracht as iarratas tearmainn a imscrúdú (tráth a leithdháiltear an t-iarratas sin chuig Ballstát eile) a thabhairt cothrom le dáta in EURODAC. Tar éis nós imeachta um leithdháileadh a dhéanamh agus amas méarloirg a chuardach, léireofar leis an bhfaisnéis nua-shonraithe sin cé acu Ballstát atá freagrach faoi Rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath i gcás ina n-éalaíonn an t-iarrthóir nó ina n-iarrann sé tearmann i mBallstát eile.

- Aitheantóirí bithmhéadracha (Airteagail 2, 15, agus 16): Ní cheadaítear leis an Rialachán EURODAC reatha ach sonraí méarlorg a chomparáid. In 2015, moladh sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce go bhféadfaí aitheantóirí bithmhéadracha eile a chur le EURODAC d'fhonn cuid de na dúshláin atá roimh na Ballstáit a mhaolú i gcás ina bhfuil dochar déanta do bharra na méar nó i gcás nach mbíonn duine sásta an nós imeachta um

[20] COM(2015) 150 final

méarloirg a chomhlíonadh[21]. Cuirtear isteach, leis an Rialachán seo, ceanglas nach mór do na Ballstáit íomhá aghaidhe a thógáil ón duine is ábhar do na sonraí chun í a tharchur go dtí an Lárchóras. Foráiltear ann freisin gur féidir, faoi choinníollacha sainithe, comparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg agus íomhá aghaidhe le chéile nó ar leith. Ó tharla anois íomhánna aghaidhe á stóráil sa Lárchóras, beidh an córas sin ar inneall do na cuardaithe sin a bheifear in ann a dhéanamh le bogearra aitheanta aghaidhe tráth is faide anonn.

Leanfaidh na Ballstáit de mhéarloirg na ndeich méar a thógáil mar lorg simplí nó mar lorg rollta, agus ar an ábhar go mbeidh gá leis an tacar méarlorg céanna ionas gur féidir na trí catagóirí de dhaoine a chomparáid go cruinn, leanfar den nós seo ina gcás siúd a fhanfaidh go neamhdhleathach i mBallstát.

- Comparáid agus tarchur gach catagóire sonraí (Airteagal 15 agus 16): Faoi Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, ní stóráiltí ach dhá chatagóir méarlorg, agus ní fhéadfaí ach faisnéis a chuardach i gcoinne sonraí méarlorg a fuarthas ó iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta. As seo amach, déanfar sonraí méarlorg agus íomhá aghaidhe a stóráil agus a chur i gcomparáid le chéile i gcás gach ceann de na trí catagóirí sonraí. Cuirfidh seo ar chumas údaráis imirce na mBallstát a chinneadh an bhfuil iarratas tearmainn déanta ag náisiúnach tríú tír a fhanann go neamhdhleathach i mBallstát, nó an go neamhdhleathach a tháinig sé thar teorainn sheachtrach an Aontais Eorpaigh isteach. Ar an gcuma chéanna, beidh ar chumas an Bhallstáit a sheiceáil an bhfuil an té a gabhadh ag trasnú na teorann seachtraí go neamhrialta ina chónaí go neamhdhleathach riamh i mBallstát eile. Trí raon na gcuardach a leathnú, is féidir patrún na ngluaiseachtaí neamhrialta agus tánaisteacha a leanúint ar fud an Aontais Eorpaigh ionas gur féidir céannacht an té atá i gceist a chinneadh i gcás nach mbíonn fáil ar dhoiciméid bhailí aitheantais.

- An aois ag a dtógtar méarloirg a ísliú go 6 bliana (Airteagail 10, 13 agus14): ag ceithre bliana déag ba ghnás riamh méarloirg a thógáil. Léirítear sa staidéar *'Fingerprint Recognition for children*'[22] , a rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, gur féidir úsáid a bhaint as méarloirg a thógtar ó leanaí a bhfuil na sé bliana nó níos mó slán acu i gcás ina mbeifí ag meaitseáil faisnéise go huathoibríoch le EURODAC ach a áirithiú go mbíonn fáil ar íomhánna dea-chaighdeáin.

Go deimhin, glacann cuid mhór Ballstát méarloirg ó leanaí is óige ná sé bliana chun críocha náisiúnta – chun pas nó cead cónaithe bithmhéadrach a eisiúint, mar shampla.

Go leor acu siúd a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, chomh maith le náisiúnaigh tríú tír a thagann go neamhrialta go dtí an tAontas Eorpach, tugann siad leo a dteaghlach agus is minic leanaí óga ina measc. Más féidir na leanaí seo a shainaithint le cúnamh ó mhéarloirg agus íomhánna aghaidhe, beifear in ann leanaí a shainaithint i gcásanna ina bhfuil siad scartha óna dtuismitheoirí trí dheis a thabhairt do Bhallstát fiosrú a leanúint má léirítear le meaitseáil méarlorg go raibh siad i mBallstát eile. Threiseodh a leithéid freisin an chosaint atá le fáil ag mionaoisigh gan tionlacan nach n-iarrann go foirmiúil an chosaint idirnáisiúnta agus a éalaíonn as institiúidí cúraim nó ó na seirbhísí sóisialta do leanaí, ar faoina gcúram a cuireadh iad. Faoi mar atá an creat dlíthiúil agus teicniúil faoi láthair, níltear ábalta a céannacht na leanaí seo a chinneadh. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as EURODAC chun leanaí as tríú tíortha a chlárú i gcás ina bhfuil siad neamhchláraithe laistigh den Aontas Eorpach d'fhonn cuntas a choinneáil orthu agus chun baol an dúshaothraithe a sheachaint.

---

21 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún, Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, COM(2015)240 críochnaitheach, 13.5.2015, lgh. 13-14.

22 (Report EUR 26193 EN; ISBN 978-92-79-33390-3)

- Coimeád sonraí (Airteagal 17): fágtar gan athrú - ag 10 mbliana - an tréimhse coimeádta sonraí d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Déanfar amhlaidh d'fhonn a áirithiú gur féidir le Ballstát gluaiseachtaí tánaisteacha laistigh den Aontas Eorpach a leanúint i gcás ina ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta do dhuine ach gan údarás ag an duine sin cónaí a dhéanamh i mBallstát éigin eile. Ó tharla go gcuimseofar i raon Rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta, is féidir na sonraí sin a úsáid chun dídeanaithe nó daoine dár deonaíodh stádas cosanta coimhdí a aistriú ar ais chuig an mBallstát a thug dóibh an chosaint sin.

Coimeádfar ar feadh cúig bliana sonraí méarlorg i dtaobh náisiúnaigh tríú tír a fhanann go neamhdhleathach ach nach n-iarrann tearmann. Déanfar sin de bhrí nach mar bhunachar sonraí i dtaobh iarrthóirí ar thearmann amháin é EURODAC feasta. Ní mór na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse is faide chun a áirithiú gur féidir faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar an inimirce neamhdhleathach agus ar ghluaiseachtaí tánaisteacha laistigh agus isteach san Aontas Eorpach. Tá an tréimhse stórála sin ag teacht leis an uastréimhse a cheadaítear chun toirmeasc iontrála a fhorchur ar dhuine chun críocha inimirce de bhun Airteagal 11 den Treoir um Fhilleadh 2008/115/EC, agus leis an tréimhse stórála faisnéise víosa (Airteagal 23 den Rialachán maidir le Víosaí), agus leis an tréimhse stórála faisnéise atá molta don Chóras Dul Isteach/Imeachta (Airteagal 31 de EES).

- Luathscriosadh sonraí (Airteagal 18): ní thiocfaidh aon athrú ar luathscriosadh sonraí i gcás iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta, náisiúnaigh neamhrialta tríú tír nó daoine atá gan stát ach dá ndeonaítear saoránacht. Luathscriosfar sonraí ina dtaobh siúd thuas atá á stóráil sa Lárchóras i gcás ina ndeonaítear dóibh saoránacht i mBallstát, ar an ábhar nach ábhartha a gcás feasta do raon EURODAC.

Ní luathscriosfar sonraí feasta i gcás náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach nó i gcás daoine gan stát dár deonaíodh doiciméad cónaithe nó a d'imigh as críoch an Aontais Eorpaigh. Ní mór an fhaisnéis seo a choimeád ar fhaitíos nár bhailí tráth is faide anonn doiciméad cónaithe, ar doiciméad é ar gnách saoirse theoranta a dhul leis, agus go bhfanfadh duine ró-fhada nó go mbeadh náisiúnach tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach agus a d'fhill ar an tríú tír, go mbeadh sé ag iarraidh teacht isteach san Aontas Eorpach arís ar bhealach neamhrialta.

- Faisnéis faoi náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach (Airteagail 19 (4) agus (5)): Faoi mar atá faoi láthair sa Rialachán EURODAC, náisiúnach tríú tír a fhanann go neamhdhleathach agus nach ndéanann iarratas ar thearmann laistigh den Aontas Eorpach, a luaithe a eiseofar doiciméad cónaithe dó déanfar an fhaisnéis a bhaineann leis a luathscriosadh. Tugtar isteach leis an togra seo athruithe lena bhféadfar an fhaisnéis seo a mharcáil in ionad í a luathscriosadh. Fágfaidh sin go mbeidh ar chumas an Bhallstáit, nuair a dhéanfaidh sé cuardach in EURODAC, a fheiceáil láithreach gur dheonaigh Ballstát eile doiciméad cónaithe don náisiúnach tríú tíre atá ag fanacht go neamhdhleathach. Beifear ábalta ansin, de bhun Airteagal 6(2) den Treoir um Fhilleadh an duine atá i gceist a sheoladh ar ais go dtí an Ballstát a d'eisigh an doiciméad cónaithe.

Chun críocha fhorghníomhú an dlí, déantar faisnéis faoi iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhlocáil tar éis trí bliana; ach i gcás náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach nach ndéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach dár deonaíodh doiciméad cónaithe sealadach, ní dhéanfar sonraí ina ndáil siúd a bhlocáil chun críocha fhorghníomhú an dlí. Déanfar amhlaidh chun a áirithiú gur féidir an fhaisnéis a chuardach i gcás ina dtéann bailíocht doiciméid cónaithe in éag sula mbeidh an tréimhse stórála sonraí cúig bliana istigh. I gcás iarrthóirí tearmainn, ní mar a chéile a chaithfear lena gcuid sonraí siúd i dtaca leis an

bpointe sin ar an ábhar gur dóchúla go ndeonófar dóibh cead cónaithe fadtéarmach nó go ndéanfar athnuachan ar a gcead cónaithe de thairbhe na cosanta idirnáisiúnta atá faighte acu.

-Faisnéis a fuarthas as EURODAC a roinnt le tríú tíortha (Airteagal 38): Faoin Rialachán atá ann faoi láthair, tá toirmeasc glan ar fhaisnéis a roinnt leis an tríú tír, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le heintiteas príobháideach. Má táthar le raon EURODAC a leathnú mar chúnamh do Bhallstát a bhaineann úsáid as EURODAC chun náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint agus a athdhoiciméadú chun críocha fillte nó athligean isteach, caithfear faisnéis a roinnt i gcásanna áirithe leis an tríú tír - chun críocha fillte atá dlisteanach amháin. Dá réir sin, tugadh isteach foráil shonrach lena gceadaítear faisnéis a roinnt leis an tríú tír chun críocha fillte. Leagtar amach san fhoráil sin na dianchoinníollacha faoinar ceadmhach an fhaisnéis sin a roinnt. Ina theannta sin, tá toirmeasc glan ar thríú tír nach páirtí í i Rialachán Bhaile Átha Cliath EURODAC a rochtain, nó ar aon Bhallstát sonraí a sheiceáil ar son tríú tír. Leis an bhforáil sin maidir le faisnéis a roinnt le tríú tíortha, tá EURODAC ag teacht le bunachair shonraí eile ar nós VIS agus EES a bhfuil foráil den chineál céanna ag gabháil leo i dtaobh faisnéis a roinnt chun críocha fillte.

- Rochtain do na húdaráis forghníomhaithe dlí agus d'EUROPOL(Airteagal 20(3)): rinneadh mionleasuithe ar na forálacha maidir le rochtain lucht forghníomhaithe dlí chun a áirithiú gur féidir na trí chatagóir sonraí atá stóráilte sa Lárchóras a chomparáid le chéile agus cuardach lucht forghníomhaithe dlí ar siúl, agus chun a áirithiú gur féidir, tráth is faide anonn, cuardach a dhéanamh le híomhá aghaidhe.

-Cead a thabhairt do Ghardaí Teorann agus Cósta Eorpacha agus do shaineolaithe EASO de chuid na mBallstát méarloirg a thógáil (Airteagail 10(3) agus 13 (7): Leis an togra seo, faoi rogha an Bhallstáit, is ceadmhach don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann [agus Cósta] agus do shaineolaithe tearmainn na mBallstát a imscartar i gceann de na Ballstáit faoi choimirce EASO, is ceadmhach dóibh méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig EURODAC thar ceann Ballstát ar bith. Teorannaítear na feidhmeanna seo do na réimsí sin inar ceadmhach don dá Ghníomhaireacht seo a dhéanamh (e.g. ag na teorainneacha seachtracha ina gcás siúd a thagann isteach go neamhdhleathach agus i gcás iarratas tearmainn).

- Staitisticí (Airteagal 9): chun níos mó den trédhearcacht a éascú maidir le faisnéis EURODAC, rinneadh leasuithe ar chineál na staitisticí agus ar mhinicíocht a bhfoilsithe ag eu-LISA. Tugadh isteach forálacha nua lenar féidir staitisticí a fuarthas as EURODAC a roinnt leis na Gníomhaireachtaí Cirt agus Gnóthaí Baile ábhartha chun críocha anailísithe agus taighde. Sna sonraí staidrimh sin a chuirfidh eu-LISA ar fáil, ní ceart go luafaí aon ainm, dáta breithe, ná sonraí pearsanta lena bhféadfaí an duine is ábhar do na sonraí sin a shainaithint. Tugadh isteach freisin leasuithe lenar féidir leis an gCoimisiún staitisticí *ad hoc* a lorg ar eu-LISA ach sin a iarraidh.

- Struchtúr agus bainistiú oibríochtúil an Lárchórais (Airteagail 4 agus 5): rinneadh athruithe ar an mbonneagar cumarsáide ionas gur féidir leis an Lárchóras úsáid a bhaint as an Eurodomain, as a n-eascróidh barainneachtaí scála nach beag. Ina theannta sin, tugadh isteach faoi struchtúr an chórais bainistiú oibríochtúil DubliNet mar bhonneagar ar leithligh cumarsáide chun críocha Rialachán Bhaile Átha Cliath. Áiritheofar leis sin go n-aistreofar bainistiú airgeadais agus oibríochtúil DubliNet chuig eu-LISA, nach bhfuil freagrach faoi láthair ach as a bhainistiú oibríochtúil trí bhíthin Meabhrán Tuisceana ar leithligh leis an gCoimisiún (DG HOME).

- Faisnéis a sholáthar i dtaobh amais bhréige (Airteagal 26(6)): Is ar eu-LISA amháin a bheidh an dualgas feasta na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le haon amais bhréige a aimsítear sa Lárchóras. Tabharfar an t-eolas sin do eu-LISA ionas gur féidir an t-amas bréige sin a

dhínascadh leis an mbunachar sonraí. Anois agus feasta, tiomsóidh eu-LISA staitisticí faoi líon na n-amas bréige a tuairiscíodh ionas nach gcaithfear an Coimisiún a chur ar an eolas go díreach faoi amais bhréige.

- Sonraí pearsanta iarbhír a úsáid chun críocha tástála (Airteagal 5(1)): I dtaca le tástáil Lárchóras EURODAC, ní féidir le eu-LISA ach 'sonraí folmha' a úsáid don tástáil ghinearálta agus don tástáil ar theicneolaíochtaí nua i gcás ina dteipeann ar an gcóras torthaí maithe tástála a sholáthar i ngeall ar chineál na sonraí a úsáideadh don tástáil. Faoi réir dianchoinníollacha agus ar an mbonn go ndéantar an fhaisnéis a anaithnidiú chun críocha tástála ionas nach féidir í a úsáid chun duine a shainaithint, ceadaítear leis an togra seo úsáid a bhaint as sonraí pearsanta iarbhír agus an Lárchóras á thástáil chun críocha diagnóise agus deisithe nó á thástáil i dtaca le teicneolaíochtaí agus teicnící nua.

↓ 603/2013 (oiriúnaithe)

2016/0132 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le bunú "Eurodac" chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinnte ar cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát] Ö , chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint Õ agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí ~~, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais~~ (athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2)(e), ⌦ Airteagal 79(2)(c), ⌫ Airteagal 87(2)(a) agus Airteagal 88(2)(a),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓ 603/2013 aithris 1 (oiriúnaithe)

(1) Táthar chun roinnt athruithe substaintiúla a dhéanamh ar ~~Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 ón gComhairle an 11 Nollaig 2000 maidir le "Eurodac" a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath[23] a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus Rialachán (CE) Uimh. 407/2002 ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lena leagtar síos rialacha áirithe chun Rialachán (CE) Uimh. 2725/2000 a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le "Eurodac" a bhunú chun méarloirg a chur i gcomparáid chun Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath[24] a chur i bhfeidhm go héifeachtach~~ ⌦ Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na

23 ~~IO L 316, 15.12.2000, lch. 1.~~

24 ~~IO L 62, 5.3.2002, lch. 1.~~

hEorpa agus ón gComhairle[25] ⌫ . Ar mhaithe le soiléire, ba cheart na Rialacháin sin a athmhúnlú.

↓ 603/2013 aithris 2

(2) Tá comhbheartas tearmainn, lena n-áirítear comhchóras Eorpach tearmainn, ina chuid de chuspóir an Aontais Eorpaigh an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile a bheadh ar oscailt dóibh siúd, nach bhfuil an dara rogha acu, a fhéachann le cosaint idirnáisiúnta a fháil san Aontas.

↓ 603/2013 aithris 3 (oiriúnaithe)

(3) ~~Ghlac an Chomhairle Eorpach a tionóladh an 4 Samhain 2004 Clár na Háige inar leagadh síos na cuspóirí atá le cur chun feidhme sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais le linn na tréimhse 2005–2010. D'iarr an Comhaontú Eorpach um Inimirce agus Tearmann, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 15–16 Deireadh Fómhair 2008, go gcuirfí bunú Comhchórais Eorpaigh Tearmainn i gcrích trí aon nós imeachta amháin a chruthú ina mbeadh ráthaíochtaí comhchoiteanna agus stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe agus do dhaoine atá i dteideal cosanta coimhdí.~~

↓ 603/2013 aithris 4 (oiriúnaithe)

(4) Chun críocha chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. […/…] ~~ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] an 26 Meitheamh 2013~~ lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát[27], tá sé riachtanach céannacht a shuíomh i gcás iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus daoine a gabhadh maidir le teorainneacha seachtracha den Aontas a thrasnú go neamhdhleathach. Tá sé inmhianaithe freisin, d'fhonn Rialachán (AE) Uimh. […/…] a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus go háirithe pointe Airteagal [..] agus Airteagal [..] de, cead a thabhairt do gach Ballstát a sheiceáil an ndearna náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a fuarthas ag fanacht go neamhdhleathach ina chríocha iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile nó nach ndearna.

---

[25] Rialachán (AE) Uimh 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na meicníochtaí a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú a thaisc náisiúnach tríú tír nó duine gan stát i gceann de na Ballstáit; agus chun go bhféadfaidh údaráis forghníomhaithe na mBallstát agus Europol comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh chun críocha forghníomhaithe dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus (IO L 180, 29.6.2013, lch. 1).

[26] ~~Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).~~

[27] Féach lch. 31 den Iris Oifigiúil seo.

↓ 603/2013 aithris 5 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(5) Cuimsíonn ~~méarloirg~~ ⇨ sonraí bithmhéadracha ⇦ gné thábhachtach lena ndéantar céannacht bheacht daoine den sórt sin a shuíomh. Is gá córas a bhunú chun a gcuid sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a chur i gcomparáid le chéile.

↓ 603/2013 aithris 6
⇨ nua

(6) Chuige sin, ní mór córas a bhunú ar a dtabharfar 'Eurodac', ina mbeidh Lárchóras, a fheidhmeoidh bunachar sonraí lárnach ríomhairithe de shonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦, chomh maith le bealach tarchurtha leictreonaigh idir na Ballstáit agus an Lárchóras, dá ngairtear an "Bonneagar Cumarsáide" anseo feasta.

⇩ nua

(7) Chun Rialachán (AE) Uimh. […/…] a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, is gá a áirithiú freisin go mbeidh bonneagar cumarsáide slán ar leith ann, bonneagar is féidir le húdaráis inniúla le haghaidh tearmainn na mBallstát a úsáid chun faisnéis ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a mhalartú. 'DubliNet' a thabharfar ar an modh tarchuir leictreonach slán agus ba cheart cúram a bhainistithe agus a oibrithe a bheith ag eu-LISA.

↓ 603/2013 aithris 7 (oiriúnaithe)

(8) ~~I gClár na Háige, iarradh feabhas a chur ar an rochtain ar chórais um chomhdú sonraí san Aontas atá ann cheana. Ina theannta sin, iarradh i gClár Stócólm go mbeadh an bailiú sonraí spriocdhírithe go maith agus go bhforbrófaí malartú faisnéise agus a uirlisí de réir riachtanas forghníomhaithe dlí.~~

⇩ nua

(9) In 2015, mar gheall ar an ngéarchéim dídeanaithe agus imirce, tháinig dúshláin chun tosaigh i roinnt Ballstát maidir le tógáil méarlorg náisiúnach tríú tíortha a bhí ag fanacht go neamhdhleathach sa Bhallstát nó daoine gan stát a rinne iarracht na nósanna imeachta maidir lena chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Bhí sé luaite i dTeachtaireacht an 13 Bealtaine 2015 ón gCoimisiún dar teideal "Clár oibre Eorpach maidir leis an Imirce"[28] nach "mór do na Ballstáit, chomh maith leis sin, na rialacha maidir le méarloirg imirceach a thógáil ag na teorainneacha a chur chun feidhme" agus rinneadh moladh breise ann, eadhon: "Fiosróidh an Coimisiún conas is féidir tuilleadh aitheantóirí bithmhéadracha a úsáid

[28] COM(2015) 240 final, 13.5.2015

trí bhíthin chóras Eurodac (amhail teicnící aitheanta aghaidhe le grianghraif dhigiteacha)".

(10) Chun gur fusa do na Ballstáit dúshláin a shárú maidir le neamh-chomhlíonadh an phróisis tógála méarlorg, tá cead tugtha sa Rialachán seo íomhá aghaidhe a úsáid mar chomparáid gan méarloirg mar rogha dheireanach más rud é nach féidir méarloirg an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát a thógáil mar go bhfuil barra a mhéar millte, d'aon turas nó de thaisme nó gur teascadh iad. Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh a áirithiú gur féidir méarloirg a thógáil ón duine is ábhar do na sonraí sula ndéanfar comparáid le híomhá aghaidhe amháin má bhíonn neamh-chomhlíonadh ann ar bhonn cúiseanna nach mbaineann leis an mbail atá ar bharra méar duine aonair. Má úsáidtear íomhánna aghaidhe maille le sonraí méarlorg, beifear in ann níos lú méarlorg a chlárú agus gheofar an toradh céanna ó thaobh chruinneas na sainaitheanta de.

(11) Tá cur ar ais na náisiúnach tríú tír nach bhfuil an ceart acu fanacht san Aontas, i gcomhréir leis na cearta bunúsacha atá ina bprionsabail ghinearálta ag dlí an Aontais agus ag an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cosaint dídeanaithe agus oibleagáidí maidir le cearta daonna, agus i gcomhréir le forálacha Threoir 2008/115/CE[29], tá an cur ar ais sin ina chuid dhílis de na hiarrachtaí cuimsitheacha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an imirce agus, go háirithe, chun an imirce mírialta a laghdú agus a dhíspreagadh. Is gá córas an Aontais le haghaidh cur ar ais náisiúnach tríú tír atá ag fanacht san Aontas go mírialta a dhéanamh níos éifeachtaí chun go mbeidh muinín ag an bpobal fós as córas imirce agus tearmainn an Aontais agus ba cheart sin a dhéanamh in éineacht leis na hiarrachtaí a dhéantar na daoine óna dteastaíonn cosaint a chosaint.

(12) Bíonn deacrachtaí ag údaráis inniúla sna Ballstáit agus iad ag iarraidh na náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht san Aontas go neamhdhleathach agus a úsáideann modhanna míthreoracha chun nach n-aithneofar iad agus chun na nósanna imeachta le haghaidh athdhoiciméadú a dhéantar chun iad a chur ar ais agus a athligean isteach a chur ó rath. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go ndéanfar faisnéis ar náisiúnaigh tríú tír nó ar dhaoine gan stát a bhfuarthas amach go bhfuil siad ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas Eorpach, go ndéanfar an fhaisnéis sin a bhailiú agus a tharchur chuig Eurodac agus go gcuirfear i gcomparáid í freisin leis an bhfaisnéis a bailíodh agus a tarchuireadh chun céannacht iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus céannacht náisiúnach tríú tír a gabhadh maidir le trasnú neamhdhleathach teorainneacha seachtracha an Aontais a shuí, chun gur fusa iad a aithint agus a athdhoiciméadú, chun a áirithiú go gcuirfear ar ais agus go n-athligfear isteach iad agus chun calaois chéannachta a laghdú. Lena chois sin, bheadh chuideodh sin laghdú a chur ar an bhfad a mhaireann na nósanna imeachta riaracháin is gá chun a áirithiú go gcuirfear ar ais agus go n-athligfear isteach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas, lena n-áirítear an tréimhse a bhféadfar iad a choimeád faoi choinneáil riaracháin roimh an aistriú lena linn. Mar gheall air sin freisin, ba cheart go bhféadfaí tríú tíortha idirthurais ina bhféadfar an náisiúnach tríú tír a athligean isteach a shainaithint.

(13) Sna Conclúidí uaithi an 8 Meán Fómhair 2015 maidir le todhchaí an bheartais fillte, d'fhormhuinigh an Chomhairle an tionscnamh a d'fhógair an Coimisiún a bheadh ann chun an fhéidearthacht go leathnófaí raon feidhme agus cuspóir Eurodac chun gur

[29] An Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais, IO L 348, 24,12.2008, lch. 98.

féidir sonraí a úsáid chun críocha fillte[30]. Ba cheart na huirlisí is gá a bheith ar fáil ag na Ballstáit chun gur féidir leo imirce neamhdhleathach isteach san Aontas agus gluaiseachtaí tánaisteacha a dhéanann náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a bhrath. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí atá in Eurodac a bheith ar fáil, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, chun go bhféadfaidh údaráis ainmnithe na mBallstát comparáid a dhéanamh eatarthu.

(14) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún faoi Chórais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil[31], tá béim leagtha ar an ngá atá ann idir-inoibritheacht córas faisnéise a fheabhsú mar sprioc fhadtéarmach, gá a shainaithin an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle freisin. Tá sé molta sa Teachtaireacht go gcuirfí Meitheal Saineolaithe ar Chórais Faisnéise agus ar Idir-inoibritheacht ar bun chun aghaidh a thabhairt ar indéantacht theicniúil bhaint amach idir-inoibritheachta na gcóras faisnéise le haghaidh teorainneacha agus slándála. Ba cheart don mheitheal sin measúnú a dhéanamh ar a riachtanaí agus a chomhréirí a bheadh sé idir-inoibritheacht a chur ar bun le Córais Faisnéise Schengen agus leis na Córais Faisnéise Víosaí agus scrúdú a dhéanamh féachaint an gá an creat dlí maidir leis an rochtain atá ag comhlachtaí forghníomhaithe dlí ar Euradac a athbhreithniú.

↓ 603/2013 aithris 8

(15) Tá sé fíor-riachtanach sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile go mbeidh an fhaisnéis is iomláine agus is cothroime le dáta dá bhfuil ann ag na húdaráis forghníomhaithe dlí ionas go bhféadfaidh siad a gcúraimí a dhéanamh. Tá gá leis an bhfaisnéis atá ar fáil in Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta amhail dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle ~~an 13 Meitheamh 2002 maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac~~[32] nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/584/CGB ~~ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit~~[33] a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí atá in Eurodac a bheith ar fáil, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, chun go bhféadfaidh údaráis ainmnithe na mBallstát agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) comparáid a dhéanamh eatarthu.

↓ 603/2013 aithris 9

(16) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí arna ndeonú d'údaráis forghníomhaithe dlí maidir le rochtain ar shonraí Eurodac gan dochar do cheart an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta a iarratas a bheith próiseáilte in am trátha i gcomhréir leis an dlí ábhartha.

---

30 Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le filleadh, COM(2015) 453 final.

31 COM(2016) 205 final

32 Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 164, 22.6.2002, lcj. 3~~)~~.

33 Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh aon obair leantach a dhéanfar ina dhiaidh sin tar éis 'amas' a fháil ar Eurodac gan dochar don cheart sin.

↓ 603/2013 aithris 10 (oiriúnaithe)

(17) Ina theachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2005 maidir le héifeachtacht fheabhsaithe, idir-inoibritheacht fheabhsaithe agus sineirgíochtaí idir bunachair shonraí Eorpacha i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, ~~cuireann~~ ⌦ chuir ⌫ an Coimisiún in iúl go bhféadfadh rochtain a bheith ag na húdaráis atá freagrach as slándáil inmheánach ar shonraí Eurodac i gcásanna a bheadh sainithe go maith, nuair atá amhras ann a bhfuil bunús tugtha leis go bhfuil déantóir ciona sceimhlitheoireachta nó déantóir ciona choiriúil thromchúisigh tar éis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh. Sa Teachtaireacht sin chinn an Coimisiún, freisin, go gceanglaíonn prionsabal na coimhdeachta nach gceadófar Eurodac chun críocha den sórt sin ach amháin nuair atá leas sáraitheach maidir le slándáil phoiblí ann, eadhon, i gcás ina bhfuil an cion a rinne an coirpeach nó an sceimhlitheoir atáthar ag iarraidh a aithint chomh tromchúiseach sin go bhfuil údar maith le bunachar sonraí ina gcláraítear daoine gan taifead coiriúil a chuardach, agus chomh maith leis sin tháinig sé ar an gconclúid nach foláir an tairseach is infheidhme maidir le húdaráis um shlándáil inmheánach Eurodac a cheadú, nach foláir í a bheith i bhfad níos airde ná an tairseach is infheidhme maidir le bunachair shonraí choiriúla a cheadú.

↓ 603/2013 aithris 11

(18) Thairis sin, tá ról lárnach ag Europol sa chomhar idir údaráis na mBallstát i réimse an imscrúdaithe choiriúil trasteorann ó thaobh tacú le coireanna a chosc, a anailísiú agus a imscrúdú ar fud an Aontais. Dá thoradh sin, ba cheart rochtain a bheith ag Europol ar shonraí Eurodac faoi chuimsiú a chúraimí agus i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 2009/371/CGB ón gComhairle ~~an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol)~~[34].

↓ 603/2013 aithris 12

(19) Níor cheart iarrataí a cheadú go ndéanfaidh Europol comparáid ar shonraí Eurodac ach i gcásanna sonracha amháin, de réir imthosca sonracha agus de réir coinníollacha diana.

↓ 603/2013 aithris 13 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(20) Ós rud é gur bunaíodh Eurodac ar an gcéad dul síos chun cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a éascú, is ionann rochtain ar fhaisnéis Eurodac

---

[34] Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú agus athrú ar bhunchuspóir Eurodac, rud a chuireann isteach ar an gceart bunúsach maidir le saol príobháideach daoine aonair a bpróiseáiltear a sonraí pearsanta in Eurodac a urramú. ⇨ I gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Duine, ⇦ ~~N~~ní foláir aon chur isteach dá leithéid a bheith i gcomhréir leis an dlí, agus ní foláir a fhoirmliú a bheith beacht a dhóthain chun gur féidir le daoine aonair a n-iompraíocht a choigeartú agus ní foláir dó daoine aonair a chosaint ar aon treallachas agus raon feidhme na lánrogha a bhronntar ar na húdaráis inniúla agus modh a fheidhmithe a léiriú ar bhealach soiléir a dhóthain. Aon chur isteach a dhéantar ~~i sochaí dhaonlathach,~~ ní foláir gá a bheith leis ~~chun leas dlisteanach agus comhréireach a chosaint~~ ⇨ i sochaí daonlathach chun cuspóir a bhaineann leis an leas coiteann a bhaint amach ⇦ agus ní foláir é a bheith comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach atáthar ag iarraidh a bhaint amach.

↓ 603/2013 aithris 14

(21) Cé nár ceanglaíodh le cuspóir bunúsach Eurodac go mbeadh an fhéidearthacht ann comparáidí idir sonraí agus an bunachar sonraí a iarraidh, bunaithe ar mhéarlorg neamhfhollas, rud arb ionann é agus rian dachtalascópach is féidir a fháil ag láthair coire, is féidearthacht bhunriachtanach é i réimse an chomhair póilíneachta. Maidir leis an bhféidearthacht sin méarlorg neamhfhollas a chur i gcomparáid le sonraí méarlorg atá stóráilte in Eurodac i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh déantóir na coire nó an t-íospartach teacht faoi cheann amháin de na catagóirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, beidh sí ina huirlis an-luachmhar ag údaráis ainmnithe na mBallstát chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, mar shampla nuair nach bhfuil d'fhianaise le fáil ag an láthair coire ach méarloirg neamhfhollasa.

↓ 603/2013 aithris 15

(22) Sa Rialachán seo leagtar síos freisin na coinníollacha faoinar cheart cead a thabhairt iarrataí a dhéanamh ar chomparáidí idir sonraí méarlorg agus sonraí Eurodac chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus leagtar síos ann freisin na cosaintí is gá lena áirithiú go gcosnófar an ceart bunúsach maidir le saol príobháideach daoine aonair a bhfuil a sonraí pearsanta próiseáilte in Eurodac a urramú. Léiríonn déine na gcoinníollacha seo go gcláraítear le bunachar sonraí Eurodac sonraí méarlorg daoine nach bhfuiltear á thoimhdiú ina leith go bhfuil cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile déanta acu.

↓ 603/2013 aithris 16 (oiriúnaithe)

(23) D'fhonn cóir chomhionann a áirithiú dóibh siúd ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad agus do thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, agus d'fhonn comhsheasmhacht le *acquis* reatha an Aontais maidir le tearmann a áirithiú, go háirithe comhsheasmhacht le Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 31 Nollaig~~

~~2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar~~[35] agus le Rialachán (CE) Uimh. […/…]~~604/2013~~, ~~is iomchuí raon feidhme~~ ⌦ cumhdaíonn ⌫ an Rialacháin seo ~~a leathnú d'fhonn~~ iarratasóirí ar chosaint choimhdeach agus daoine atá i dteideal cosaint choimhdeach ~~a chumhdach~~ ⌦ faoin raon ⌫.

⇩ 603/2013 aithris 17
⇨ nua

(24) Is gá freisin a cheangal ar na Ballstáit go nglacfaidh siad agus go dtarchuirfidh siad go pras sonraí méarlorg gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta agus gach náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát a ghabhtar agus iad ag trasnú teorainn sheachtrach de chuid Ballstáit go mírialta, ⇨ nó a bhfaightear amach faoi go bhfuil sé ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát ⇦ , má tá sé ar a laghad ~~14~~ ⇨ sé ⇦ bliana d'aois.

⇩ nua

(25) Chun gur daingne cosaint mionaoiseach neamhthionlactha nach ndearna iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus na leanaí sin is féidir a scarfar óna dteaghlach, is gá freisin méarloirg agus íomhá aghaidhe a thógáil chun iad a stóráil sa Lárchóras chun iad a úsáid chun céannacht linbh a shuí agus cuidiú le Ballstát aon teaghlach a rianú nó aon naisc is féidir atá acu le Ballstát eile a rianú. Tá suí na nasc teaghlaigh ar cheann de na príomhchaíonna ar a n-aontaítear teaghlaigh arís agus ní mór dlúthbhaint a bheith aige le suí leas an linbh agus, sa deireadh, le réiteach buan a fháil.

(26) Ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do leas an mhionaoisigh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. I gcás ina suíonn an Ballstát atá ag iarraidh sonraí Eurodac go mbaineann siad le leanbh, ní féidir leis an mBallstát atá ag iarraidh na sonraí sin iad a úsáid ach amháin chun críocha forghníomhaithe dlí i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme de chuid an Stáit sin maidir le mionaoisigh agus i gcomhréir leis an oibleagáid tús áite a thabhairt do leas an linbh.

⇩ 603/2013 aithris 18 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(27) Is gá rialacha beachta a leagan síos a bhaineann le tarchur sonraí méarlorg ⇨ agus íomhánna aghaidhe ⇦ den sórt sin chuig an Lárchóras, sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ den sórt sin agus sonraí ⌦ pearsanta ⌫ ábhartha eile sa Lárchóras a thaifeadadh, a stóráil, an chomparáid a dhéantar idir iad agus sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ eile, torthaí comparáide den sórt sin a tharchur agus na sonraí taifeadta a mharcáil agus iad a scriosadh. D'fhéadfadh rialacha den sórt sin a bheith

---

[35] Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9).

difriúil i gcás ina bhfuil catagóirí difriúla de náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát i gceist, agus ba cheart sa chás sin iad a chur in oiriúint go sonrach dóibh.

↓ 603/2013 aithris 19 (oiriúnaithe) ⇨ nua

(28) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí tarchur na sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ ar chaighdeán iomchuí chun críche comparáide tríd an gcóras aitheantais méarloirg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ ar an ríomhaire. Ba cheart do na húdaráis uile ag a mbeidh ceart rochtana ar shonraí Eurodac infheistiú a dhéanamh in oiliúint leormhaith agus sa trealamh teicneolaíochta atá ag teastáil. Ba cheart do na húdaráis ag a mbeidh ceart rochtana ar shonraí Eurodac an Ghníomhaireacht le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] (~~an "Ghníomhaireacht"~~ ⌦ "eu-LISA" ⌫) a chur ar an eolas faoi aon deacrachtaí sonracha maidir le cáilíocht sonraí sa chaoi go réiteofar na deacrachtaí sin.

↓ 603/2013 aithris 20 ⇨ nua

(29) Níor cheart go ndéanfadh aon neamhfhéidearthacht shealadach nó bhuan sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a ghlacadh agus/nó a tharchur, de bharr cúiseanna amhail cáilíocht neamhleor na sonraí chun comparáid iomchuí a dhéanamh, de bharr fadhbanna teicniúla, de bharr cúiseanna a bhaineann leis an tsláinte a chosaint nó de bharr nach bhfuil an duine is ábhar do na sonraí sláintiúil go leor nó ábalta go leor chun a mhéarloirg ⇨ agus a íomhá aghaidhe ⇦ a bheith glactha de bharr imthosca nach bhfuil aon neart aige orthu, dochar don scrúdú a dhéantar ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag an duine sin ná dochar don chinneadh a nglacfar ina leith.

⇩ nua

(30) Ba cheart do na Ballstáit Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin maidir le Rialachán Eurodac a Chur Chun Feidhme i dtaca leis an oibleagáid méarloirg arna dtógáil ag an gComhairle an 20 Iúil 2015[37] a cheadú, doiciméad ina bhfuil cur chuige dea-chleachtais i leith méarloirg náisiúnach tríú tír a thógáil. Má bhíonn sé ceadaithe i ndlí náisiúnta Ballstáit méarloirg a thógáil le lámh láidir nó le comhéigean mar rogha dheireanach, ní mór Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú go hiomlán agus na bearta sin á ndéanamh. Níor cheart fiacha a chur ar náisiúnaigh tríú tír a mheastar a bheith ina ndaoine leochaileacha nó ina mionaoisigh a méarloirg nó a

---

[36] Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 286, 1.11.2011, lch. 1).

[37] COM(2015) 150 final, 27.5.2015

n-íomhá aghaidhe a thabhairt, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar iomchuí leo atá ceadaithe faoin dlí náisiúnta.

↓ 603/2013 aithris 21 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(31) Ba cheart do shaineolaí méarlorg oilte na hamais a fhaightear ó Eurodac a fhíorú d'fhonn cinneadh cruinn maidir le freagracht a áirithiú faoi Rialachán (AE) Uimh. ~~604/2013~~ ⇨ ; sainaithint bheacht an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát ⇦ agus sainaithint bheacht an amhrastaigh choiriúil nó an íospartaigh choireachta a bhféadfadh a shonraí a bheith stóráilte in Eurodac a áirithiú. ⇨ Ina theannta sin, ba cheart amais a fuarthas ó Eurodac ar bhonn íomhánna aghaidhe a fhíorú má bhíonn amhras ann go mbaineann an toradh leis an duine céanna. ⇦

↓ 603/2013 aithris 22 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(32) D'fhéadfadh sé go ~~mbeadh an rogha ag~~ ⇨ bhféachfadh ⇦ náisiúnaigh tríú tír nó ~~ag~~ daoine gan stát a d'iarr cosaint idirnáisiúnta i mBallstát amháin ⇨ le ⇦ cosaint idirnáisiúnta a iarraidh i mBallstát eile ar feadh blianta fada ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh achar fada i gceist leis an uastréimhse inar cheart don Lárchóras sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a choinneáil. Ag glacadh leis go mbeidh stádas lonnaithe nó fiú amháin saoránacht Ballstáit bainte amach ag formhór na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a d'fhan san Aontas ar feadh roinnt blianta i ndiaidh na tréimhse sin, ba cheart go ndéanfaí tréimhse deich mbliana a mheas mar thréimhse réasúnta chun sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a stóráil.

⇩ nua

(33) Chun gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas a chosc mar is ceart agus chun faireachán a dhéanamh orthu mar is ceart, agus chun na bearta is gá a dhéanamh chun filleadh chuig tríú tíortha agus athligean isteach iontu a fhorghníomhú mar is ceart i gcomhréir le Treoir 2008/115/EC[38] agus leis an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ba cheart cúig bliana a leagan síos mar thréimhse riachtanach i leith sonraí méarlorg agus íomhá aghaidhe a stóráil.

↓ 603/2013 aithris 23
⇨ nua

(34) Ba cheart an tréimhse stórála a bheith níos giorra i gcásanna speisialta áirithe i gcás nach bhfuil aon ghá sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ ⇨ agus na sonraí

[38] IO L 348, 24.12.2008, lch. 98

pearsanta uile eile ⇦ a choinneáil chomh fada sin. Ba cheart sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe⇦ ⇨ agus na sonraí pearsanta uile eile i ndáil le náisiúnach tríú tír ⇦ a scriosadh chomh luath is a bhaineann náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát saoránacht Ballstáit amach.

↓ 603/2013 aithris 24
⇨ nua

(35) Is iomchuí na sonraí a stóráil a bhaineann leis na daoine sin ar taifeadadh a méarloirg ⇨ agus íomhá a n-aghaidhe ⇦ i dtús báire in Eurodac nuair a thaisc siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus dár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta i mBallstát, d'fhonn na sonraí sin a chur i gcomparáid leis na sonraí a thaifeadtar ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh.

↓ 603/2013 aithris 25 (oiriúnaithe)

(36) Tá curtha de chúram ar ~~an nGníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ cúraimí an Choimisiúin maidir le bainistiú oibríochtúil Eurodac i gcomhréir leis an Rialachán seo agus cúraimí áirithe a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide amhail ón dáta a chuaigh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ i mbun a freagrachtaí an 1 Nollaig 2012. ~~Ba cheart don Ghníomhaireacht dul i mbun na gcúraimí a a thugtar ar iontaoibh di faoin Rialachán seo agus ba cheart forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a leasú dá réir sin.~~ Sa bhreis air sin, ba cheart stádas breathnóra a bheith ag Europol ag cruinnithe Bhord Bainistíochta ~~na Gníomhaireachta~~ ⌦ eu-LISA ⌫ , nuair atá ceist ar an gclár oibre i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le rochtain a bheith ar Eurodac ag údaráis ainmnithe Ballstát agus ag Europol chun na sonraí ann a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ba cheart go gceadófaí do Europol ionadaí a cheapadh chuig Grúpa Comhairleach Eurodac ⌦ eu-LISA ⌫ ~~na Gníomhaireachta~~.

↓ 603/2013 aithris 26

~~Ba cheart feidhm a bheith ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Rialachán Foirne Oifigigh)oifigigh agus coinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh an (dá ngairtear le chéile na "Rialacha Foirne") a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle[39], maidir leis an bhfoireann uile atá ag obair sa Ghníomhaireacht ar ábhair a bhaineann leis an Rialachán sin.~~

↓ 603/2013 aithris 27 (oiriúnaithe)

(37) Is gá freagrachtaí faoi seach an Choimisiúin agus ⌦ eu-LISA ⌫ ~~na Gníomhaireachta~~ maidir leis an Lárchóras agus leis an mBonneagar Cumarsáide, a leagan síos go soiléir

[39] ~~IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.~~

chomh maith le freagrachtaí na mBallstát maidir le próiseáil sonraí, slándáil sonraí, rochtain ar shonraí taifeadta agus sonraí taifeadta a cheartú.

↓ 603/2013 aithris 28

(38) Is gá údaráis inniúla na mBallstát chomh maith leis an bPointe Rochtana Náisiúnta a ainmniú trína gcuirtear isteach na hiarrataí ar chomparáidí le sonraí Eurodac agus liosta a choimeád de na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe an chomparáid sin a iarraidh chun na gcríoch sonrach cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile.

↓ 603/2013 aithris 29

(39) Maidir le hiarrataí ar chomparáid le sonraí arna stóráil i Lárchóras Eurodac, ba cheart go ndéanfadh na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe iad a chur chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta, tríd an údarás fíoraithe agus ba cheart go mbeadh na hiarrataí sin réasúnaithe. Na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe chun comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh, níor cheart go ngníomhóidís mar údarás fíoraithe. Ba cheart go ngníomhódh na húdaráis fíoraithe go neamhspleách ar na húdaráis ainmnithe agus ba cheart go mbeadh siad freagrach, ar mhodh neamhspleách, as dian-chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le rochtain mar atá bunaithe sa Rialachán seo. Ansin ba cheart do na húdaráis fíoraithe an iarraidh ar chomparáid a chur ar aghaidh gan na cúiseanna atá leis a bheith ag gabháil leis, chuig Eurodac tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta tar éis a fhíorú cé acu a comhlíonadh na coinníollacha uile maidir le rochtain nó nár comhlíonadh. I gcásanna eisceachtúla práinne inar gá rochtain luath a thabhairt chun freagairt do bhagairt shonrach iarbhír a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó le cionta cóiriúla tromchúiseacha eile, ba cheart don údarás fíoraithe an iarraidh a phróiseáil láithreach agus gan an fíorú a dhéanamh go dtí go bhfuil sé sin déanta.

↓ 603/2013 aithris 30

(40) Féadfaidh an t-údarás ainmnithe agus an t-údarás fíoraithe a bheith páirteach san eagraíocht chéanna, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta, ach ba cheart don údarás fíoraithe gníomhú go neamhspleách agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige faoin Rialachán seo.

↓ 603/2013 aithris 31

(41) Chun críocha sonraí pearsanta a chosaint, agus chun comparáidí córasacha a eisiamh, ba cheart sonraí Eurodac a phróiseáil i gcásanna ar leith agus nuair is gá chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Cás ar leith is ea cás ina mbaineann an iarraidh ar chomparáid le cás sonrach nithiúil nó le dainséar sonrach nithiúil a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile, nó le daoine sonracha a

bhfuil forais thromchúiseacha ann ina leith lena chreidiúint go ndéanfaidh siad nó go ndearna siad cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile. Cás eile ar leith is ea cás ina mbaineann an iarraidh ar chomparáid le duine ar íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile é. Níor cheart d'údaráis ainmnithe ná do Europol comparáid le Eurodac a iarraidh ach amháin nuair atá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go dtabharfaidh a leithéid de chomparáid faisnéis a chuideoidh leo go mór chun cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

↓ 603/2013 aithris 32 (oiriúnaithe)

(42) Sa bhreis air sin, níor cheart rochtain a cheadú ach amháin ar choinníoll nach ndearnadh sna comparáidí le bunachair shonraí méarlorg náisiúnta agus le córais mhéarlorgaireachta uathoibrithe na mBallstát uile eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle ~~an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac~~[40], céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh. Ceanglaítear ar an mBallstát a rinne an t-iarratas leis an gcoinníoll sin comparáidí a dhéanamh le córais mhéarlorgaireachta uathoibrithe na mBallstát uile eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB, atá ar fáil go teicniúil, mura rud é gur féidir leo údar maith a thabhairt go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint nach suífí céannacht an duine is ábhar do na sonraí mar thoradh ar an gcomparáid sin a dhéanamh. Bheadh na forais réasúnacha sin i gceist go háirithe sa chás nach ndéanfadh an cás sonrach aon nasc oibríochtúil ná imscrúdaitheach le Ballstát ar leith. Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go ndéanfaí Cinneadh 2008/615/CGB a chur chun feidhme go dlíthiúil agus go teicniúil i réimse na sonraí méarlorg roimh ré ag an mBallstát a rinne an t-iarratas ós rud é nár cheart go gceadófaí seiceáil Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí i gcás nach ndearnadh na bearta thuas ar dtús.

↓ 603/2013 aithris 33 (oiriúnaithe)

(43) Sula ndéanfaidh siad Eurodac a chuardach, ba cheart d'údaráis ainmnithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha chun comparáid den sórt sin a dhéanamh, Córas Faisnéise Víosaí a cheadú i gcomhréir le Cinneadh 2008/633/CGB ~~an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain d'údaráis ainmnithe de chuid Ballstát agus Europol Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a cheadú chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú~~[41].

---

[40] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

[41] Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le rochtain chun a cheadaithe ar an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) ag údaráis ainmnithe na mBallstát agus ag Europol chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (IO L 218, 13.8.2008, lch. 129).

↓ 603/2013 aithris 34

(44) Chun críche comparáid agus malartú éifeachtúil a dhéanamh ar shonraí pearsanta, ba cheart do na Ballstáit na comhaontuithe idirnáisiúnta láithreacha a chur chun feidhme go hiomlán agus a úsáid mar aon le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a mhalartú atá i bhfeidhm cheana féin, go háirithe Cinneadh 2008/615/CGB.

↓ 603/2013 aithris 35

~~Ba cheart do Bhallstáit tús áite a thabhairt do leas an linbh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. I gcás ina suíonn an Ballstát atá ag iarraidh sonraí Eurodac go mbaineann siad le mionaoiseach, ní féidir leis an mBallstát atá dá n-iarraidh na sonraí seo a úsáid ach amháin chun críocha forghníomhaithe dlí i gcomhréir le dlíthe an Stáit sin is infheidhme maidir le mionaoisigh agus i gcomhréir leis an oibleagáid tús áite a thabhairt do leas an linbh.~~

↓ 603/2013 aithris 36

(45) Cé go mbeidh dliteanas neamhchonarthach an Aontais i dtaca le feidhmiú chóras Eurodac faoi rialú ag forálacha ábhartha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is gá rialacha sonracha a leagan síos do dhliteanas neamhchonarthach na mBallstát i dtaca le feidhmiú an chórais.

↓ 603/2013 aithris 37 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(46) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon córas a chruthú chun comparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ chun cuidiú le cur chun feidhme bheartas tearmainn ⌦ agus imirce ⌫ an Aontais, a bhaint amach go leordhóthanach ag na Ballstáit agus gur fearr dá bhrí sin is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

↓ 603/2013 aithris 38 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(47) Maidir le Treoir [2016/…/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí~~

~~pearsanta agus saorghluaiseacht na sonraí sin~~[42]] tá feidhm aici maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit arna déanamh chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, mura rud é gur údaráis ⌦ inniúla ⌫ ainmnithe nó fíoraithe na mBallstát a dhéanann an phróiseáil sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile ⇨ lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus na bagairtí sin a chosc, ⇦ a chosc, ⌦ a imscrúdú, ⌫ a bhrath nó ~~a imscrúdú~~ ⇨ ionchúiseamh ⇦.

↓ 603/2013 (oiriúnaithe) ⇨ nua	aithris	39

(48) ⌦ Na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir [2016/… /AE] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an … 2016] maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, tá feidhm acu maidir leis ⌫ an bpróiseáil a dhéanann údaráis ⌦ inniúla ⌫ Ballstát ar shonraí pearsanta chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, ⌦ a imscrúdú, ⌫ a bhrath nó a ~~imscrúdú~~ ⇨ ionchúiseamh ⇦ ~~faoi réir caighdeán cosanta sonraí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta a chomhlíonann Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le cosaint sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoi chuimsiú comhair póilíneachta agus comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla~~[43].

↓ 603/2013 (oiriúnaithe) ⇨ nua	aithris	40

(49) A mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil, ba cheart go ~~soiléireofaí nó go bhforlíonfaí~~ na ~~prionsabail~~ ⇨ rialacha ⇦ sin atá leagtha amach i Rialachán ~~dTreoir~~ [2016/…/..] ~~95/46/CE~~ maidir le cearta agus saoirse daoine aonair a chosaint, go mór mór an ceart ⌦ go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leo a chosaint ⌫ ~~príobháideachais~~, ⇨ arna sonrú de réir na freagrachta maidir le sonraí a phróiseáil, chearta na ndaoine is ábhar do na sonraí agus ana maoirseachta a dhéantar ar chosaint ⇦ , go háirithe i gcás earnálacha áirithe.

↓ 603/2013 aithris 41 ⇨ nua

(50) Ba cheart aistrithe sonraí pearsanta a fuair Ballstát nó Europol de bhun an Rialacháin seo ón Lárchóras chuig aon tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta nó eintiteas príobháideach atá bunaithe san Aontas nó lasmuigh de a thoirmeasc chun an ceart

---

42 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

43 ~~IO L 350, 30.12.2008, lch. 60.~~

chun tearmainn a áirithiú agus chun iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chosaint ar nochtadh a gcuid sonraí chuig aon tríú tír. Tugann an méid sin le fios nár cheart do Bhallstáit faisnéis a aistriú a fuarthas ón Lárchórasmaidir leis an méid seo a leanas: ⇨ ainmn(eacha); dáta breithe; náisiúntacht; ⇦ an Ballstát tionscnaimh/na Ballstáit tionscnaimh ⇨ nó Ballstát an leithdháilte; mionsonraí an doiciméid aitheantais nó taistil; ⇦ ; an áit agus an dáta don iarratas ar chosaint idirnáisiúnta; uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh; an dáta a tógadh na méarloirg mar aon leis an dáta a tharchuir an Ballstát/na Ballstáit na sonraí chuig Eurodac; uimhir aitheantais úsáideora an oibreora; agus aon fhaisnéis a bhaineann le haistriú an duine is ábhar do na sonraí faoi [Rialachán (AE) Uimh. 604/2013]. Ba cheart don toirmeasc sin bheith gan dochar do cheart na mBallstát na sonraí sin a aistriú chuig tríú tíortha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 604/2013] [⇨ i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016] agus leis na rialacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir [2016/…/AE] ⇦], maidir leis, chun a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht ag na Ballstáit comhoibriú leis na tríú tíortha sin chun críocha an Rialacháin seo.

⇩ nua

(51) I gcásanna áirithe, féadfar an fhaisnéis a fuarthas ón Lárchóras a roinnt le tríú tír chun cuidiú a thabhairt an náisiúnach tríú tír a shainaithint mar chuid dá fhilleadh. Ní mór coinníollacha diana a bheith le roinnt aon sonraí pearsanta. Má roinntear an fhaisnéis sin, ní nochtfar aon fhaisnéis do thríú tír faoi iarratas a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta a bheith déanta ag náisiúnach tríú tír más ionann an tír a bhfuil an duine á athligean isteach inti agus a thír thionscnaimh nó tríú tír eile ina n-athligfear isteach é. Ní mór aon aistriú sonraí chuig tríú tír a dhéanfar chun náisiúnach tríú tír a shainaithint a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Chaibidil V de Rialachán(AE) Uimh. […2016].

🡻 603/2013 aithris 42

(52) Ba cheart do na húdaráis maoirseachta náisiúnta faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht phróiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag na Ballstát, agus ba cheart don údarás maoirseachta arna bhunú ag Cinneadh Uimh. 2009/371/CGBfaireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhaíochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh ag Europol.

🡻 603/2013 aithris 43 (oiriúnaithe)

(53) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin~~[44], agus go háirithe Airteagal 21 agus Airteagal 22 de maidir le rúndacht agus slándáil próiseála, maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Ba cheart pointí áirithe a shoiléiriú, áfach, maidir leis an

---

[44] Rialachán (CE) Uimh.45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

bhfreagracht as próiseáil na sonraí agus as maoirseacht ar chosaint sonraí, á mheabhrú gur fachtóir tábhachtach é cosaint sonraí i bhfeidhmiú rathúil Eurodac agus go bhfuil slándáil sonraí, ardcháilíocht theicniúil agus dlíthiúlacht ceaduithe riachtanach chun feidhmiú rianúil agus cuí Eurodac a áirithiú mar aon le cur i bhfeidhm [Rialachán (AE) Uimh. 604/2013].

↓ 603/2013 aithris 44 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(54) Ba cheart go gcuirfí an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas ⇨ go háirithe ⇦ maidir leis an gcuspóir dá bpróiseálfar a shonraí laistigh de Eurodac, lena n-áirítear cur síos ar aidhmeanna Rialachán (AE) […/…] ~~Uimh. 604/2013~~ agus an úsáid a d'fhéadfadh údaráis forghníomhaithe dlí a bhaint as a shonraí nó a sonraí.

↓ 603/2013 aithris 45

(55) Is iomchuí go ndéanfaidh údaráis mhaoirseachta náisiúnta faireachán ar dhlíthiúlacht na próiseála a dhéanann na Ballstáit ar shonraí pearsanta, agus ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, amhail dá dtagraítear de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm..

⇩ nua

(56) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CÉ) Uimh. 45/2001 agus tug sé tuairim uaidh maidir le […]

↓ 603/2013 aithris 46

(57) Ba cheart do na Ballstáit, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún a áirithiú go bhfuil na húdaráis maoirseachta náisiúnta agus Eorpacha in ann faireachán a dhéanamh go leordhóthanach ar úsáid agus ar rochtain ar shonraí Eurodac.

↓ 603/2013 aithris 47 (oiriúnaithe)

(58) Is iomchuí faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht Eurodac go tráthrialta, lena n-áirítear maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh idirdhealú go neamhdhíreach ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta de bharr rochtana forghníomhaithe dlí mar a ardaíodh i meastóireacht an Choimisiúin maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais

Eorpaigh ("an Cairt"). Ba cheart do~~n Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le gníomhaíochtaí an Lárchórais.

↓ 603/2013 aithris 48
⇨ nua

(59) Ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit foráil do chóras pionós atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus a chuirfí i bhfeidhm i gcás próiseáil ⇨ neamhdhleathach ⇦ na sonraí a iontráiltear sa Lárchóras ar bhealach atá i gcoinne chuspóir Eurodac.

↓ 603/2013 aithris 49

(60) Ní mór do na Ballstáit a bheith ar an eolas faoin stádas atá ag nósanna imeachta tearmainn áirithe, d'fhonn cur i bhfeidhm ceart Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 a éascú.

↓ 603/2013 aithris 50

(61) Urramaítear sa Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na prionsabail a aithnítear sa Chairt go háirithe. Féachtar sa Rialachán seo go háirithe le háirithiú go n-urramófar go hiomlán cosaint sonraí pearsanta agus an ceart chun cosaint idirnáisiúnta a iarraidh. Airteagal 8 agus Airteagal 18 den Chairt. Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ag na Ballstáit i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

↓ 603/2013 aithris 51

(62) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus le CFAE, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

↓ 603/2013 aithris 52 (oiriúnaithe)

~~I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE,, [tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.~~

↓ 603/2013 aithris 53 (oiriúnaithe)

~~I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán seo ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm..~~

⇩ nua

(63) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an dá Bhallstát sin gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo]

(64) [I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl na Ballstáit sin rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán ina cheangal orthu ná níl siad faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ

(65) [I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(66) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn (, le litir an ...,) gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.] NÓ

(67) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe (, le litir an ...,) gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(68) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl an Rialachán ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.]

↓ 603/2013 aithris 54 (oiriúnaithe)

(69) Is iomchuí raon feidhme críochach an Rialacháin seo a theorannú ionas go luífidh sé le raon feidhme críochach Rialachán (CE) Uimh […/…] ~~604/2013~~,

↓ 603/2013 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir "Eurodac"

1. Bunaítear leis seo córas ar a dtabharfar "Eurodac" a mbeidh sé mar chuspóir aige:

(a) bheith ina chúnamh nuair a chinnfear an Ballstát atá freagrach, de bhun Rialachán (CE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~ as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus, chomh maith leis sin, cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~ a éascú faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo~~.~~;

⇩ nua

(b) bheith ina chúnamh nuair a bheifear ag rialú imirce neamhdhleathach chuig an Aontas Eorpach agus gluaiseachtaí tánaisteacha ann agus nuair a bheifear ag sainaithint náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach chun a chinneadh cé na bearta is iomchuí atá le déanamh ag Ballstáit, lena n-airítear daoine atá ina gcónaí i stát gan údarú a dhíbirt agus a athdhúichiú.

↓ 603/2013 (oiriúnaithe) ⇨ nua

~~2.~~ (c) Leagtar síos ~~freisin leis an Rialachán seo~~ na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis ainmnithe Ballstát agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a chur i gcomparáid leis na sonraí atá stóráilte sa Lárchóras a iarraidh chun críocha forfheidhmithe dlí ⇨ chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú ⇦ .

~~3~~2. Gan dochar do phróiseáil sonraí atá beartaithe do Eurodac ag an mBallstát tionscnaimh i mbunú bunachar sonraí faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin, ní fhéadfar sonraí méarlorg agus sonraí pearsanta eile a phróiseáil in Eurodac ach amháin chun na gcríoch atá leagtha amach sa Rialachán seo agus in [Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013].

⇩ nua

Airteagal 2

An oibleagáid méarloirg agus íomha aghaidhe a thógáil

1. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit méarloirg agus íomhá aghaidhe daoine dá dtagraítear in Airteagal 10(1), Airteagal 13(1) Airteagal 14(1) a thógáil chun críocha Airteagal 1(1)(a) agus (b) den Rialachán seo agus cuirfidh siad de cheangal ar an duine is ábhar do na sonraí a mhéarloirg agus íomhá dá aghaidh a tabhairt agus cuirfidh siad an duine ar an eolas faoi sin i gcomhréir le hAirteagal 30 den Rialachán seo.

2. Is i gcaoi nach gcuireann as don leanbh agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an linbh a thógfaidh oifigigh méarloirg agus íomhá aghaidhe mionaoiseach ó aois a sé agus beidh oiliúint faighte ag na hoifigigh sin i leith méarloirg agus íomhá aghaidh leanaí a chlárú. Is i gcaoi atá oiriúnach dá aois a gcuirfear an mionaoiseach ar an eolas le bileoga agus/nó grafaicí faisnéise agus/nó taispeántais a ceapadh go sonrach chun an nós imeachta tógála méarlorg agus íomhá aghaidhe a mhíniú do mhionaoisigh agus beidh duine fásta atá freagrach, caomhnóir nó ionadaí i gcuideachta an mhionaoisigh nuair a thógfar a méarloirg agus a n-íomhá aghaidhe. Ní mór do na Ballstáit dínit agus sláine cholainne an mhionaoisigh a urramú i gcónaí le linn an nós imeachta tógála méarlorg agus nuair a bheifear ag tógáil íomhá aghaidhe.

3. Féadfaidh Ballstáit smachtbhannaí riaracháin a thabhairt isteach, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, i leith neamhchomhlíonadh an phróisis tógála méarlorg agus íomhá aghaidhe nach bhfuil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Sa chomhthéacs sin, níor cheart duine a choinneáil ach mar rogha dheireanach chun céannacht náisiúnach tríú tír a fháil amach nó a fhíorú.

4. Gan dochar do mhír 3 den Airteagal seo, mura féidir méarloirg nó íomhá aghaidhe a thógáil ó náisiúnach tríú tír a mheastar a bheith ina dhuine leochaileach nó ó mhionaoiseach de dheasca drochbhail a bheith ar na méarloirg nó ar an aghaidh, ní úsáidfidh an Ballstát sin smachtbhannaí chun fiacha a chur ar an duine sin méarloirg nó íomhá aghaidhe a thabhairt. Féadfaidh Ballstát iarracht a dhéanamh méarloirg nó íomhá aghaidhe mionaoisigh nó duine leochailigh a atógáil má dhiúltaíonn sé sin a dhéanamh mura mbaineann an chúis le neamhchomhlíonadh leis an mbail atá ar na méarloirg nó ar an aghaidh nó ar shláinte an duine agus má tá údar iomchuí ann é a dhéanamh. Má dhiúltaíonn mionaoiseach, mionaoiseach gan tionlacan nó scartha go háirithe, agus go bhfuil foras réasúnta amhrais ann go bhfuil rioscaí maidir le cosaint nó coimeád an linbh, tarchuirfear an linbh chuig na húdaráis náisiúnta cosanta linbh agus/nó na sásraí náisiúnta tarchuir.

🡻 603/2013
⇨ nua

5. Déanfar an nós imeachta maidir le méarloirg ⇨ agus íomha aghaidhe ⇦ a thógáil a chinneadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cleachtas náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann agus i gcomhréir leis na coimircí atá leagtha síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Airteagal ~~2~~ 3

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn 'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta' náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(h) de Threoir 2011/95/AE agus nach bhfuil cinneadh deiridh déanta ina leith go fóill;

(b) ciallaíonn "Ballstát tionscnaimh":

(i) maidir le duine arna chumhdach ag Airteagal ~~9~~ 10(1), an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an Lárchóras agus a fhaigheann torthaí na comparáide;

(ii) maidir le duine arna chumhdach ag Airteagal ~~14~~ 13(1), an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an Lárchóras ⇨ agus a fhaigheann torthaí na comparáide ⇦ ;

(iii) maidir le duine arna chumhdach ag Airteagal ~~17~~ 14(1), an Ballstát a tharchuireann na sonraí pearsanta chuig an Lárchóras agus a fhaigheann torthaí na comparáide;

⇩ nua

(c) ciallaíonn "náisiúnach tríú tír" aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) den Chonradh agus ar duine é nach náisiúnach é de Stát atá rannpháirteach sa Rialachán seo de bhua comhaontú leis an Aontas Eorpach;

⇩ nua

(d) ciallaíonn 'láithreacht neamhdhleathach' láithreacht i gcríoch Ballstáit náisiúnaigh tríú tír nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleamh, na coinníollach teacht isteach atá leagtha amach in Airteagal 5 de Chód Teorainneacha Schengen nó coinníollacha eile a bhaineann le teacht isteach, fanacht nó cónaí sa Bhallstát sin;

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(~~c~~e) ciallaíonn 'tairbhí de chosaint idirnáisiúnta' náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta dó arna sainmhíniú in 'Airteagal 2(a) de Threoir 2011/95/AE;

(~~d~~f) ciallaíonn 'amas' meaitseáil nó meaitseálacha a fhaigheann an Lárchóras trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg arna dtaifeadadh sa bhunachar sonraí lárnach ríomhairithe agus iad sin arna dtarchur ag Ballstát maidir le duine, gan dochar don cheanglas go seiceálfaidh Ballstáit láithreach torthaí na comparáide de bhun Airteagal ~~25~~ 26(4);

(~~e~~g) ciallaíonn 'Pointe Rochtana Náisiúnta' an córas náisiúnta ainmnithe a dhéanann cumarsáid leis an Lárchóras;

(~~f~~h) ciallaíonn ~~"Gníomhaireacht"~~ ⌦ 'eu-LISA' ⌫ an Ghníomhaireacht ⌦ chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála faisnéise sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais ⌫ arna bunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011;

(~~g~~i)ciallaíonn "Europol" an Oifig Eorpach Póilíní arna bunú le Cinneadh 2009/371/CGB;

(~~h~~j) ciallaíonn "sonraí Eurodac" na sonraí uile atá stóráilte sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~ 12, ~~agus~~ le hAirteagal ~~14~~ 13(2) ⇨ agus Airteagal 14(2) ⇦ ;

(~~i~~k) ciallaíonn "forghníomhú dlí" cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(~~j~~l)ciallaíonn "cionta sceimhlitheoireachta" na cionta faoin dlí náisiúnta a chomhfhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagail 1 go 4 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB nó atá comhionann leo;

(~~k~~m)ciallaíonn 'cionta coiriúla tromchúiseacha' na foirmeacha coireachta a chomhfhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó atá comhionann leo, má tá siad inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála go ceann uastréimhse de thrí bliana ar a laghad faoin dlí náisiúnta;

(~~l~~n)ciallaíonn 'sonraí méarlorg' na sonraí a bhaineann le méarloirg ⇨ , mar loirg shimplí agus mar loirg rollta, de na deich méar, más ann dóibh ⇦ ~~nó ar a laghad le méarloirg na gcorrmhéar, agus má tá siad sin in easnamh, méarloirg mhéara eile uile an duine~~, nó lorg neamhfhollas~~.~~;

⇩ nua

(o) ciallaíonn 'íomhá aghaidhe' íomhá dhigiteach den aghaidh ar leor an taifeach agus an cháilíocht inti chun í a úsáid i meaitseáil bhithmhéadrach uathoibríoch.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Beidh an chiall chéanna leis na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal [..]~~2~~ de Threoir [2016/…/AE[~~95/46/EC~~ sa Rialachán seo ach amháin má dhéanann údaráis na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1)(a) den Rialachán seo.

3. Mura luaitear a mhalairt, beidh an chiall chéanna sa Rialachán seo ag na téarmaí arna sainmhíniú in Airteagal [..]~~2~~ de Rialachán (CE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~.

4. An chiall atá leis na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal […] ~~2~~ de Threoir [2016/…/AE]~~Réime 2008/977/CGB~~, beidh an chiall chéanna leo sa Rialachán seo a mhéid a dhéanann údaráis ⌦ inniúla ⌫ na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c) den Rialachán seo.

Airteagal ~~3~~ 4

Struchtúr an Lárchórais agus a bhunphrionsabail

1. Is éard a bheidh in Eurodac:

(a) bunachar sonraí méarlorg lárnach ríomhairithe ("Lárchóras") ina mbeidh:

(i) Aonad Lárnach,

(ii) Plean agus Córas Leanúnachais Gnó;

(b) bonneagar cumarsáide idir an Lárchóras agus na Ballstáit a sholáthraíonn ~~líonra fíorúil criptithe tiomnaithe do~~ ⇨ bealach cumarsáid atá slán agus criptithe do ⇦ shonraí Eurodac ("Bonneagar Cumarsáide").

⇩ nua

2. Úsáidfidh Bonneagar Cumarsáide Eurodac líonra na 'Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin' (TESTA) atá ann cheana. Bunófar líonra príobháideach fíorúil ar leithligh a bheidh tiomnaithe do Eurodac ar an líonra fíorúil príobháideach TESTA atá ann faoi láthair chun a áirithiú go gcoimeádfar sonraí Eurodac agus sonraí eile scartha ó chéile ar bhonn loighciúil.

🡻 603/2013

~~2~~3. Beidh Pointe Rochtana Náisiúnta aonair ag gach Ballstát.

~~3~~4. Déanfar sonraí ar dhaoine arna bpróiseáil ag Airteagal ~~9~~ 10(1), ag Airteagal ~~14~~ 13(1) agus ag Airteagal ~~17~~ 14(1) a phróiseáiltear sa Lárchóras a phróiseáil thar ceann an Bhallstáit tionscnaimh faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus a scaradh trí mhodhanna teicniúla iomchuí.

~~4~~5. Beidh feidhm leis na rialacha a rialaíonn Eurodac freisin i gcás oibríochtúlaí a dhéanann Ballstáit ó tharchur sonraí chuig an Lárchóras go dtí go mbaintear úsáid as torthaí na comparáide.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)

Airteagal ~~4~~ 5

Bainistiú oibríochtúil

1. Beidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ freagrach as bainistiú oibríochtúil Eurodac.

Is éard a bheidh i mbainistíocht oibríochtúil Eurodac na cúraimí go léir a bheidh riachtanach chun Eurodac a choinneáil ag feidhmiú 24 huair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla a bheidh riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an córas ag feidhmiú ar leibhéal sásúil cáilíochta oibríochtúla, go háirithe maidir leis an méid ama a bheidh de dhíth chun an Lárchóras a cheadú. Forbrófar Plean Leanúnachais Gnó agus riachtanais cothabhála agus aga neamhfhónaimh gan choinne an chórais á gcur san áireamh, lena n-áirítear tionchar bhearta leanúnachais gnó ar chosaint sonraí agus ar shlándáil.

2. Áiritheoidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ i gcomhar leis na Ballstáit, go n-úsáidfear le haghaidh an Lárchórais an teicneolaíocht agus na teicnící is fearr agus is sláine dá bhfuil ar fáil i gcónaí, faoi réir anailíse costais agus tairbhe.

⇩ nua

2. Beidh cead ag Eu-LISA sonraí pearsanta iarbhír as córas táirgthe Eurodac a úsáid le haghaidh tástála sna cásanna seo a leanas:

(a) le haghaidh diagnóisice agus deisiú nuair a gheofar fabhtanna sa Lárchóras; agus

(b) chun teicneolaíochtaí agus teicnící nua a thástáil a bhaineann le feabhsú ar fheidhmíocht an Lárchórais nó ar tharchur sonraí chuige.

Sna cásanna sin, beidh na bearta slándála, an rialú rochtana agus na gníomhaíochtaí logála sa timpeallacht tástála ar aon leibhéal leis na réimsí sin i gcóras táirgthe Eurodac. Na sonraí iarbhír a ghlacfar le haghaidh tástála, athrófar iad chun nach féidir a dhéanamh amach cén duine is ábhar do na sonraí a thuilleadh.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)

~~2~~3. Beidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ freagrach freisin as na cúraimí seo a leanas a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide:

(a) maoirseacht;

(b) slándáil;

(c) comhordú an chaidrimh idir na Ballstáit agus an soláthraí.

~~3~~4. Beidh an Coimisiún freagrach as gach cúram eile a bhaineann leis an mBonneagar Cumarsáide, cé is moite de na cúraimí dá dtagraítear i mír ~~2~~ 3, go háirithe:

(a) cur chun feidhme an bhuiséid;

(b) fáil agus athnuachan;

(c) ábhair chonarthacha.

⇩ nua

5. Is é eu-LISA a oibreoidh agus a bhainisteoidh an bealach tarchurtha leictreonaigh idir údaráis na mBallstát darb ainm líonra cumarsáide 'DubliNet' a chuirfear ar bun faoi [Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1560/2003] chun na gcríoch atá leagtha amach in Airteagal 32, Airteagal 33 agus Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. […/…] freisin.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~4~~6. Gan dochar d'Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne, cuirfidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí coibhéiseacha eile rúndachta i

bhfeidhm maidir lena baill foirne ar fad ar gá dóibh oibriú le sonraí Eurodac. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin chomh maith tar éis do na baill foirne sin imeacht as oifig nó scor den fhostaíocht nó tar éis fhoirceannadh a gcúraimí.

Airteagal ~~5~~ 6

Udaráis Ainmnithe Ballstát chun críocha forghníomhaithe dlí

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis atá údaraithe comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh de bhun an Rialacháin seo. Is iad na húdaráis ainmnithe údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ní áireofar ar údaráis ainmnithe gníomhaireachtaí ná aonaid atá freagrach go heisiach as faisnéis a bhaineann le slándáil náisiúnta.

2. Coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na húdaráis ainmnithe.

3. Coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta.

Airteagal ~~6~~ 7

Údaráis fíoraithe Ballstát chun críocha forghníomhaithe dlí

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta aonair nó aonad den údarás sin chun gníomhú mar údarás fíoraithe aige. Is iad na húdaráis fíoraithe údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Féadfaidh an t-údarás ainmnithe agus an t-údarás fíoraithe a bheith páirteach san eagraíocht chéanna, má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta, ach gníomhóidh an t-údarás fíoraithe go neamhspleách agus a gcúraimí faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh aige. Beidh an t-údarás fíoraithe ar leithligh ó na haonaid oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal ~~5~~ 6(3) agus ní bhfaighidh siad treoracha uathu maidir le toradh an fhíoraithe.

Féadfaidh na Ballstáit níos mó ná aon údarás fíoraithe amháin a ainmniú ag brath ar a struchtúir eagraíochtúla agus riaracháin, i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla nó dhlíthiúla.

2. Áiritheoidh an t-údarás fíoraithe go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le méarloirg a chur i gcomparáid le sonraí Eurodac a iarraidh.

Is í an fhoireann ar tugadh an chumhacht iomchuí di agus í sin amháin a bheidh údaraithe iarraidh a ghlacadh le haghaidh rochtain ar shonraí Eurodac i gcomhréir le hAirteagal ~~19~~ 20.

Ní údarófar ach an t-údarás fíoraithe chun iarrataí ar chomparáidí méarlorg ⇨ agus íomhánna aghaidhe ⇦ a chur ar aghaidh chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta.

Airteagal ~~7~~ 8

Europol

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), ainmneoidh Europol aonad speisialaithe, ina mbeidh oifigigh de chuid Europol ar tugadh an chumhacht iomchuí dóibh, chun gníomhú mar údarás fíoraithe aige, arb aonad é a ghníomhóidh go neamhspleách ar an údarás ainmnithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus a gcúraimí faoin Rialachán seo

á gcomhlíonadh aige agus ní bhfaighidh sé treoracha ón údarás ainmnithe maidir le toradh an fhíoraithe. Áiritheoidh an t-aonad seo go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le méarloirg ⇨ agus íomhánna aghaidhe ⇦ a chur i gcomparáid le sonraí Eurodac a iarraidh. Ainmneoidh Europol, i gcomhaontú le haon Bhallstát, Pointe Rochtana Náisiúnta an Bhallstáit sin a chuirfidh a iarrataí ar shonraí méarlorg ⇨ agus íomhánna aghaidhe ⇦ chuig an Lárchóras.

2. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~ (1)(c), ainmneoidh Europol aonad oibríochtúil atá údaraithe chun comparáidí le sonraí Eurodac a iarraidh trína Phointe Rochtana Náisiúnta. Is aonad oibríochtúil de chuid Europol a bheidh san údarás ainmnithe atá inniúil faisnéis a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a aistriú chun gníomhaíocht na mBallstát a thacú agus a threisiú i gcionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha a thagann faoi shainordú Europol a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

Airteagal ~~8~~ 9

Staidreamh

1. Déanfaidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ staidreamh maidir le hobair an Lárchórais gach ⇨ mí ⇦ ~~ráithe~~, ag tabhairt le fios go háirithe:

(a) líon na dtacar sonraí a tharchuirtear i dtaobh na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal ~~9~~ 10(1), in Airteagal ~~14~~ 13(1) agus in Airteagal ~~17~~ 14(1);

(b) líon na n-amas ~~d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta~~ ⌦ de dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 10(1) ⌫ a thaisc iarratas ⌦ ina dhiaidh sin ⌫ ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile ⇨ , a gabhadh maidir le trasnú mírialta teorann seachtraí agus a bhfuarthas amach go raibh siad ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát ⇦ ;

(c) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal ~~14~~ 13(1) a thaisc iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ina dhiaidh sin ⇨ a gabhadh maidir le trasnú mírialta teorann seachtraí agus a bhfuarthas amach go raibh siad ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát ⇦ ;

(d) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal ~~17~~ 14(1) a thaisc iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile roimhe sin ⇨ , a gabhadh maidir le trasnú mírialta teorann seachtraí agus a bhfuarthas amach go raibh siad ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát ⇦ ;

(e) líon na sonraí méarlorg arbh éigean don Lárchóras a iarraidh níos mó ná uair amháin ó na Ballstáit tionscnaimh toisc nárbh fhéidir na sonraí méarlorg a tarchuireadh ar dtús a úsáid i gcomhair comparáide ag úsáid an chórais aitheantais méarloirg ar ríomhaire;

(f) líon na dtacar sonraí arna marcáil, arna. ndímharcáil, arna mblocáil agus arna ndíbhlocáil i gcomhréir le hAirteagal ~~18~~ 19(1) agus ~~(3)~~ ⇨ Airteagal 17(2), (3) agus (4) ⇦ ;

(g) líon na n-amas do dhaoine dá dtagraítear in Airteagal ~~18~~ 19(1) ⇨ agus (4) ⇦ a bhfuil amais taifeadta dóibh faoi phointe (b) ⇨ , (c) ⇦ agus faoi phointe (d) den Airteagal seo;

(h) líon na n-iarrataí agus na n-amas dá dtagraítear in Airteagal ~~20~~ 21(1);

(i) líon na n-iarrataí agus na n-amas dá dtagraítear in Airteagal ~~21~~ 22(1)~~.~~;

⇩ nua

(j) líon na n-iarrataí ó dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 31;

(h) líon na n-amas a fuarthas ón Lárchóras dá dtagraítear in Airteagal 26(6).

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. ⇨ Déanfar na staitisticí míosúla i ndáil le daoine dá dtagraítear i mír 1(a) go (h) a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal gach mí faoi dheireadh gach míosa. ⇦ Ag deireadh gach bliana, ⌦ déanfaidh eu-LISA ⌫ na sonraí staitisticiúla ⇨ i ndáil le daoine dá dtagraítear i mír 1(a) go (h) ⇦⇨ a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal ⇦ ~~bunófar i bhfoirm tiomsaithe de na staitisticí ráithiúla don bhliain sin, lena n-áirítear tásc ar líon na ndaoine a bhfuil amais taifeadta dóibh faoi mhír 1(b), (c) agus (d)~~. Beidh miondealú ar shonraí gach Ballstáit sa staidreamh. ~~Déanfar na torthaí a phoibliú.~~

⇩ nua

3. Ar iarratas ón gCoimisiún, tabharfaidh eu-LISA staitisticí dó i ndáil le gnéithe sonracha chun críocha taighde agus anailísithe gan aithne na ndaoine a ligean leis chomh maith leis an deis staitisticí rialta a tháirgeadh de bhun mhír 1. Roinnfear na staitisticí sin le Gníomhaireachtaí eile ceartais agus gnóthaí baile má bhíonn siad ábhartha maidir le cur chun feidhme a gcúraimí.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

CAIBIDIL II

IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal ~~9~~ 10

Sonraí méarloirg ⌦ íomhá aghaidhe ⌫ a bhailiú ⌦ agus ⌫ tharchur ~~agus a chur i gcomparáid~~

1. Tógfaidh gach Ballstát go pras méarloirg ó mhéara uile gach iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta atá ~~14~~ ⇨ sé ⇦ bliana d'aois ar a laghad ⇨ agus a íomhá aghaidhe ⇦ agus tarchuirfidh sé iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna shainmhíniú in Airteagal [21(2)]de Rialachán (CE) Uimh. ~~604/2013~~ a thaisceadh, mar aon leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 12 ~~(b) go (g)~~ ⇨ (c) go (n) ⇦ den Rialachán seo, chuig an Lárchóras.

Fiú amháin mura gcomhlíontar an teorainn ama 72 uair an chloig, tá an oibleagáid fós ar na Ballstáit na méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig an Lárchóras. I gcás ina bhfágann an

bhail atá ar bharra na méar nach féidir méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid iomchuí a dhéanamh faoi Airteagal ~~25~~ 26, tógfaidh an Ballstát tionscnaimh méarloirg an iarratasóra arís agus cuirfear ar aghaidh arís iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair a chloig tar éis iad a atógáil go rathúil.

2. De mhaolú ar mhír 1, mura féidir méarloirg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ iarratasóra a thógáil de bharr bearta a glacadh ar mhaithe le sláinte an iarratasóra nó ar mhaithe le cosaint na sláinte poiblí, tógfaidh na Ballstáit na méarloirg ⇨ sin agus an íomhá aghaidhe ⇦ sin agus cuirfidh siad ar aghaidh iad a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis deireadh a bheith leis na forais sláinte sin.

I gcás fadhbanna teicniúla tromchúiseacha a bheith ann, féadfaidh na Ballstáit uasmhéid 48 n-uair an chloig a chur leis an teorainn ama 72 uair an chloig bunaidh i mír 1 chun na pleananna leanúnachais náisiúnta a chur i bhfeidhm.

~~3. Déanfar comparáid go huathoibríoch idir sonraí méarlorg de réir bhrí Airteagal 11(a), arna dtarchur ag aon Bhallstát, ach amháin na sonraí sin a tarchuireadh i gcomhréir le hAirteagal 10(b), agus sonraí méarlorg arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá stóráilte cheana féin sa Lárchóras.~~

~~4. Áiritheoidh an Lárchóras, arna iarraidh sin ag Ballstát, go gclúdóidh an chomparáid dá dtagraítear i mír 3 na sonraí méarlorg a tharchuir an Ballstát sin roimhe seo, mar aon leis na sonraí ó Bhallstáit eile.~~

~~5. Tarchuirfidh an Lárchóras an t-amas nó toradh diúltach na comparáide chuig an mBallstát tionscnaimh go huathoibríoch. I gcás amas a bheith ann, tarchuirfidh sé, i gcás gach tacar sonraí a chomhfhreagraíonn don amas, na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) go (k) d'Airteagal 11 mar aon leis an marc dá dtagraítear in Airteagal 18(1), i gcás inarb iomchuí.~~

⇩ nua

3. Lena chois sin, féadfaidh baill de na Foirne Eorpacha Gardaí Teorann [agus Cósta] nó saineolaithe tearmainn Ballstát sonraí méarloirg a thógáil agus a tharchur má bhíonn siad i mbun a gcúraimí agus ag feidhmiú cumhachtaí i gcomhréir leis an [Rialachán maidir leis na Gardaí Eorpacha Teorann [agus Cósta] lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004, Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 agus [Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle] agus [Rialachán AE) Uimh. 439/2010].

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

Airteagal ~~10~~ 11

Faisnéis faoi stádas an duine is ábhar do na sonraí

Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar aghaidh chuig an Lárchóras chun í a stóráil i gcomhréir le hAirteagal ~~12~~ 17 (1) chun críche tarchurtha faoi Airteagal ~~9(5)~~ ⇨ 15 agus Airteagal 16 ⇦ :

(a) nuair a thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta nó duine eile amhail dá dtagraítear in ⇨ Airteagal 21(1) ⇦ ⇨ (b), (c), ⇦ (d) ⇨ nó (e) ⇦ de Rialachán (CE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~ i dtír sa Bhallstát freagrach i ndiaidh aistriú de bhun

cinneadh lena nglactar le hiarraidh ⇨ fógra tógála ⇦ an duine sin é/í a thógáil ar ais, amhail dá dtagraítear in Airteagal ⇨ 26 ⇦ de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013, nuashonróidh an Ballstát freagrach a thacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~ 12 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta a theacht nó a teacht i dtír a chur leis an tacar;

(b) nuair a thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta i dtír sa Bhallstát freagrach i ndiaidh aistriú de bhun cinnidh á ghlacadh le hiarraidh é/í a ghabháil ar láimh i gcomhréir le hAirteagal ⇨ 24 ⇦ de Rialachán (CE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~, seolfaidh an Ballstát freagrach, i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~ 12 den Rialachán seo, tacar sonraí a bhaineann leis an duine lena mbaineann agus beidh sa tacar sin dáta a theacht nó a teacht i dtír;

⇩ nua

(c) má thagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta isteach i mBallstát an leithdháilte de bhun Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. ..., cuirfidh an Ballstát sin, i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo, tacar sonraí ar aghaidh i ndáil leis an duine lena mbaineann agus beidh dáta a theacht isteach sa tacar sin agus luafaidh sé mar chuid den taifead gurb é Ballstát an leithdháilte é.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(c) a luaithe is féidir leis an mBallstát tionscnaimh a shuíomh go bhfuil an duine ábhartha, ar taifeadadh a shonraí in EURODAC i gcomhréir le hAirteagal 11, imithe ó chríoch na mBallstát, nuashonróidh sé a thacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta imeachta an duine sin ón gcríoch a chur leis an tacar, chun cur i bhfeidhm Airteagal 19(2) agus Airteagal 20(5) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013 a éaseú;~~

(d) a luaithe a dhearbhaíonn an Ballstát tionscnaimh go bhfuil an duine ábhartha ar taifeadadh a shonraí in Eurodac i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~ 12 den Rialachán seo imithe ó chríoch na mBallstát i gcomhréir le cinneadh maidir le filleadh nó ordú aistrithe a d'eisigh an Ballstát tionscnaimh tar éis an t-iarratas, amhail ~~dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (CE) Uimh. 604/2013~~ a tharraingt siar nó a dhiúltú, nuashonróidh sé an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~ 12 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta aistrithe an duine nó an dáta a fhág sé nó sí an chríoch a chur leis an tacar;

(e) nuashonróidh an Ballstát thagann chun bheith freagrach i gcomhréir le ⇨ hAirteagal 19(1) ⇦ de Rialachán (CE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~ an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal ~~11~~ 12 den Rialachán seo, a bhaineann leis an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, tríd an dáta a cinneadh an t-iarratas a scrúdú a chur leis an tacar.

Airteagal ~~11~~ 12

Sonraí a thaifeadadh

Ní dhéanfar ach na sonraí seo a leanas a thaifeadadh sa Lárchóras:

(a) sonraí méarlorg;

⇩ nua

(b) íomhá aghaidhe;

(c) sloinneadh/sloinnte agus ainm(neacha), ainm(neacha) ag tráth breithe agus ainmneacha a úsáideadh roimhe agus aon ailias(anna), agus féadfar iad a chur in iontráil ar leith;

(d) náisiúntacht(aí);

(e) an áit ar rugadh an duine agus an dáta a rugadh é;

🡻 603/2013

(~~e~~bf) an Ballstát tionscnaimh, ionad agus dáta an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta; sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal ~~10~~ 11(b), is é dáta an iarratais an dáta arna chur isteach ag an mBallstát a d'aistrigh an t-iarratasóir;

(~~e~~g) inscne;

⇩ nua

(h) cineál agus uimhir aitheantais nó doiciméid taistil; cód trí litir na tíre eisiúna agus bailíocht;

🡻 603/2013

(~~d~~i) uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh;

⇩ nua

(j) uimhir iarratais uathúil an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta de bhun Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. […/…];

(k) Ballstát an leithdháilte i gcomhréir le hAirteagal 11(c);

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(~~f~~el) an dáta a tógadh na méarloirg ⇨ agus/nó an íomhá aghaidhe ⇦

(~~f~~m) an dáta a tarchuireadh na sonraí chuig an Lárchóras;

(~~g~~n) aitheantas úsáideora an oibreora.

(~~h~~o) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal ~~10~~ 11(a) ~~nó (b)~~, dáta theacht i dtír an duine lena mbaineann tar éis aistriú rathúil;

⌦ (p)) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal ~~10~~ 11(b), dáta theacht i dtír an duine lena mbaineann tar éis aistriú rathúil; ⌫

⇩ nua

(h) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 11(c), dáta theacht isteach duine lena mbaineann tar éis aistriú rathúil;

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~(i) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(e), an dáta ar fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát;~~

(~~j~~ir) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal ~~10~~ 11(d), an dáta a d'fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát nó an dáta a aistríodh as an gcríoch é;

(~~k~~s) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal ~~10~~ 11(e), an dáta a cinneadh an t-iarratas a scrúdú.

CAIBIDIL III

NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR NÓ DAOINE GAN STÁT A GHABHTAR MAIDIR LE TEORAINN SHEACHTRACH A THRASNÚ GO MÍRIALTA

Airteagal ~~14~~ 13

Sonraí méarlorg a bhailiú agus a tharchur ⌦ agus sonraí íomhá aghaidhe ⌫

1. Tógfaidh gach Ballstát⇨ go pras íomhá aghaidhe agus ⇦ méarloirg ó mhéara uile gach náisiúnaigh tríú tír nó gach duine gan stát atá ~~14~~ ⇨ sé ⇦ bliana d'aois ar a laghad a ghabhann na húdaráis rialaithe inniúla maidir le trasnú mírialta a dhéanamh ar thalamh, ar muir nó san aer ar theorainn an Bhallstáit sin, ar duine é atá tagtha as tríú tír agus nár seoladh ar ais é nó atá fós i láthair go fisiciúil ar chríoch na mBallstát agus nach bhfuil faoi choimeád, faoi ghaibhniú nó faoi choinneáil le linn na tréimhse ar fad idir an t-am a ghabhtar é agus a chuirtear den chríoch é ar bhonn an chinnidh é nó í a chur ar ais.

2. Tarchuirfidh an Ballstát lena mbaineann a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an dáta gabhála na sonraí seo a leanas chuig an Lárchóras maidir le haon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát, amhail dá dtagraítear i mír 1, nach gcuirtear ar ais:

(a) sonraí méarlorg;

⇩ nua

(b) íomhá aghaidhe

(c) sloinneadh/sloinnte agus ainm(neacha), ainm(neacha) ag tráth breithe agus ainmneacha a úsáideadh roimhe agus aon ailias(anna), agus féadfar iad a chur in iontráil ar leith;

(d) náisiúntacht(aí);

(e) an áit ar rugadh an duine agus an dáta a rugadh é.

↓ 603/2013

(~~b~~f) an Ballstát tionscnaimh, ionad agus dáta na gabhála;

(~~c~~g) inscne;

⇩ nua

(h) cineál agus uimhir aitheantais nó doiciméid taistil; cód trí litir na tíre eisiúna agus bailíocht;

↓ 603/2013
⇨ nua

(~~d~~i) uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh;

(~~e~~j) an dáta a tógadh na méarloirg ⇨ agus/nó an íomhá aghaidhe ⇦

(~~f~~k) an dáta a tarchuireadh na sonraí chuig an Lárchóras;

(~~g~~l) aitheantas úsáideora an oibreora~~,~~;

⇩ nua

(m) i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le mír 6, an dáta a d'fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát nó an dáta a aistríodh as an gcríoch sin é.

↓ 603/2013
⇨ nua

3. De mhaolú ar mhír 2, maidir leis na sonraí arna sonrú i mír 2 a bhaineann le daoine a ghabhtar mar a luaitear i mír 1 agus atá fós i láthair go fisiciúil ar chríoch na mBallstát ach atá faoi choimeád, faoi ghaibhniú nó faoi choinneáil tar éis a ngabhála ar feadh tréimhse níos faide ná 72 uair an chloig, tarchuirfear iad sula scaoilfear ó choimeád, ó ghaibhniú nó ó choinneáil na daoine sin.

4. Fiú amháin mura gcomhlíontar an teorainn ama 72 uair an chloig dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh an oibleagáid fós ar na Ballstáit na méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig an Lárchóras. I gcás ina bhfágann an bhail atá ar bharra na méar nach féidir na méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid iomchuí a dhéanamh faoi Airteagal ~~25~~ 26, tógfaidh an Ballstát tionscnaimh méarloirg an duine sin arís mar a luaitear i mír 1 den Airteagal seo agus cuirfear ar aghaidh arís iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis iad a thógáil go rathúil.

5. De mhaolú ar mhír 1, mura féidir méarloirg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ an duine dá dtagraítear i mír 1 a thógáil de bharr bearta a glacadh ar mhaithe le sláinte an duine sin nó ar mhaithe le cosaint na sláinte poiblí, tógfaidh an Ballstát lena mbaineann méarloirg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ agus an duine sin agus cuirfidh siad ar aghaidh iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis deireadh a bheith curtha leis na forais sláinte sin.

I gcás fadhbanna teicniúla tromchúiseacha a bheith ann, féadfaidh na Ballstáit uasmhéid 48 n-uair an chloig a chur leis an teorainn ama 72 uair an chloig bunaidh i mír 2 chun na pleananna leanúnachais náisiúnta a chur i bhfeidhm.

⇩ nua

6. A luaithe a dhearbhóidh an Ballstát tionscnaimh gur fhág an duine ábhartha ar taifeadadh na sonraí i ndail leis in Eurodac i gcomhréir le mír 1 críoch na mBallstát i gcomhréir le cinneadh fillte nó le hordú aistrithe a eisíodh tar éis tharraingt siar nó dhiúltú an iarratais, i gcomhréir le mír (1), tabharfaidh sé an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le mír (2), a bhaineann leis an duine lena mbaineann cothrom le dáta tríd an dáta a cuireadh an duine ar ais nó a d'fhág sé an chríoch an chríoch a chur leis.

7. Lena chois sin, féadfaidh baill de na Foirne Eorpacha Gardaí Teorann [agus Cósta] sonraí méarlorg a thógáil agus a tharchur má bhíonn siad i mbun a gcúraimí agus ag feidhmiú cumhachtaí i gcomhréir leis an [Rialachán maidir leis na Gardaí Eorpacha Teorann [agus Cósta] lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004, Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 agus [Cinneadh 2005/267/CE ón gComhairle].

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)

~~*Airteagal 15*~~

~~**Sonraí a thaifeadadh**~~

~~1. Déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) a thaifeadadh sa Lárchóras.~~

~~Gan dochar d'Airteagal 8, déanfar sonraí arna dtarchur chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 14(2) a thaifeadadh chun críche comparáid a dhéanamh idir iad agus sonraí faoi iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta amháin agus chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) arna dtarchur ina dhiaidh sin chuig an Lárchóras.~~

~~Ní chuirfidh an Lárchóras sonraí arna dtarchur chuige de bhun Airteagal 14(2) i gcomparáid le haon sonraí eile arna dtaifeadadh roimhe sin sa Lárchóras, ná le sonraí arna dtarchur ina dhiaidh sin chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 14(2).~~

~~2. Maidir le sonraí iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arna dtarchur chuig an Lárchóras ina dhiaidh sin a chur i gcomparáid leis na sonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) agus (5) agus in Airteagal 25(4).~~

~~*Airteagal 16*~~

~~**Sonraí a stóráil**~~

~~1. Stórálfar gach tacar sonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(1) sa Lárchóras ar feadh 18 mí ón dáta ar tógadh a mhéarloirg nó a méarloirg. Ar dhul in éag don tréimhse sin, scriosfaidh an Lárchóras sonraí den sórt sin go huathoibríoch.~~

~~2. Scriosfar sonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(1) ón Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 28(3) a luaithe agus a fhaigheann an Ballstát tionscnaimh eolas faoi cheann de na himthosca seo a leanas sula dtéann an tréimhse 18 mí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in éag:~~

~~(a) eisíodh doiciméad cónaithe don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát;~~

~~(b) d'fhág an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát críoch na mBallstát;~~

~~(c) fuair an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát saoránacht aon Bhallstáit.~~

~~3. Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72 uair an chloig go bhfuil sonraí scriosta ar an gcúis atá sonraithe i mír 2(a) nó (b) den Airteagal seo, nó go bhfuil siad scriosta ag Ballstát tionscnaimh eile i ndiaidh dó amas a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 14(1).~~

~~4. Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72 uair an chloig go bhfuil sonraí scriosta ag Ballstát tionscnaimh eile ar an gcúis atá sonraithe i mír 2(c) den Airteagal seo, i ndiaidh dó toradh dearfach a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(1) nó in Airteagal 14(1).~~

CAIBIDIL IV

NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR NÓ DAOINE GAN STÁT A FHAIGHTEAR A BHEITH AG FANACHT GO NEAMHDHLEATHACH I mBALLSTÁT

Airteagal ~~17~~ 14

Sonraí méarlorg ⌦ agus íomhá aghaidhe ⌫ ⌦ a bhailiú agus a tharchur ⌫

~~1. D'fhonn a sheiceáil an ndearna náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a fuarthas a bheith ag fanacht go neamhdhleathach laistigh de chríoch Ballstáit, an ndearna sé iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile roimhe sin, féadfaidh Ballstát sonraí méarlorg a tharchur chuig an Lárchóras, ar sonraí iad a bhaineann le méarloirg a d'fhéadfadh a bheith tógtha aige d'aon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát den sórt sin atá 14 bliana d'aois ar a laghad, mar aon leis an uimhir thagartha arna húsáid ag an mBallstát sin.~~

~~Mar riail ghinearálta, bíonn forais ann le seiceáil ar thaisc an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile roimhe sin sna cásanna seo a leanas:~~

~~(a) dhearbhaigh an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát gur thaisc sé iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach níor thug sé le fios cén Ballstát inar thaisc sé/sí an t-iarratas;~~

~~(b) ní iarrann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát cosaint idirnáisiúnta ach cuireann sé i gcoinne é a sheoladh ar ais chuig a thír thionscnaimh trí éileamh a dhéanamh go mbeadh sé i gcontúirt, nó~~

~~(c) féachann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát seachas sin le cosc a chur ar a sheoladh ar ais trí dhiúltú comhoibriú lena chéannacht a shuíomh, go háirithe trí pháipéir chéannachta bhréagacha a thaispeáint, nó gan aon chinn a thaispeáint.~~

~~2. I gcás ina bhfuil Ballstáit páirteach sa nós imeachta dá dtagraítear i mír 1, tarchuirfidh siad chuig an Lárchóras na sonraí méarlorg a bhaineann leis na méara ar fad nó leis na corrmhéara ar a laghad, agus, má tá siad sin ar iarraidh, méarloirg gach méire eile, de chuid náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát dá dtagraítear i mír 1.~~

⇩ nua

1. Tógfaidh gach Ballstát méarlorg gach méire agus íomhá aghaidhe gach náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát atá os cionn sé bliana d'aois agus a bhfuarthas amach go bhfuil sé ag fanacht go neamhdhleathach laistigh de chríoch an Bhallstáit sin, agus déanfaidh sé go luath é.

2. Tarchuirfidh an Ballstát lena mbaineann a luaithe agus is féidir, agus tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an dáta gabhála, na sonraí seo a leanas chuig an Lárchóras maidir le haon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát dá dtagraítear i mír 1:

(a) sonraí méarloirg;

(b) íomha aghaidhe

(c) sloinneadh/sloinnte agus ainm(neacha), ainm(neacha) ag tráth a bhreithe agus ainmneacha a úsáideadh roimhe agus aon ailias(anna), agus féadfar iad a chur in iontráil ar leith;

(d) náisiúntacht(aí);

(e) an áit agus an dáta a rugadh é.

(f) an Ballstát tionscnaimh, ionad agus dáta na gabhála;

(g) inscne;

(h) cineál agus uimhir aitheantais nó doiciméid taistil; cód trí litir na tíre eisiúna agus bailíocht;

(i) an uimhir thagartha a úsáideann an Ballstát tionscnaimh;

(j) an dáta a tógadh na méarloirg;

(k) an dáta a tarchuireadh na sonraí chuig an Lárchóras;

(l) aitheantas úsáideora an oibreora.

(m) más infheidhme, agus i gcomhréir le hAirteagal 6, an dáta a d'fhág an duine lena mbaineann críoch na mBallstát nó an dáta a aistríodh as an gcríoch sin é

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

3. Tarchuirfear sonraí méarlorg náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát amhail dá dtagraítear i mír 1 chuig an Lárchóras ~~chun críche comparáid a dhéanamh~~ ⇨ agus déanfar comparáid ⇦ idir iad agus sonraí méarlorg ~~iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta~~ ⌦ daoine ar tógadh a méarloirg chun críocha Airteagal ~~9~~ 10(1), ~~14~~ 13(1) agus ~~17~~ 14(1) ⌫ arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá taifeadta cheana féin sa Lárchóras, agus is chun na críche sin amháin.

~~Ní dhéanfar sonraí méarlorg náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát den sórt sin a thaifeadadh sa Lárchóras, ná ní chuirfear iad i gcomparáid leis na sonraí arna dtarchur chuig an Lárchóras de bhun Airteagal 14(2).~~

⇩ nua

4. Mura gcomhlíonfar an teorainn ama 72 uair an chloig dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, beidh an oibleagáid fós ar na Ballstáit na méarloirg a thógáil agus a tharchur chuig an Lárchóras. I gcás ina bhfágfaidh an bhail atá ar bharra na méar nach féidir na méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid iomchuí a dhéanamh faoi Airteagal 26, tógfaidh an Ballstát tionscnaimh méarloirg an duine sin arís ar an gcaoi a bhfuil tuairisc uirthi i mír 1 den Airteagal seo agus cuirfear ar aghaidh arís iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis iad a atógáil go rathúil.

5. De mhaolú ar mhír 1, mura féidir méarloirg an duine dá dtagraítear i mír 1 a thógáil de dheasca bearta a rinneadh ar mhaithe le sláinte an duine sin nó ar mhaithe le cosaint na sláinte poiblí, tógfaidh an Ballstát lena mbaineann na méarloirg sin agus an íomhá aghaidhe sin agus cuirfidh siad ar aghaidh iad a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis deireadh a bheith curtha leis na forais sláinte sin.

I gcás fadhbanna teicniúla tromchúiseacha, féadfaidh na Ballstáit uasmhéid 48 n-uair an chloig a chur leis an teorainn ama 72 uair an chloig i mír 2 chun na pleananna leanúnachais náisiúnta a chur i bhfeidhm.

6. A luaithe a dhearbhóidh an Ballstát tionscnaimh gur fhág an duine ábhartha ar taifeadadh na sonraí i ndáil leis in Eurodac i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den Rialachán seo críoch na mBallstát i gcomhréir le cinneadh maidir le filleadh nó ordú aistrithe, nuashonróidh sé an tacar sonraí, arna thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 2 den Rialachán seo, a bhaineann leis an duine ábhartha, trí dháta aistrithe an duine nó an dáta a d'fhág sé an chríoch a chur leis an tacar sin;

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~4. A luaithe a bheidh torthaí na comparáide idir na sonraí méarlorg tarchurtha chuig an mBallstát tionscnaimh, ní dhéanfaidh an Lárchóras taifead na gceuardach a choimeád ach amháin chun críocha Airteagal 28. Seachas chun na gcríoch sin, ní fhéadfaidh Ballstáit ná an Lárchóras aon taifead eile de chuid an chuardaigh a stóráil.~~

~~5. Maidir le sonraí méarlorg arna dtarchur faoin Airteagal seo a chur i gcomparáid le sonraí méarlorg iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá stóráilte sa Lárchóras cheana féin, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) agus (5) agus in Airteagal 25(4).~~

CAIBIDIL V

⌦ AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE SONRAÍ A CHUR I gCOMPARÁID LE CHÉILE I gCÁS IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA AGUS NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR A GABHADH AGUS

IAD AG TRASNÚ NA TEORANN GO MÍRIALTA NÓ AG FANACHT GO NEAMHDHLEATHACH I gCRÍOCH BALLSTÁIT ⌫

Airteagal 15

⌦ Comparáid sonraí méarlorg agus íomhá aghaidhe ⌫

~~3~~1. Déanfar comparáid go huathoibríoch idir sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ ~~de réir bhrí Airteagal 11(a)~~, arna dtarchur ag aon Bhallstát, ach amháin na sonraí sin a tarchuireadh i gcomhréir le hAirteagal ~~10~~ 11(b) ⇨ agus (c) ⇦ , agus sonraí méarlorg arna dtarchur ag Ballstáit eile agus atá stóráilte cheana féin sa Lárchóras⌦ i gcomhréir le hAirteagal ~~9~~ 10(1), ~~14~~ 13(1) agus ~~17~~ 14(1) ⌫ .

~~4~~2. Áiritheoidh an Lárchóras, arna iarraidh sin ag Ballstát, go gclúdóidh an chomparáid dá dtagraítear i mír ~~3~~ 1 ⌦ den Airteagal seo ⌫ na sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a tharchuir an Ballstát sin roimhe seo, mar aon leis na sonraí ⌦ méarlorg ⌫ ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ ó Bhallstáit eile.

~~5~~3. Tarchuirfidh an Lárchóras an t-amas nó toradh diúltach na comparáide chuig an mBallstát tionscnaimh go huathoibríoch ⇨ de réir na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 26(4) ⇦ . I gcás amas a bheith ann, tarchuirfidh sé, i gcás gach tacar sonraí a chomhfhreagraíonn don amas, na sonraí dá dtagraítear i ~~bpointí (a) go (k) d'Airteagal 11~~ ⇨ in Airteagal 12, 13(2) agus 14(2) ⇦ mar aon leis an marc dá dtagraítear in Airteagal ~~18~~ 19(1) ⇨ agus (4) ⇦ , i gcás inarb iomchuí. ⇨ Má fhaightear toradh amais diúltach, ní tharchuirfear na sonraí dá dtagraítear Airteagal 12, Airteagal 13(2) agus Airteagal 14(2). ⇦

⇩ nua

4. Má fhaigheann Ballstát fianaise ar amas ó Eurodac lenarbh fhusa don Bhallstát a chuid oibleagáidí faoi Airteagal1(1)(a) a chomhlíonadh, beidh tús áite ag an amas sin thar aon amas eile.

⇩ nua

Airteagal 16

Comparáid idir sonraí íomhá aghaidhe

(2) I gcás ina bhfágfaidh an bhail atá ar bharra na méar nach féidir na méarloirg a thógáil ar chaighdeán atá oiriúnach chun comparáid iomchuí a dhéanamh faoi Airteagal 26 nó i gcás ina ndiúltaíonn duine dá dtagraítear in Airteagal 10(1), Airteagal 13(1) agus Airteagal 14(1) dul tríd an bpróiseas tógála méarlorg, féadfaidh Ballstát comparáid a dhéanamh idir sonraí íomhá aghaidhe mar rogha dheireanach.

(3) Féadfar sonraí íomhá aghaidhe agus sonraí i ndáil le hinscne an duine is ábhar do na sonraí a chur i gcomparáid go huathoibríoch leis na sonraí íomhá aghaidhe agus na sonraí pearsanta a bhaineann le hinscne an duine is ábhar do na sonraí a tharchuir Ballstáit eile agus atá stóráilte cheana sa Lárchóras i gcomhréir le Airteagal 10(1), Airteagal 13(1) agus Airteagal 14(1) ach amháin na sonraí a tarchuireadh i gcomhréir le hAirteagal 11(b) agus (c).

(4) Áiritheoidh an Lárchóras, ar iarratas ó Bhallstát, go gcumhdóidh an chomparáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na sonraí íomhá aghaidhe a tharchuir an Ballstát sin roimhe sin, mar aon leis na sonraí íomhá aghaidhe ó Bhallstáit eile.

(5) Tarchuirfidh an Lárchóras an t-amas nó toradh diúltach na comparáide chuig an mBallstát tionscnaimh go huathoibríoch i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in Airteagal 26(4). Má bhíonn amas ann, tarchuirfidh sé, i gcás gach tacair sonraí a chomhfhreagraíonn don amas, na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12, Airteagal 13(2) agus Airteagal 14(2) mar aon leis an marc dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus (4), i gcás inarb iomchuí. Má fhaightear amas diúltach, ní tharchuirfear na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 12, Airteagal 13(2) agus Airteagal 14(2)

(6) Má fhaigheann Ballstát fianaise ar amas ó Eurodac lenarbh fhusa don Bhallstát a chuid oibleagáidí faoi Airteagal1(1)(a) a chomhlíonadh, beidh tús áite ag an amas sin thar aon amas eile.

↓ 603/2013 (oiriúnaithe)

CAIBIDIL ~~V~~ VI

~~*BENEFICIARIES OF INTERNATIONAL PROTECTION*~~ ⌦ STÓRÁIL SONRAÍ, ARDSCRIOSADH SONRAÍ AGUS MARCÁIL SONRAÍ ⌫

Airteagal ~~12~~ 17

Stóráil sonraí

1. ⌦ Chun na gcríoch atá leagtha amach in Airteagal 10(1), ⌫ ~~S~~stórálfar gach tacar sonraí i ⌦ ndail le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ⌫ , amhail dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 12, sa Lárchóras go ceann deich mbliana ón dáta a tógadh na méarloirg.

⇩ nua

2. Chun na gcríoch atá leagtha amach in Airteagal 13(1), stórálfar gach tacar sonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát dá dtagraítear in Airteagal 13(2) sa Lárchóras go ceann cúig bliana ón dáta a tógadh na méarloirg.

3. Chun na gcríoch atá leagtha amach in Airteagal 14(1), stórálfar gach tacar sonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát dá dtagraítear in Airteagal 14(2) sa Lárchóras go ceann cúig bliana ón dáta a tógadh na méarloirg.

↓ 603/2013 (oiriúnaithe) ⇨ nua

~~24~~. A luaithe is a rachaidh ~~an tréimhse~~ ⌦ na tréimhsí stórála sonraí ⌫ dá dtagraítear i mír 1 ⇨ go dtí 3 ⇦ ⌦ den Airteagal seo ⌫ , scriosfaidh an Lárchóras ~~na~~ sonraí ⌦ na ndaoine is ábhar do na sonraí ⌫ go huathoibríoch ón Lárchóras.

Airteagal ~~13~~ 18

~~Luathscriosadh~~ ⌦ Ardscriosadh ⌫ sonraí

1. Déanfar sonraí a bhaineann le duine a bhain saoránacht amach ó aon Bhallstát roimh dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal ~~12~~17(1) ⇨ , (2) nó (3) ⇦ a scriosadh ón Lárchóras, i gcomhréir le hAirteagal ~~27~~ 28(4) a luaithe a fhaigheann an Ballstát tionscnaimh amach go bhfuil saoránacht den sórt sin faighte ag an duine lena mbaineann.

2. Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72 uair go bhfuil sonraí scriosta ag Ballstát tionscnaimh eile ar an gcúis atá sonraithe i mír 1, i ndiaidh dó toradh dearfach a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal ~~9~~ 10(1), ~~nó in Airteagal 14~~ 13(1) ⇨ nó 14(1) ⇦ .

Airteagal ~~18~~ 19

Sonraí a mharcáil

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1)(a), an Ballstát tionscnaimh a dheonaigh cosaint idirnáisiúnta d'iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a raibh a chuid sonraí taifeadta sa Lárchóras roimhe de bhun Airteagal ~~11~~ 12, déanfaidh sé na sonraí ábhartha a mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cumarsáid leictreonach leis an Lárchóras arna bhunú ag ⌦ eu-LISA ⌫ ~~an nGníomhaireacht~~. Stórálfar an marc sin sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal ~~12~~ 17(1)chun críocha tarchurtha faoi Airteagal ~~9(5)~~ ⇨ 15 ⇦ . Cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas ⇨ , a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná tar éis 72, ⇦go bhfuil sonraí scriosta ag Ballstát tionscnaimh eile ar an gcúis atá sonraithe i mír 1, i ndiaidh dó toradh dearfach a fháil ar shonraí a chuardach, ar sonraí iad a tharchuir na Ballstáit tionscnaimh go léir agus a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal ~~9~~ 10(1), ~~or~~ ~~14~~ 13(1)) ⇨ nó 14(1) ⇦ . Déanfaidh na Ballstáit tionscnaimh sin na tacair shonraí chomhfhreagracha a mharcáil freisin.

2. Déanfar sonraí tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta atá stóráilte sa Lárchóras agus marcáilte de bhun mhír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil le haghaidh comparáid chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c) ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an dáta a deonaíodh cosaint idirnáisiúnta don duine is ábhar do na sonraí.

I gcás amas a bheith ann, tarchuirfidh an Lárchóras na sonraí dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 12~~(a) go (k)~~ ⇨ (b) go (s) ⇦ i gcás gach tacair sonraí a chomhfhreagraíonn don amas. Ní tharchuirfidh an Lárchóras an marc dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Ar dhul in éag don tréimhse trí bliana, déanfaidh an Lárchóras go huathoibríoch sonraí den sórt sin a bhlocáil ó bheith tarchurtha i gcás iarrata ar chomparáid chun críocha forghníomhaithe dlí, agus fós go bhfágfar na sonraí atá ar fáil le haghaidh comparáid chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~ (1)(c), ⇨ ach coinneoidh sé na sonraí sin ar fáil le haghaidh comparáid chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1) ⇦ (a) go dtí an pointe a scriosadh iad. Ní dhéanfar

sonraí blocáilte a tharchur agus cuirfidh an Lárchóras toradh diúltach ar ais chun an Bhallstáit iarrthaigh i gcás amais.

3. Bainfidh an Ballstát tionscnaimh an marc nó an bhlocáil de shonraí a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó le duine gan stát ar marcáladh nó ar blocáladh a chuid sonraí roimhe i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2 den Airteagal seo má dhéantar a stádas a aisghairm nó má chuirtear deireadh lena stádas nó má dhiúltaítear a stádas a athnuachan faoi [Airteagal 14] nó faoi [Airteagal 19 de Threoir 2011/95/AE].

⇩ nua

4. Chun na gcríoch atá leagtha amach in Airteagal 1(1)(b), an Ballstát tionscnaimh a thug doiciméad cónaí do náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach i mBallstát agus a raibh a chuid sonraí taifeadta sa Lárchóras roimhe sin de bhun Airteagal 13(2) agus Airteagal 14(2), déanfaidh sé na sonraí ábhartha a mharcáil i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cumarsáid leictreonach leis an Lárchóras arna bhunú ag eu-LISA. Stórálfar an marc sin sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 17(2) agus (3) chun críocha tarchurtha faoi Airteagal 15 agus 16. Má fhaigheann Ballstát tionscnaimh eile toradh trí mharcáil sonraí a tharchuir an Lárchóras i ndáil le daoine dá dtagraítear in Airteagal 13(1) nó in Airteagal 14(1), cuirfidh an Lárchóras gach Ballstát tionscnaimh ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 72 uair tar a éis sin. Déanfaidh na Ballstáit tionscnaimh sin na tacair sonraí chomhfhreagracha a mharcáil freisin.

5. Déanfar na sonraí a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá stóráilte sa Lárchóras agus marcáilte de bhun mír 4 den Airteagal seo a chur ar fáil le haghaidh comparáid chun na gcríoch atá leagtha síos in Airteagal 1(1)(c) go dtí go scriosfar na sonraí sin go huathoibríoch sa Lárchóras i gcomhréir le hAirteagal 17(4).

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

CAIBIDIL ~~VI~~ VII

NÓS IMEACHTA CHUN COMPARÁID A DHÉANAMH AGUS CHUN SONRAÍ A THARCHUR CHUN CRÍOCHA AN DLÍ A FHORGHNÍOMHÚ

Airteagal ~~19~~ 20

Nós imeachta chun sonraí méarlorg a chur i gcomparáid le sonraí Eurodac

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), féadfaidh na húdaráis ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal ~~5~~ 6(1) agus ~~7~~ 8(2) iarraidh leictreonach réasúnaithe amhail dá bhforáiltear in Airteagal ~~20~~ 21(1) mar aon leis an uimhir thagartha arna húsáid acu, a chur faoi bhráid an údaráis fíoraithe chun sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ tharchur chuig an Lárchóras tríd an bPointe Rochtana Náisiúnta chun comparáid a dhéanamh. Ar iarraidh den sórt sin a fháil, fíoróidh an t-údarás fíoraithe an bhfuil na coinníollacha ar fad chun comparáid a iarraidh dá dtagraítear in Airteagal ~~20~~ 21 nó in ~~21~~ 22, de réir mar is iomchuí, comhlíonta.

2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ar fad a bhaineann le comparáid a iarraidh dá dtagraítear in Airteagal ~~20~~ 21 nó in Airteagal ~~21~~ 22, tarchuirfidh an t-údarás fíoraithe an

iarraidh ar chomparáid chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta, agus cuirfidh an Pointe Rochtana Náisiúnta sin í chuig an Lárchóras i gcomhréir le hAirteagals ~~9(3) agus (5)~~ ⇨ 15 agus 16 ⇦ agus chun críche comparáide leis na sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a tarchuireadh chuig an Lárchóras de bhun Airteagal ~~9~~ 10(1), ~~agus Airteagal 14~~ 13~~(2)~~ ⇨ (1) agus 14(1) ⇦ .

⇩ nua

3. Féadfar comparáid idir íomhá aghaidhe agus sonraí íomhá aghaidhe eile sa Lárchóras de bhun Airteagal 1(1)(c) a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(1) má bhíonn na sonraí sin ar fáil nuair a dhéanfar an iarraidh leictreonach réasúnaithe de bhun Airteagal 21(1).

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

~~3~~4. I gcásanna eisceachtúla práinne nuair atá gá le garchontúirt a chosc a bhaineann le cion sceimhlitheoireachta nó cion tromchúiseach coiriúil eile, féadfaidh an t-údarás fíoraithe na sonraí méarlorg a tharchur chuig an bPointe Rochtana Náisiúnta chun comparáid a dhéanamh láithreach ar iarraidh a fháil ó údarás ainmnithe agus féadfaidh sé gan ach fíorú *ex-post* a dhéanamh maidir le cé acu ar comhlíonadh na coinníollacha uile do chomparáid dá dtagraítear in Airteagal ~~20~~ 21 nó in Airteagal ~~21~~ 22 nó nár comhlíonadh, lena n-áirítear má bhí cás eisceachtúil éigeandála ann i ndáiríre nó nach raibh. Déanfar an fíorú *ex-post* gan moill mhíchuí i ndiaidh an iarraidh a phróiseáil.

~~4~~5. I gcás ina gcinntear leis an bhfíorú *ex-post* nach raibh údar leis an rochtain ar shonraí Eurodac, déanfaidh na húdaráis go léir a cheadaigh an fhaisnéis a chuir Eurodac in iúl an fhaisnéis sin a scriosadh agus cuirfidh siad an t-údarás fíoraithe ar an eolas faoin scriosadh sin.

Airteagal ~~20~~ 21

Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí Eurodac ag údaráis ainmnithe

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), féadfaidh údaráis ainmnithe iarraidh leictreonach réasúnaithe a chur isteach ar chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg agus na sonraí a stóráiltear sa Lárchóras laistigh de raon feidhme a gcumhachtaí ach amháin más rud é nach toradh a bhí ar chomparáidí leis na bunachair shonraí seo a leanas go ndearnadh céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh:

– bunachair shonraí méarlorg náisiúnta;

– córais mhéarlorgaireachta uathoibrithe méarlorg na mBallstát uile eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB i gcás ina bhfuil comparáidí ar fáil go teicniúil, mura bhfuil forais réasúnta chun a chreidiúint nach mbeadh mar thoradh ar an gcomparáid leis na bunachair sonraí sin go ndéanfar céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh. Cuirfear na forais réasúnacha sin san áireamh san iarraidh leictreonach réasúnaithe ar chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac a chuir an t-údarás ainmnithe chuig an údarás fíoraithe; agus

– an Córas Faisnéise Víosaí ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha le haghaidh comparáid den sórt sin a leagtar síos i gCinneadh 2008/633/DGB;

agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) tá gá leis an gcomparáid chun críocha forghníomhaithe dlí, rud a chiallaíonn go bhfuil údar sáraitheach imní maidir le slándáil phoiblí ann a dhéanann cuardach an bhunachair shonraí comhréireach;

(b) más gá an chomparáid a dhéanamh i gcás ar leith (ní dhéanfar comparáidí córasacha); agus

(c) má tá forais réasúnta ann a cheapadh go mbeidh an chomparáid ina mórchuidiú le cosc, brath nó imscrúdú ar chion sceimhlitheoireachta nó ar chionta tromchúiseacha eile. Tá forais réasúnacha den sórt sin ann go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaithe go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach d'aon chion den sórt sin i gcatagóir atá clúdaithe ag an Rialachán seo.

2. Beidh iarrataí ar chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac teoranta do shonraí méarlorg ⇨ nó íomhá aghaidhe ⇦ a cheadú.

Airteagal ~~20~~ 21

Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí Eurodac ag Europol

1. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), féadfaidh údarás ainmnithe Europol iarraidh leictreonach réasúnaithe a thíolacadh ar chomparáid a dhéanamh idir sonraí méarlorg agus na sonraí atá stóráilte sa Lárchóras laistigh de theorainneacha shainordú Europol agus nuair is gá chun tascanna Europol a chomhall ach amháin más rud é gurb é an toradh a bhí ar chomparáidí le sonraí méarlorg atá stóráilte in aon chórais phróiseála faisnéise atá inrochtana go teicniúil agus go dleathach ag Europol nach ndearnadh céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh agus más rud é:

(a) gur gá an chomparáid chun tacú agus treisiú le gníomhaíocht ag na Ballstáit le linn cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú a thagann faoi réim shainordú Europol, a chiallaíonn go bhfuil údar sáraitheach imní maidir le slándáil phoiblí ann a dhéanann cuardach an bhunachair shonraí comhréireach;

(b) más gá an chomparáid a dhéanamh i gcás ar leith (ní dhéanfar comparáidí córasacha); agus

(c) má tá forais réasúnta ann a cheapadh go mbeidh an chomparáid ina mórchuidiú le cosc, brath nó imscrúdú ar chion sceimhlitheoireachta nó ar chionta tromchúiseacha eile. Tá forais réasúnacha den sórt sin ann go háirithe i gcás ina bhfuil amhras bailíochtaithe go bhfuil amhrastach, déantóir nó íospartach d'aon chion den sórt sin i gcatagóir atá clúdaithe ag an Rialachán seo.

2. Beidh iarrataí ar chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac teoranta do chomparáidí a dhéanamh le sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦.

3. Aon phróiseáil ar fhaisnéis arna fáil ag Europol ó chomparáid a dhéanamh le sonraí Eurodac, beidh sí faoi réir údarú ón mBallstát tionscnaimh. Gheofar an t-údarú sin trí aonad náisiúnta Europol sa Bhallstát sin.

Airteagal ~~22~~ 23

Cumarsáid idir na húdaráis ainmnithe, na húdaráis fíoraithe agus na Pointí Rochtana Náisiúnta

1. Gan dochar d'Airteagal ~~26~~ 27, beidh gach cumarsáid idir na húdaráis ainmnithe, na húdaráis fíoraithe agus na Pointí Rochtana Náisiúnta ar mhodh slán agus déanfar iad go leictreonach.

2. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1~~(2)~~(1)(c), déanfaidh na Ballstáit méarloirg a phróiseáil go digiteach agus tarchuirfear iad san fhormáid sonraí ~~dá dtagraítear~~ ⌦ mar a leagtar amach ⌫ sa ⇨ Doiciméad Rialaithe Comhéadain comhaontaithe ⇦ ~~Iarscríbhinn I~~, d'fhonn a áirithiú gur féidir an chomparáid a dhéanamh leis an gcóras aitheantais méarloirg ar ríomhaire.

CAIBIDIL ~~VII~~ VIII

PRÓISEÁIL SONRAÍ, COSAINT SONRAÍ AGUS DLITEANAS

Airteagal ~~23~~ 24

Freagracht as próiseáil sonraí

1. Beidh an Ballstát tionscnaimh freagrach as a áirithiú:

(a) go dtógfar méarloirg ⇨ íomhánna aghaidhe ⇦ go dleathach;

(b) go dtarchuirfear sonraí méarlorg agus na sonraí eile dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 12, Airteagal ~~14~~ 13(2) agus Airteagal ~~17~~ 14(2) go dleathach chuig an Lárchóras;

(c) go mbeidh na sonraí cruinn agus cothrom le dáta nuair a tharchuirfear chuig an Lárchóras iad;

(d) gan dochar do fhreagrachtaí eu-LISA ~~na Gníomhaireachta~~, go ndéantar sonraí sa Lárchóras a thaifeadadh, a stóráil, a cheartú agus a scriosadh go dleathach;

(e) go bpróiseálfar go dleathach torthaí na gcomparáidí idir sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ arna dtarchur ag an Lárchóras.

2. I gcomhréir le hAirteagal ~~34~~ 36, áiritheoidh an Ballstát tionscnaimh go mbeidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1 slán sula ndéantar iad a tharchur chuig an Lárchóras agus le linn a dtarchurtha, chomh maith le slándáil na sonraí a fhaigheann sé ón Lárchóras a áirithiú.

3. Beidh an Ballstát tionscnaimh freagrach as na sonraí a aithint sa deireadh de bhun Airteagal ~~25~~ 26(4).

4. Áiritheoidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ go bhfeidhmítear an Lárchóras i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Déanfaidh ~~an Ghníomhaireacht,~~ ⌦ eu-LISA ⌫ go háirithe, iad seo a leanas:

(a) glacfaidh sí bearta chun a áirithiú nach bpróiseálfaidh daoine a oibríonn leis an Lárchóras na sonraí arna dtaifeadadh ann ach amháin i gcomhréir le cuspóir Eurodac mar atá leagtha síos in Airteagal 1;

(b) glacfaidh sí na bearta is gá chun slándáil an Lárchórais a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal ~~34~~ 36;

(c) áiritheoidh sí nach mbeidh rochtain ar an Lárchóras ach amháin ag daoine atá údaraithe oibriú leis, gan dochar d'inniúlachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Cuirfidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle mar aon leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi na bearta a ghlacfaidh sí de bhun na chéad fhomhíre.

Airteagal ~~24~~ 25

Tarchur

1. Déanfar méarloirg a phróiseáil agus a tharchur go digiteach san fhormáid sonraí ~~a fhorordaítear~~ ⌦ mar a leagtar amach ⌫ sa ⇨ Doiciméad Rialaithe Comhéadain ⇦ ~~Iarscríbhinn I~~. A mhéid agus is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ na ceanglais theicniúla i gcomhair tharchur na formáide sonraí ó Bhallstáit chuig an Lárchóras agus *vice versa*. Áiritheoidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ go mbeidh an córas aitheantais méarloirg ⇨ agus íomhánna aghaidhe ⇦ ar an ríomhaire in ann na sonraí méarlorg ⇨ agus íomhánna aghaidhe ⇦ arna dtarchur ag na Ballstáit a chur i gcomparáid lena chéile.

2. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 12, in Airteagal ~~14~~ 13(2) agus in Airteagal ~~17~~ 14(2) go leictreonach. Déanfar taifeadadh go huathoibríoch sa Lárchóras ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 12, ~~agus~~ Airteagal ~~14~~ 13(2) ⇨ agus Airteagal 14(2) ⇦ a mhéid is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ na ceanglais theicniúla chun a áirithiú gur féidir sonraí a tharchur i gceart go leictreonach ó na Ballstáit go dtí an Lárchóras agus *vice versa*.

3. Leis an uimhir thagartha dá dtagraítear in Airteagal ~~11(d)~~ 12(i), ~~14(2)(d)~~ 13(2)(i), ~~17~~ 14~~(1)~~ ⇨ (2)(i) ⇦ agus Airteagal ~~19~~ 20(1) beifear in ann sonraí a chur in iúl go soiléir do dhuine amháin faoi leith agus don Bhallstát atá ag tarchur na sonraí. Ina theannta sin, beifear in ann a aithint an mbaineann sonraí den sórt sin le duine dá dtagraítear in Airteagal ~~9~~ 10(1), in Airteagal ~~14~~ 13(1) nó in Airteagal ~~17~~ 14(1).

4. Tosóidh an uimhir thagartha leis an litir nó leis na litreacha aitheantais ~~lena n-aithnítear, i gcomhréir leis an norm dá dtagraítear in Iarscríbhinn I,~~ an Ballstát atá ag tarchur na sonraí. Déanfar catagóir an duine nó na hiarrata a shainaithint i ndiaidh na litreach nó na litreacha aitheantais. Déanann "1" tagairt do shonraí a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal ~~9~~ 10(1), déanann "2" tagairt do shonraí a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal ~~14~~ 13(1), déanann "3" tagairt do shonraí a bhaineann le daoine dá dtagraítear in Airteagal ~~17~~ 14(1), déanann "4" tagairt d'iarrataí dá dtagraítear in Airteagal ~~20~~ 21, déanann "5" tagairt d'iarrataí dá dtagraítear in Airteagal ~~21~~ 22agus déanann "9" tagairt d'iarrataí dá dtagraítear in Airteagal ~~29~~ 30.

5. Bunóidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ na nósanna imeachta teicniúla is gá do Bhallstáit chun a áirithiú go bhfaighidh siad sonraí soiléire ón Lárchóras.

6 Deimhneoidh an Lárchóras go bhfuil na sonraí tarchurtha faighte aige a luaithe is féidir. Chuige sin bunóidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ na ceanglais theicniúla is gá chun a áirithiú go bhfaigheann Ballstáit an admháil deimhnithe má iarrtar sin.

Airteagal ~~25~~ 26

Comparáidí a dhéanamh agus torthaí a tharchur

1. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí tarchur na sonraí méarlorg ar chaighdeán iomchuí chun críche comparáide tríd an gcóras aitheantais méarloirg fingerprint ⇨ and facial ⇦ ar an ríomhaire. A mhéid is gá chun a áirithiú go mbaineann torthaí na comparáide a dhéanfaidh an Lárchóras leibhéal an-ard cruinnis amach, sonróidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ caighdeán iomchuí do shonraí méarlorg tarchurtha. Seiceálfaidh an Lárchóras caighdeán na sonraí méarlorg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ a tarchuireadh, a luaithe is féidir. Mura féidir comparáid a dhéanamh idir na sonraí méarlorg ⇨ nó íomhá aghaidhe ⇦ ag baint úsáide as an gcóras aitheantais méarloirg ⇨ agus íomhá aghaidhe ⇦ ar an ríomhaire,

cuirfidh an Lárchóras an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi sin. Tarchuirfidh an Ballstát sin lena mbaineann sonraí méarlorg ⇨ nó íomhá aghaidhe ⇦ den chaighdeán iomchuí ansin ag baint úsáide as an uimhir thagartha chéanna a bhí ag an tacar sonraí méarlorg ⇨ nó íomhá aghaidhe ⇦ roimhe sin.

2. . Déanfaidh an Lárchóras comparáidí san ord ina dtiocfaidh iarrataí isteach. Déileálfar le gach iarraidh laistigh de 24 uair an chloig. Féadfaidh Ballstát, ar chúiseanna a bhaineann leis an dlí náisiúnta, a éileamh go ndéanfaí comparáidí atá fíorphráinneach laistigh d'uair an chloig. I gcás nach féidir na teorannacha ama sin a urramú mar gheall ar dhálaí nach bhfuil aon smacht ag ~~an nGníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA's ⌫ o rthu, próiseálfaidh an Lárchóras an iarraidh ar bhonn tosaíochta a luaithe nach bhfuil dálaí den sórt sin ann níos mó. I gcásanna den sórt sin, agus a mhéid is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh ~~an nGníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ critéir lena áirithiú go láimhseálfar iarrataí ar bhonn tosaíochta.

3. A mhéid is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ na nósanna imeachta oibríochtúla chun na sonraí a fhaightear a phróiseáil agus chun toradh na comparáide a tharchur.

4. Seiceálfaidh saineolaí méarlorg torthaí na comparáide ⌦ idir sonraí mearlorg a rinneadh de bhun Airteagal 15 ⌫ láithreach sa Bhallstát glactha, ar saineolaí méarlorg é de réir mar a shainmhínítear i gcomhréir lena rialacha náisiúnta agus atá oilte go sonrach sna cineálacha comparáidí méarlorg dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1)(a) agus (b) den Rialachán seo, déanfaidh an Ballstát tionscnaimh an aithint dheireanach i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann~~, de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013~~.

⇩ nua

5. Déanfar toradh na comparáide idir sonraí íomhá aghaidhe arna déanamh de bhun Airteagal 16 a sheiceáil agus a fhíorú láithreach sa Bhallstát glactha. Chun na gcríoch atá leagtha síos in Airteagal 1(1)(a) agus (b) den Rialachán seo, déanfaidh an Ballstát tionscnaimh an aithint dheireanach i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

Scriosfar faisnéis arna fáil ón Lárchóras a bhaineann le sonraí eile a mheastar a bheith neamhiontaofa a luaithe a fhaightear amach go bhfuil na sonraí neamhiontaofa.

~~5~~6. I gcás go dtugann aithint dheireanach i gcomhréir le mír 4 le fios nach bhfuil toradh na comparáide a fhaightear ón Lárchóras ag freagairt do na sonraí méarlorg ⇨ nó íomhá aghaidhe ⇦ a seoladh chun comparáid a dhéanamh, scriosfaidh na Ballstáit toradh na comparáide láithreach agus cuirfidh siad an méid sin in iúl chomh luath agus is féidir do ~~don Choimisiún agus~~ ⌦ eu-LISA ⌫ ~~don Ghníomhaireacht~~ ⇨ tráth nach déanaí ná tar éis trí lá oibre agus uimhir thagartha an Bhallstáit tionscnaimh agus uimhir thagartha an Bhallstáit a fuair an toradh a chur in iúl dóibh ⇦ .

Airteagal ~~26~~ 27

Cumarsáid idir Ballstáit agus an Lárchóras

Bainfidh sonraí arna dtarchur ó na Ballstáit chuig an Lárchóras agus vice versa úsáid as an mBonneagar Cumarsáide. A mhéid agus is gá d'oibriú éifeachtúil an Lárchórais, bunóidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ na nósanna imeachta teicniúla is gá chun úsáid a bhaint as an mBonneagar Cumarsáide.

Airteagal ~~27~~ 28

Rochtain ar shonraí arna dtaifeadadh in Eurodac, iad a cheartú nó a scriosadh

1. Beidh rochtain ag an mBallstát tionscnaimh ar shonraí a tharchuir sé agus atá taifeadta sa Lárchóras i gcomhréir leis an Rialacháin seo.

Ní fhéadfaidh aon Bhallstát cuardaigh a dhéanamh sna sonraí arna dtarchur ag Ballstát eile, ná ní fhéadfaidh sé sonraí den sórt sin a fháil cé is moite de shonraí a fhaightear de thoradh na comparáide dá dtagraítear in Airteagal ~~9(5)~~ ⇨ 15 agus 16 ⇦ .

2. Is ionann údaráis na mBallstát a mbeidh rochtain acu, de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ar shonraí arna dtaifeadadh sa Lárchóras agus iad sin arna n-ainmniú ag gach Ballstát chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal1(1)(a) agus (b). Sonrófar go beacht leis an ainmniúchán sin an t-aonad a bheidh freagrach as na cúraimí a chur i gcrích a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Cuirfidh gach Ballstát liosta de na haonaid sin agus aon leasuithe orthu in iúl don Choimisiún agus ~~don Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ gan mhoill. Foilseoidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ an liosta comhdhlúite in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina ndéantar leasuithe air, foilseoidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ liosta comhdhlúite ar líne a thabharfar cothrom le dáta uair sa bhliain.

3. Ní bheidh sé de cheart ach ag an mBallstát tionscnaimh sonraí atá tarchurtha aige chuig an Lárchóras a leasú trí na sonraí sin a cheartú nó trí ábhar breise a chur leo, ná a scriosadh, gan dochar do scriosadh arna dhéanamh de bhun Airteagal ⇨ 18 ⇦ ~~12(2) nó 16(1)~~.

4. Má tá fianaise ag Ballstát nó ag ~~an nGníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ a thugann le tuiscint go bhfuil na sonraí arna dtaifeadadh sa Lárchóras míchruinn ar bhonn fíorasach, , cuirfidh sé é sin in iúl ⇨ , gan dochar d'fhógra a thabhairt faoi shárú ar shonraí pearsanta de bhun Airteagal [33..] de Rialachán (AE) Uimh. […/2016], ⇦ don Bhallstát tionscnaimh chomh luath agus is féidir.

Má tá fianaise ag Ballstát a thugann le tuiscint gur taifeadadh sonraí sa Lárchóras de shárú ar an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl ⌦ eu-LISA ⌫ ~~don Ghníomhaireacht~~, don Choimisiún agus don Bhallstát tionscnaimh a luaithe is féidir. Déanfaidh an Ballstát tionscnaimh na sonraí lena mbaineann a sheiceáil agus, más gá, iad a leasú nó a scriosadh gan mhoill.

5. Ní aistreoidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ aon sonraí arna dtaifeadadh sa Lárchóras chuig údaráis aon tríú tír. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc seo maidir le traschuir na sonraí sin chuig tríú tíortha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. […/…]~~604/2013~~ .

Airteagal ~~28~~ 29

Taifid a choimeád

1. Coimeádfaidh ~~an Ghníomhaireacht~~ ⌦ eu-LISA ⌫ taifid de na hoibríochtaí próiseála sonraí go léir laistigh den Lárchóras. Taispeánfaidh na taifid seo cuspóir, dáta agus am na rochtana, na sonraí a tarchuireadh, na sonraí a úsáideadh i gcomhair ceistithe agus ainm an aonaid a chuireann isteach na sonraí nó a dhéanann aisghabháil ar na sonraí agus ainmneacha na ndaoine freagracha.

2. Ní fhéadfar na taifid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a úsáid ach amháin le haghaidh faireacháin chosanta sonraí ar inghlacthacht phróiseáil na sonraí agus chun slándáil sonraí a áirithiú de bhun Airteagal 34. Ní mór na taifid a chosaint trí bhearta iomchuí i gcoinne rochtana neamhúdaraithe agus scriosfar iad bliain tar éis don tréimhse stórála dá dtagraítear in Airteagal ⇨ 17 ⇦ ~~12(1) agus in Airteagal 16(1)~~ dul in éag, ach amháin má tá siad de dhíth i gcomhair nósanna imeachta faireacháin atá tosaithe cheana.

3. Chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(1)(a) agus (b), déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo maidir lena chóras náisiúnta a bhaint amach. Chomh maith leis sin coimeádfaidh gach Ballstát taifid den fhoireann atá cuí-údaraithe chun sonraí a chur isteach nó a aisghabháil.

Airteagal ~~29~~ 30

Cearta ⌦ faisnéise ⌫ an duine is ábhar do na sonraí

1. Cuirfidh an Ballstát tionscnaimh duine atá cumhdaithe le hAirteagal ~~9~~ 10(1), Airteagal ~~14~~ 13(1) nó Airteagal ~~17~~ 14(1) ar an eolas faoin méid seo thíos i scríbhinn, agus i gcás inar gá, ó bhéal, i dteanga a thuigfidh sé nó a shíltear le réasún go dtuigfidh sé ⇨ in i bhfoirm ghonta thrédhearcach intuigthe shothuisceana le friotal soiléir simplí ⇦ :

(a) céannacht an rialaitheora de réir bhrí Airteagal ~~2(d)~~ de Threoir [../../AE] ~~95/46/CE~~ agus a ionadaí, más ann dó ⇨ agus sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí ⇦ ;

(b) an cuspóir chuig a bpróiseálfar a chuid sonraí laistigh de Eurodac, lena n-áirítear cur síos ar aidhmeanna Rialachán (AE) Uimh. […/…] ~~604/2013~~, i gcomhréir le ⇨ hAirteagal 6 ⇦ de agus míniú intuigthe ~~, using clear and plain language,~~ den Rialachán sin agus míniú a thabhairt i bhfoirm intuigthe ~~, ag úsáid teanga shoiléir agus éasca,~~ go bhféadfadh na Ballstáit agus Europol rochtain a bheith acu ar Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí;

(c) faighteoirí na sonraí ⇨ catagóirí faighteoirí ⇦ ;

(d) maidir le duine atá cumhdaithe faoi Airteagal ~~9~~ 10(1) nó ~~14~~ 13(1) ⇨ nó 14(1) ⇦ , an oibleagáid a chuid méarloirg a thógáil;

⇩ nua

(e) an fad a stórálfar na sonraí de bhun Airteagal 17;

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(~~e~~f) ós rud é go bhfuil ceart ⇨ rochtain ar na sonraí a bhaineann leis a iarraidh ar an rialaitheoir ⇦ agus go bhfuil sé de cheart aige a iarraidh go ~~gceartófar~~ ⌦ gcoigeartófaí ⌫ ⇨ agus go gcomhlánófaí sonraí pearsanta neamhiomlána nó ⇦ aon sonraí míchruinne a bhaineann leis, nó go scriosfar aon sonraí ⌦ pearsanta ⌫ ~~a bhaineann leis~~ ⌦ a bhaineann leis ⌫ a próiseáladh go neamhdhleathach, mar aon leis an gceart faisnéis a fháil faoi na nósanna imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú lena n-áirítear sonraí teagmhála an rialaitheora agus na n-údarás maoirseachta ~~náisiúnta~~ dá dtagraítear in Airteagal ~~30~~ 32(1) ~~,~~ ;

⇩ nua

(g) an ceart gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta.

🡻 603/2013 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Maidir le duine atá cumhdaithe le hAirteagal ~~9~~ 10(1) nó le hAirteagal ~~14~~ 13(1) ⇨ agus 14(1) ⇦ , soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír tráth a bhfuil méarloirg an duine sin á dtógáil.

~~Maidir le duine atá cumhdaithe le hAirteagal 17(1), soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír tráth nach déanaí ná an t-am a dtarchuirfear na sonraí a bhaineann leis an duine sin chuig an Lárchóras. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina bhfuil soláthar faisnéise den sórt sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht dhíréireach i gceist leis.~~

I gcás inar mionaoiseach an duine atá cumhdaithe le hAirteagal ~~9~~ 10(1), Airteagal ~~14~~ 13(1) agus Airteagal ~~17~~ 14(1) soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ar bhealach a oirfidh dá aois.

3. Tarraingeofar suas bileog eolais choiteann ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo agus an fhaisnéis dá dtagraítear in ⇨ Airteagal 6(2) ⇦ de Rialachán Uimh. […/…] ~~604/2013~~ i gcomhréir leis gcomhréir leis an Rialachán sin.

Beidh an bhileog eolais choiteann soiléir simplí, arna dréachtú ⇨ i bhfoirm ghonta thrédhearcach intuigthe shothuisceana le friotal soiléir simplí agus ⇦ i dteanga a thuigfidh an duine lena mbaineann nó i dteanga a shíltear le réasún go dtuigfidh sé.

Socrófar an bhileog eolais choiteann ar bhealach a chumasóidh do na Ballstáit í a chomhlánú le faisnéis bhreise is sonrach don Bhallstát. Áireofar san fhaisnéis is sonrach don Bhallstát, ar an gcuid is lú de, cearta an duine is ábhar do na sonraí, ~~an fhaisnéis~~ go bhféadfaí ⇨ faisnéis ⇦ a fháil óna húdaráis maoirseachta náisiúnta mar aon le sonraí teagmhála an rialaitheora ⇨ an oifigigh cosanta sonraí, ⇦ agus na n-údarás maoirseachta náisiúnta.

Airteagal 31

An ceart rochtain a fháil ar shonraí pearsanta, iad a choigeartú nó iad a choigeartú

Airteagal 36(2)(a) go (h)	Airteagal 39(2)(a) go (h)
Airteagal 36(3)	Airteagal 39(3)
Airteagal 37	Airteagal 40
Airteagal 38	-

Airteagal 39	Airteagal 41
Airteagal 40(1)	Airteagal 42(1)
Airteagal 40(2)	Airteagal 42(2)
Airteagal 40(3)	Airteagal 42(3)
Airteagal 40(4)	Airteagal 42(4)
Airteagal 40(5)	Airteagal 42(5)
Airteagal 40(6)	Airteagal 42(6)
Airteagal 40(7)	Airteagal 42(7)
Airteagal 40(8)	Airteagal 42(8)
-	Airteagal 42(9)
Airteagal 41	Airteagal 43
Airteagal 42	Airteagal 44
Airteagal 43	Airteagal 45
Airteagal 44	-
Airteagal 45	Airteagal 46
Airteagal 46	Airteagal 47
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	-
Iarscríbhinn III:	Iarscríbhinn II

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (AE) Uimh. 604/…2013] lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát i gceann de na Ballstáit; chun náisiúnach neamhrialta as tríú tír nó duine gan stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[46]

Réimsí beartais: Imirce agus Gnóthaí Baile (teideal 18)

Gníomhaíocht: Tearmann agus Imirce

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[47]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce (COM(2015)240 final) d'fhógair an Coimisiún nach mór dó meastóireacht a dhéanamh ar chóras Bhaile Átha Cliath agus a chinneadh an gá athbhreithniú a dhéanamh ar pharaiméadair dhlíthiúla Bhaile Átha Cliath d'fhonn iarratasóirí ar thearmainn a leithdháileadh ar bhonn níos cothroime san Eoraip. Mhol an Coimisiún machnamh a dhéanamh an bhféadfaí aitheantóirí bithmhéadracha breise a chur le EURODAC, amhail íomhánna aghaidhe agus bogearraí aitheanta aghaidhe.

Tá laigí agus easnaimh struchtúracha suntasacha nochta ag géarchéim na ndídeanaithe i ndearadh agus cur chun feidhme bheartas na hEorpa um thearmann agus imirce, lena n-áirítear córas Bhaile Átha Cliath agus córas EURODAC, rud a spreag éilimh ar a n-athchóiriú.

An 6 Aibreán 2016, sa Teachtaireacht aige "Towards a reform of the Common European Asylum System and enhancing legal avenues to Europe" [**I dtreo athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus bealaí dlíthiúla taistil chun na hEorpa a fheabhsú**](COM(2016) 197 final), mheas an Coimisiún gur cheart tús áite a thabhairt do Rialachán Bhaile Átha Cliath a leasú agus córas inbhuanaithe agus cóir a bhunú d'fhonn an Ballstát sin a bheidh freagrach as iarrthóirí tearmainn a shainaithint. D'áiritheofaí le sásra ceartaitheach leithdháileacháin ardleibhéal dlúthpháirtíochta agus comhroinnt chóir freagrachta idir na Ballstáit.

46 ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

47 Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Mar chuid de seo, mheas an Coimisiún gur cheart EURODAC a threisiú d'fhonn na hathruithe a cuireadh ar shásra Bhaile Átha Cliath a léiriú agus d'fhonn a áirithiú go leanfadh sé de bheith ag soláthar na faisnéise méarlorg is gá chun feidhmiú. Measadh freisin go bhféadfadh EURODAC cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na himirce neamhrialta trí shonraí méarlorg a stóráil i dtaca le gach catagóir agus trí chomparáidí a éascú leis na sonraí go léir atá stóráilte chun na críche sin.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

AS HOME AMP Cuspóir sonrach Uimh. 1: Gach gné den Chomhchóras Tearmainn Eorpach a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear a ghné sheachtrach lena mbaineann.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann: Gníomhaíocht 18 03: Tearmann agus Imirce.

Cuspóir sonrach Uimh. 1: Córas feidhmiúil Eurodac a fhorbairt

Cuspóir sonrach Uimh. 2: Acmhainn bhunachar sonraí Eurodac a uasghrádú

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Beidh sé mar aidhm ag an togra náisiúnaigh tríú tír neamhrialta a shainaithint níos fearr laistigh den Aontas agus a áirithiú go gcuirfear feabhas ar chur chun feidhme Rialachán Bhaile Átha Cliath trí fhaisnéis mhéarlorg a chur ar fáil chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

Is é is aidhm don togra cuidiú leis na Ballstáit a áirithiú gur Ballstát aonair a dhéanfaidh iarratas ó iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú agus go laghdófar leis sin raon na mí-úsáide a bhaintear as an gcóras tearmainn trí chosc a chur ar 'shiopadóireacht tearmainn' laistigh den Aontas.

Beidh ar chumas na mBallstát, agus rachaidh sé chun tairbhe dóibh, náisiúnaigh tríú tír neamhrialta atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a shainaithint trína gcuid sonraí pearsanta a stóráil agus an chéad tír trínar tháinig siad isteach agus ina bhféadfaidís bheith ag fanacht a lua. Ina theannta sin, cuideoidh an fhaisnéis a stórálfar ar leibhéal an Aontais le Ballstát náisiúnach tríú tír a athdhoiciméadú d'fhonn é a chur ar ais chuig a thír thionscnaimh nó chuig tríú tír ina n-athligfear isteach é.

Cuid mhór acu sin a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chomh maith le náisiúnaigh tríú tír a thagann go neamhrialta go dtí an tAontas Eorpach, tugann siad leo a dteaghlach agus go mion minic leanaí óga freisin. Más féidir iad sin a shainaithint le méarloirg agus íomhánna aghaidhe, beidh sé níos fusa leanaí a shainaithint i gcásanna ina bhfuil siad scartha óna dtuismitheoirí trí dheis a thabhairt do Bhallstát fiosrú a leanúint má léirítear le meaitseáil méarlorg go raibh siad i mBallstát eile. Threiseodh a leithéid freisin an chosaint atá le fáil ag mionaoisigh gan tionlacan nach n-iarrann cosaint idirnáisiúnta go foirmiúil agus a éalaíonn as institiúidí cúraim nó ó na seirbhísí sóisialta do leanaí, ar faoina gcúram a cuireadh iad. Faoi mar atá an creat dlíthiúil agus teicniúil faoi láthair, níltear ábalta céannacht na leanaí seo a chinneadh. Mar sin de, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as EURODAC chun leanaí as tríú tíortha a chlárú i gcás ina bhfuil siad neamhchláraithe laistigh den Aontas Eorpach d'fhonn cuntas a choinneáil orthu agus chun baol an dúshaothraithe a sheachaint.

1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

<u>Le linn uasghrádú an Lárchórais</u>

Tar éis an dréacht-togra a bheith formheasta agus na sonraíochtaí teicniúla a bheith glactha déanfar Lárchóras EURODAC athmhúnlaithe a uasghrádú ó thaobh acmhainne agus tréchuir le haghaidh tarchur ó Phointí Rochtana Náisiúnta na mBallstát. Comhordóidh eu-LISA bainistíocht tionscadail uasghrádú an Lárchórais agus na gcóras náisiúnta ar leibhéal an Aontais agus comhtháthú na gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta ar an leibhéal náisiúnta.

Cuspóir sonrach: Réidh le feidhmiú nuair a thiocfaidh Rialachán Bhaile Átha Cliath arna leasú i bhfeidhm.

Táscaire: Ionas go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, beidh fógra tugtha ag eu-LISA á chur in iúl go bhfuil tástáil chuimsitheach ar Lárchóras Eurodac tugtha chun críche go rathúil aige féin i gcomhar leis na Ballstáit.

<u>A luaithe a thosóidh an córas nua ag feidhmiú</u>

A luaithe a bheidh córas EURODAC feidhmiúil áiritheoidh eu-LISA go mbeidh córais i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais i bhfianaise na gcuspóirí atá leagtha síos. Ag deireadh gach bliana, ba cheart do eu-LISA tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Lárchórais, lena n-áirítear a shlándáil agus a fheidhmiú teicniúil, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiúin. Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil maidir le bainistíocht agus feidhmíocht Eurodac i gcomhréir le táscairí cainníochtúla réamhshainithe i ndáil lena chuspóirí.

Faoi 2020, ba cheart do eu-LISA staidéar a dhéanamh ar a indéanta atá sé bogearraí aitheanta aghaidhe a chur leis an Lárchóras lena n-áiritheofaí torthaí iontaofa cruinne tar éis sonraí íomhá aghaidhe a chur i gcomparáid le chéile.

Faoin 20 Iúil 2018 agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar Eurodac le chéile, ina mbeidh scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspóirí a bhí ann, agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear ar lean idirdhealú indíreach in aghaidh daoine a chumhdaítear leis an Rialachán seo as rochtain lucht forghníomhaithe dlí, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunréasúnaíochta, agus ar aon impleachtaí d'oibríochtaí amach anseo agus cuirfear aon mholtaí is gá ann. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Déanfaidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir le héifeachtacht chomparáid na sonraí méarlorg le sonraí Eurodac chun críocha rochtana lucht forghníomhaithe dlí, ina mbeidh faisnéis agus staitisticí faoin líon iarratas a rinneadh agus amas a fuarthas.

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

(1) A chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach de réir thogra Rialachán Bhaile Átha Cliath leasaithe.

(2) Céannacht náisiúnach neamhrialta as tríú tíortha atá ag teacht chuig an Aontas nó atá laistigh den Aontas cheana a rialú chun críocha athdhoiciméadaithe nó fillte nó náisiúnaigh tríú tír leochaileacha amhail leanaí a shainaithint, a ndéantar smuigleáil orthu go minic.

(3) Ní mór treisiú ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta, na sceimhlitheoireachta agus bagairtí slándála eile.

1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh

Ní féidir le haon Bhallstát amháin ina aonar aghaidh a thabhairt ar an inimirce neamhrialta nó déileáil le himirce neamhrialta a dhéantar laistigh den Aontas. Mar atá tugtha faoi deara san Aontas le blianta fada, féadfaidh duine teacht isteach san Aontas trí na teorainneacha seachtracha, ach gan a dhearbhú go bhfuil siad ann ag pointe oifigiúil trasnaithe teorann ainmnithe. Is amhlaidh a bhí go háirithe in 2014 agus 2015 nuair a tháinig breis agus milliún imirceach isteach san Aontas trí bhealaí na Meánmhara Láir agus Theas. Ar an dóigh chéanna, chonacthas gluaiseachtaí ar aghaidh ó na tíortha sin atá suite ar na teorainneacha seachtracha chuig Ballstáit eile. Ní féidir leis na Ballstáit dá bhrí sin faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha de chuid an Aontais Eorpaigh agus nósanna imeachta amhail nós imeachta Bhaile Átha Cliath más ag gníomhú leo féin atá siad. I gcás limistéar gan teorainneacha inmheánacha, ba cheart comhghníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne na hinimirce neamhrialta. Nuair a chuirtear na nithe sin uile san

áireamh, is léir gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach ná leis na Ballstáit na bearta iomchuí a dhéanamh.

Is fearrde an bainistiú a dhéanfar ar na teorainneacha úsáid a bhaint as na trí cinn de chórais mórscála TF (SIS, VIS agus Eurodac) atá ann cheana. Dá mbeadh faisnéis níos fearr ar fáil ar ghluaiseachtaí trasteorann na náisiúnach tríú tír ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chuideodh sin le bonn fíorasach a leagan síos ar a bhféadfaí beartas imirce an Aontais a fhorbairt agus a chur in oiriúint. Dá bhrí sin ní mór Rialachán EURODAC a leasú chomh maith chun cuspóir breise a chur leis, eadhon rochtain a cheadú chun an imirce mhídhleathach chuig an Aontas Eorpach agus gluaiseachtaí tánaisteacha a dhéanann imircigh neamhrialta laistigh den Aontas a rialú. Ní féidir leis na Ballstáit leo féin an cuspóir seo a bhaint amach go leordhóthanach, toisc gurb é an Coimisiún amháin is féidir a leithéid de leasú a mholadh.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Ba iad na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ó uasghrádú an Lárchórais tar éis Rialachán EURODAC athmhúnlaithe[48] a ghlacadh an tábhacht a bhaineann le bainistíocht tionscadail luath ag na Ballstáit agus lena áirithiú go ndearnadh uasghrádú na gceangal náisiúnta a bhainistiú de réir garspriocanna. D'ainneoin gur chuir eu-LISA sceideal bainistíochta righin ar bun d'uasghrádú an Lárchórais agus do cheangail náisiúnta na mBallstát, theip ar roinnt Ballstát nó bhí baol ann go dteipfeadh orthu ceangal leis an Lárchóras faoin 20 Iúil 2015 (dhá bhliain tar éis an Rialachán a ghlacadh).

Ag an gceardlann 'Ceachtanna a Foghlaimíodh' a reáchtáladh tar éis an Lárchóras a uasghrádú in 2015, chuir Ballstáit in iúl chomh maith gur ghá céim forbartha a bheith sa chéad uasghrádú eile a dhéanfar ar an Lárchóras lena áirithiú go mbeadh na Ballstáit uile in ann ceangal leis an Lárchóras go tráthúil.

Thángthas ar réitigh mhalartacha in 2015 do na Ballstáit sin nach raibh in ann nasc a dhéanamh go tráthúil leis an Lárchóras. Áiríodh ar an méid sin réiteach Pointe Rochtana Náisiúnta/Tarchur Íomhánna Méarloirg a bhí in úsáid ag an nGníomhaireacht chun tástáil a dhéanamh ar ionsamhlúcháin a thabhairt ar iasacht do Bhallstát amháin, toisc nár éirigh leis an mBallstát i gceist an maoiniú ba ghá a fháil chun an nós imeachta soláthair a thosú go gairid i ndiaidh ghlacadh Rialachán Eurodac. Bhí ar dhá Bhallstát eile dul i muinín réiteach inmheánach a úsáid dá gceangal sular shuiteáil siad na réitigh a bhaineann le Pointí Rochtana Náisiúnta/Tarchur Íomhánna Méarloirg arna soláthar.

Ba iad eu-LISA agus Conraitheoir seachtrach a chuir tús le Conradh Creata a úsáid chun feidhmiúlachtaí agus soláthar seirbhísí cothabhála a chur ar fáil do chóras Eurodac. Bhain mórchuid Ballstát úsáid as an gconradh creata seo chun réiteach Pointe Rochtana Náisiúnta/ Tarchur Íomhá Méarloirg caighdeánaithe a sholáthar, lena measadh go ndearnadh airgead a shábháil agus gur seachnaíodh an gá atá le nósanna imeachta soláthair náisiúnta. Ba cheart go smaoineofaí ar chonradh creata den chineál sin a úsáid arís don uasghrádú a dhéanfar amach anseo.

1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh bheith ann

Ba cheart breathnú ar an togra seo mar chuid den fhorbairt leanúnach ar Rialachán Bhaile Átha Cliath[49], Teachtaireacht ón gCoimisiún "I dtreo Athchóiriú an Chomhchórais

48 IO L 180, 29.6.2013, lch. 1

49 Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar

Eorpaigh Tearmainn agus bealaí dlíthiúla taistil chun na hEorpa a fheabhsú"[50], agus go háirithe an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le "Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil"[51], agus i gcomhar leis an Rialachán maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí do Theorainneacha [52]mar chuid den chreat airgeadais ilbhliantúil agus den Rialachán lena mbunaítear eu-LISA[53].

Laistigh den Choimisiún is í AS HOME an Ard-Stiúrthóireacht atá freagrach as EURODAC a bhunú.

iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú). IO L 180, 29.6.2013, lch. 31.

50 COM(2016) 197 final.

51 COM (2016) 205 final

52 Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 574/2007/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143

53 Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Airteagal 1.3 "Féadfar freagracht a chur ar an nGníomhaireacht freisin as ullmhú, forbairt agus bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF seachas na córais sin dá dtagraítear i mír 2 i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais i gcás dá bhforáiltear amhlaidh le hionstraimí reachtacha ábhartha..."IO L 286 1.11.2011 lch. 1–17

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse theoranta**

– ☐Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2017 go 2020,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[54]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☒comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 208 agus 209;

☐comhlachtaí dlí poiblí;

☐comhlachtaí a rialaíonn an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐comhlachtaí a rialaíonn dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Teideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as bainistíocht fhoriomlán na gníomhaíochta agus is é eu-LISA a bheidh freagrach as an gcóras a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil.

[54] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déantar foráil in Airteagal 40 den togra maidir leis na rialacha maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras EURODAC:

Tuarascáil bhliantúil: faireachán agus meastóireacht

1. Cuirfidh eu-LISA tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Lárchórais, lena n-áirítear feidhmiú teicniúil agus slándáil, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle, faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Beidh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil maidir le bainistíocht agus feidhmíocht EURODAC i gcoinne táscairí cainníochtúla réamhshainithe na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 2.

2. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an Lárchórais de réir a chuspóirí, maidir le haschur, costéifeachtacht agus caighdeán seirbhíse.

3. Chun críocha cothabhála teicniúla, tuairisciú agus staitisticí, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála a dhéanfar sa Lárchóras.

3 a. Faoi 2020, déanfaidh eu-LISA staidéar ar a indéanta atá sé bogearraí aitheanta aghaidhe a chur leis an Lárchóras chun críocha sonraí íomhá aghaidhe a chur i gcomparáid le chéile. Leis an staidéar déanfar iontaofacht agus cruinneas na dtorthaí a fuarthas ó bhogearraí aitheanta aghaidhe agus déanfar aon mholtaí is gá sula dtabharfar teicneolaíocht aitheanta aghaidhe isteach sa Lárchóras.

4. Faoin XX/XX/XX agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar EURODAC le chéile, ina mbeidh scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspóirí a bhí ann, agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear ar lean idirdhealú indíreach in aghaidh daoine a chumhdaítear leis an Rialachán seo as rochtain lucht forghníomhaithe dlí, agus measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunréasúnaíochta, agus ar aon impleachtaí d'oibríochtaí amach anseo agus cuirfear aon mholtaí is gá ann. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

5. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil do eu-LISA agus don Choimisiún chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a dhréachtú.

6. Soláthróidh eu-LISA, na Ballstáit agus Europol don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na tuarascálacha meastóireachta dá dtagraítear i mír 4 a dhréachtú. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin aon mhodh oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh inti ina nochtfar foinsí, céannacht baill foirne nó imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.

7. Agus forálacha an dlí náisiúnta maidir le foilsiú faisnéise íogaire á n-urramú, déanfaidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir le héifeachtacht chomparáid na sonraí méarlorg le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí, ina mbeidh faisnéis agus staitisticí faoi:

— cad go baileach is cuspóir don chomparáid, lena n-áirítear an cineál ciona sceimhlitheoireachta nó an cineál ciona thromchúisigh choiriúil,

— na forais a luaitear le hamhras réasúnach,

— na forais réasúnacha a luaitear le gan comparáid a dhéanamh le Ballstáit eile faoi Chinneadh 2008/615/JHA i gcomhréir le hAirteagal 20(1) den Rialachán seo,

— líon na n-iarrataí ar chomparáid a dhéanamh,

— líon agus cineál na gcásanna ina rabhthas in ann sainaithint a dhéanamh, agus

— eolas faoin ngá agus faoin úsáid a baineadh as an gcás práinne eisceachtúil, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an bpráinn sin iontu san fhíorú *ex-post* a rinne an t-údarás fíoraithe.

Tarchuirfear tuarascálacha Ballstát agus tuarascálacha Europol chuig an gCoimisiún roimh an 30 Meitheamh den bhliain ina dhiaidh sin.

8. Ar bhonn thuarascálacha bliantúla na mBallstát agus Europol dá bhforáiltear i mír 7 agus sa bhreis ar an meastóireacht fhoriomlán dá bhforáiltear i mír 4, tiomsóidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar rochtain lucht forghníomhaithe dlí ar Eurodac agus tarchuirfidh sé í chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

Sainaithníodh na rioscaí seo a leanas:

1) Deacrachtaí do eu-LISA forbairt an chórais sin a bhainistiú i gcomhthreo le forbairt a bhaineann le córais eile atá níos casta (Córas Isteach/Amach, AFIS do SIS II, VIS,....) a bhíonn ar siúl le linn na tréimhse ama céanna.

2) Ní mór an Eurodac uasghrádaithe a chomhtháthú leis na córais náisiúnta TF agus ní mór iad sin a ailíniú leis na riachtanais lárnacha. D'fhéadfadh an t-idirphlé a dhéanfar leis na Ballstáit d'fhonn aonfhoirmeacht in úsáid an chórais a áirithiú moill a chur ar an bhforbairt.

2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe

Cuirtear cuntais na Gníomhaireachta faoi bhráid na Cúirte Iniúchóirí lena bhformheas, agus beidh siad faoi réir an nós imeachta urscaoilte. Déanfaidh Seirbhís an Choimisiúin um Iniúchóireacht Inmheánach a cuid iniúchtaí féin i gcomhar le hiniúchóir inmheánach na Gníomhaireachta.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Tá na bearta dá bhforáiltear chun calaois a chomhrac leagtha síos in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ina ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

1. Chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. Aontóidh an Ghníomhaireacht don Chomhaontú Idir-Institiúideach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus eiseoidh sí, gan mhoill, na forálacha iomchuí is infheidhme maidir le fostaithe uile na Gníomhaireachta.

3. Leagfar síos go sainráite sna cinntí maidir le maoiniú agus maidir leis na comhaontuithe cur chun feidhme agus na hionstraimí cur chun feidhme a thagann astu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, más gá, ar fhaighteoirí maoinithe ón nGníomhaireacht agus ar na gníomhairí atá freagrach as an maoiniú sin a leithdháileadh.

I gcomhréir leis an bhforáil sin, an 28 Meitheamh 2012 glacadh Cinneadh Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha i ndáil le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc a dhéanfadh dochar do leasanna an Aontais.

Beidh feidhm ag straitéis AS HOME chun calaois a chosc agus a bhrath.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachas	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 3 - Slándáil agus Saoránacht	LD/LN[55].	ó thíortha de chuid CSTE[56]	ó thíortha is iarrthóirí[57]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
3	18.03.03 – an bunachar sonraí méarlorg Eorpach (Eurodac)	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
3	18.0207 – An Ghníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas mórscála TF i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais (eu-LISA)	LD	NÍL	NÍL	TÁ*	NÍL

*Faigheann eu-LISA ranníocaíochtaí ó na tíortha a bhfuil comhlachas acu le Comhaontú Schengen (NO, IS, CH, LI)

[55] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[56] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[57] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	3	Slándáil agus Saoránacht

eu-LISA			Bliain **2017**[58]	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
Teideal 1: Caiteachas foirne	Gealltanais	(1)	0,268	0,268	0,268	0,268				**1,072**
	Íocaíochtaí	(2)	0,268	0,268	0,268	0,268				**1,072**
Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil	Gealltanais	(1a)	0	0	0	0				**0**
	Íocaíochtaí	(2 a)	0	0	0	0				**0**
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil*	Gealltanais	(3 a)	11,330	11,870	5,600	0				**28,800**
	Íocaíochtaí	(3b)	7,931	8,309	3,920	8,640				**28,800**
IOMLÁN leithreasuithe **faoi chomhair eu-LISA**	Gealltanais	=1+1a +3a	11,598	12,138	5,868	0,268				**29,872**
	Íocaíochtaí	=2+2a +3b	8,199	8,577	4,188	8,908				**29,872**

*Sa mheasúnú tionchair a rinne eu-LISA, tá réamhaisnéis go mbeidh méadú leanúnach ar na rátaí tráchta mar a bhí i míonna deireanacha 2015 sular dúnadh an teorainn feadh bhealach na mBalcán Thiar.

Tá na costais a d'fhéadfadh bheith ar uasghráduithe DubliNet agus ar oibriú an chórais san áireamh in iomlán Theideal 3.

[58] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	**5**	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: Imirce agus Gnóthaí Baile									
• Acmhainní daonna		0,402	0,402	0,402	0,402				**1,608**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS um Imirce agus Gnóthaí Baile	Leithreasuithe	0,402	0,402	0,402	0,402				**1,608**

IOMLÁN leithreasuithe **do CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)	0,402	0,402	0,402	0,402				**1,608**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2017**[59]	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe **faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	12,000	12,540	6,270	0,670				**31,480**
	Íocaíochtaí	8,601	8,979	4,590	9,310				**31,480**

[59] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Ni bhaineann aon chostais le Europol os rud é go bhfaigheann Europol rochtain ar Eurodac trí Chomhéadan Náisiúnta na hÍsiltíre d'Eurodac.

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA

– ☐Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Bliain **2017**		Bliain **2018**		Bliain **2019**		Bliain **2020**		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						**IOMLÁN**	
			ASCHUIR															
	Saghas[60]	Meánch ostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
Cuspóir Sonrach Uimh. 1:[61] Córas feidhmiúil Eurodac a fhorbairt																		
Aschur	Conraitheoir*			0,130		0,670		0		0								0,800
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1				0,130		0,670		0		0								0,800
Cuspóir Sonrach Uimh. 2 Acmhainn bhunachar sonraí Eurodac a uasghrádú																		
Aschur	Crua-earraí, Bogearraí **			11,200		11,200		5,600		0								28,000
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2				11,200		11,200		5,600		0								28,000

60 Tá aschuir earraí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

61 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí/Cuspóirí sonracha...'

COSTAS IOMLÁN		11,330		11,870		5,600		0								28,800

* Roinntear costais chonarthacha uile na nuashonruithe feidhmeacha idir an chéad dhá bhliain agus íoctar an chuid is mó sa dara bliain (tar éis a nglactha)

** Roinntear na híocaíochtaí acmhainne idir na trí bliana de réir an chóimheasa 40%, 40%, 20%

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh acmhainní daonna eu-LISA

3.2.3.1. Achoimre

– ☐Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2017**[62]	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
Oifigigh (Gráid AD)	0,268	0,268	0,268	0,268				**1,072**
Oifigigh (Gráid AST)								
Baill foirne ar conradh								
Baill foirne shealadacha								
Saineolaithe náisiúnta ar iasacht								
IOMLÁN	0,268	0,268	0,268	0,268				**1,072**

An tionchar a mheastar a bheidh ar an bhfoireann(FTE breise) – plean bunaíochta eu-LISA

Poist (plean bunaíochta)	**2017**	**2018**	**2019**	**2020**
Bonnlíne - Cumarsáid[63]	115	113	113	113
Poist bhreise	2	2	2	2
Poist bhreise EES	14	14	14	14
Iomlán	131	129	129	129

62 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

63 COM(2013) 519 final: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le clársceidealú acmhainní daonna agus airgeadais do ghníomhaireachtaí dílárathe 2014-2020.

Tá sé beartaithe foireann a earcú in Eanáir 2017. Ní mór fáil a bheith ar gach ball foirne go luath in 2017 le gur féidir an fhorbairt a thosú in am is i dtráth d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh Eurodac i bhfeidhm in 2017. Beidh an bheirt Ghníomhairí Shealadacha ag teastáil chun freastal ní amháin ar riachtanais chur chun feidhme an tionscadail ach le haghaidh taca agus cothabháil oibríochtúil tar éis tosú don táirgeadh. Úsáidfear na hacmhainní sin chun:

- Tacú le cur chun feidhme an tionscadail ina gcáil mar bhaill foirne, lena n-áirítear gníomhachtaí amhail: Riachtanais agus sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú, comhoibriú agus tacú leis na Ballstáit le linn an chur chun feidhme an Doiciméad um Rialáil Comhéadain a nuashonrú, obair leantach a dhéanamh ar sheachadtaí conarthacha, gníomhaíochtaí tástála tionscadail a dhéanamh (lena n-áirítear tástáil sna Ballstáit a chomhordú), doiciméadacht a sheachadadh agus nuashonruithe etc.
- Tacú le gníomhaíochtaí aistrithe chun an córas a chur ag feidhmiú i gcomhar leis an gconraitheoir (athleanúint iar-eisiúna, próisis oibríochtúla a nuashonrú, gníomhaíochtaí oiliúna (lena n-airítear gníomhaíochtaí oiliúna na mBallstát) etc.
- Tacú le gníomhaíochtaí fadtéarmacha, sonraíochtaí a shainmhíniú, ullmhúcháin chonarthacha i gcás inar gá an córas a athstruchtúrú (e.g. de bharr Aithint íomhánna a thabhairt isteach) nó i gcás inar gá an Conradh um Eurodac a Choinneáil in Ord Oibre a leasú chun athruithe breise a chumhdach (ón taobh teicniúil agus buiséadach de)
- Chun an tacaíocht den dara leibhéal a fhorfheidhmiú tar éis teacht i bhfeidhm, le linn cothabháil leanúnach agus oibríochtaí leanúnacha.

Ní mór a thabhairt ar aird go mbeidh na hacmhainní daonna (coibhéis bheirt ghníomhairí lánaimseartha) nua ag gníomhú de bhreis ar acmhainní na foirne inmheánaí, a úsáidfear freisin le haghaidh na ngníomhaíochtaí tionscadail/conarthach agus obair airgeadais leantach/gníomhaíochtaí oibríochtúla. Le húsáid na ngníomhairí sealadacha forálfar do chonarthaí a bheidh fada agus leanúnach go leor chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun leas a bhaint as na speisialtóirí céanna le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla tar éis an tionscadal a thabhairt chun críche. De bhreis air sin ní mór rochtain a chur ar fáil ar thimpeallacht táirgíochta do ghníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla de bhrí nach féidir na gníomhaíochtaí sin a shannadh do chonraitheoirí nó d'fhoireann sheachtrach.

3.2.3.2. Na riachtanais acmhainní daonna a mheastar a bheidh ag an máthair-Ard-Stiúrthóireacht

– ☐Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)

	Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
• **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)**								
18 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0,402	0,402	0,402	0,402				1,608

XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)									
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)									
10 01 05 01 (Taighde díreach)									
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis aonaid lánaimseartha (FTE): FTE)[64]									
XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch)									
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna Toscaireachtaí)									
XX 01 04 ***bb***[65]	- sa Cheanncheathrú[66]								
	- toscaireachtaí								
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach)									
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach)									
Línte buiséid eile (sonraigh)									
IOMLÁN		0,402	0,402	0,402	0,402				1,608

Is é **18** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Cúraimí éagsúla i dtaca le Eurodac e.g. i gcomhthéacs thuairim an Choimisiúin ar an gclár oibre bliantúil agus ar an bhfaireachán ar a chur chun feidhme, maoirseacht a dhéanamh ar bhuiséad na Gníomhaireachta a ullmhú agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme, cuidiú leis an nGníomhaireacht a cuid gníomhaíochta a fhorbairt i gcomhréir le beartais an Aontais trí pháirt a ghlacadh i gcruinnithe saineolaithe etc.
Pearsanra seachtrach	

64 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

65 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

66 I dtaca leis na Cistí Struchtúracha, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Ciste Eorpach Iascaigh (CEI) den chuid is mó.

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair FTE (coibhéis lánaimseartha) a bheith ar áireamh i roinn 3 d'Iarscríbhinn V.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– ☒Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha. ☐Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

– ☐Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[67].

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

– ☒ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú ó thríú páirtithe.

– ☐Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

[67] Féach Airteagal 11 agus Airteagal 17 de Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☒ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[68]						
		Bliain **2017**	Bliain **2018**	Bliain **2019**	Bliain **2020**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….		0,492	0,516	0,243	0,536			

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

Áireofar sa bhuiséad ranníocaíocht ó thíortha a bhfuil baint acu leis na bearta a bhaineann le Eurodac, mar atá leagtha síos sna comhaontuithe faoi seach*. Is de chineál táscach amháin atá na meastacháin a thugtar agus tá siad bunaithe ar ríomhanna a rinneadh le déanaí i ndáil le hioncam do chur chun feidhme chóras Eurodac ó na Stáit a ranníocann suim bhliantúil don bhliain airgeadais ábhartha faoi láthair isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (íocaíochtaí atá caite), arna ríomh i gcomhréir le holltáirgeacht intíre Ballstáit amháin mar chéatadán d'olltáirgeacht intíre na Stát rannpháirteach uile. Tá an ríomh bunaithe ar fhigiúirí Mheitheamh 2015 ó EUROSTAT a bhíonn an-mhalartach ag brath ar staid eacnamaíoch na Stát atá rannpháirteach.

*Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann a scrúdú arna taisceadh i mBallstát nó san Íoslainn nó san Iorua, (IO L 93, 3.4.2001, lch 40).

Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé an stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann arna thaisceadh i mBallstát nó san Eilvéis a scrúdú, (IO L 53, 27.2.2008, lch 5).

Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le comhlachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i ndáil leis na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu stát atá freagrach as iarraidh thearmainn arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis a scrúdú, (IO L 160 18.6.2011 lch. 39)

Prótacal idir an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu stát atá freagrach as iarraidh thearmainn a scrúdú arna taisceadh i mBallstát nó san Eilvéis (2006/0257 CNS, arna chur i gcrích an 24.10.2008, foilsiú san IO ar feitheamh) agus Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal, Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis na critéir agus na meicníochtaí lena gcinntear cé acu an stát atá freagrach as iarraidh thearmainn a scrúdú arna taisceadh i mBallstát, san Íoslainn nó san Iorua (IO L 93, 3.4.2001).

[68] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.